# Plean Comhtháite Imlíne don Ghaeltacht

## *'Gaeltacht Glas' -Anois an t-Am*



*'Bád Eddie' – Gaoth Dobhair*


**Aibreán 2024**

# CLÁR


| | | Page |
|---|---|---|
| **I** | **Réamhrá** | |
| | Cúlra | 1 |
| | An Dúshlán agus an Deis | 2 |
| | Dearadh an chnoic oighir | 3 |
| **II** | **Achoimre na Moltaí** | 5 |
| **III** | **Athrú Stádais** | |
| | An Fhírinne a insint | 7 |
| | Comhthéacs na Gaeltachta - athruite ó bhonn | 8 |
| | Ag cruthú Shainordú Teanga | |
| | Comhrá Náisiunta | 10 |
| | Árdú stádais sa Rialtas | |
| **IV** | **Fís Fhorásach - Paraidím Nua** | 13 |
| **V** | **Cur-chuige Nua** | 15 |
| | Cur-chuige éiceachórais | 16 |
| | Eiseamláir maidir le bealaí nua oibre | |
| | Moltaí faoi cur-chuige nua | 18 |
| **VI** | **An Óige & an Oideachas** | 20 |
| **VII** | **Athnuachan Institiúdach** | 22 |
| **VIII** | **Beartais a bhfuil gá leo** | 24 |

**IARSCRÍBHINN**

| | | |
|---|---|---|
| **I** | Tuarascál ar **phróiseas éisteachta** leis an nGaeltacht | 27 |
| **II** | Tuarascál faoi **siompóisiam ar line** faoi todhchaí na Gaeltachta | 47 |
| **III** | **Moltaí ó sraith cainteanna faoin nGaeltacht – Teacht Aniar** | 63 |
| **IV** | **Teacht Aniar na Gaeltacthta –** comhrá ar line le Teacht Aniar | 70 |
| **V** | Moltaí faoi **Catagóirí Gaeltachta** | 78 |
| **VI** | Moltaí faoi **Comhrá Náisiunta 2022** | 81 |
| **VII** | Moltaí faoi **Scéim nua Labhairt na Gaeilge** | 93 |
| **VIII** | Moltaí faoi **Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh** | 98 |
| **IX** | Moltaí faoi **Leasú Acht na Gaeltachta 2012** | 100 |
| **X** | Moltaí faoi **Seirbhísí Stáit sa Ghaeltacht** | 104 |
| **XI** | Moltaí faoi **Bórd Oideachais Gaeltachta** | 107 |



# I RÉAMHRÁ

## Cúlra

*"Tá géarchéim (Ghaeltachta) ann, níl aon dabht faoi sin. Caithfidh an rialtas gach tacaíocht a thabhairt. Níl aon dabht gur féidir linn é seo a dhéanamh. Tá mise ag iarraidh an chabhair sin agus an suíomh sin a iompú bunoscionn ionas go mbeadh an Ghaeilge i bhfad níos láidre agus í á neartú sa Ghaeltacht."*

***An tAire Stáit, Thomas Byrne – Tuairisc, 10 Aibreán 2014***

De réir cosulachta seo é an céad uair go bhfuil géarchéim Ghaeltachta aitheanta go hoifigúil. Ní mór feidhmiú dá réir mar atá ráite ag an tAire Stáite. Chuirtear an plean imlíneach thíos i láthair mar ábhar machnaimh do cur chuige nua Ghaeltactha. Tá an plean ag tógáil ar obair atá déanta ag gníomhaithe Gaeltachta, ag an eagraíocht Teacht Aniar agus ag Coláiste Ealaíne Bhoirne

Mar réamhobair do dhréachtadh an phleain glacadh go rachfaí i mbun phróisis éisteachta le pobal na Gaeltachta agus na húdaráis in earnáil na Gaeltachta ar bhonn straitéiseach, neodrach agus neamhpholaitiúil. Bunaithe ar sin agus siompóisiam cruthaitheach ina dhiaidh bheadh ábhar sa bhreis chun tabhairt faoin obair.

I ndáiríre tá ábhar shaibhir faoi staid reatha agus todhchaí na Gaeltachta ag eascairt ón bpróiseas sin agus ó sraith cainteanna a d'eagraigh Teacht Aniar:

- Tá tuarascál achoimre faoin bpróiseas éisteachta *'I dTreo Bláthú na Gaeltachta: Glórthaí ón gCuibhreann'* ar fáil ag **Iarscríbhinn I;**
- Tá torthaí an tSiompóisiam (ar line aimsir na Coivéide) ag **Iarscríbhinn II;**
- Moltaí ó sraith cainteanna a d'eagraigh Teacht Aniar 2021 ag **Iarscríbhinn III** agus
- Tuairisc faoi comhrá maidir le cur-chuige nua don Ghaeltacht a d'eagraigh Teacht Aniar ag **Iarscríbhinn IV**.

Tá tioncar na bpróiseas sin le feiceáil i léargais an phleain seo. I ndáiríre tá chuid mhaith den smaointeoireacht sa cháipéis bunaithe ar an tábhar thuas agus baintear usáid as an méid a

luadh sna comhráite - sonraithe le cló difriúil - chun pointí áraithe a léiriu. (Tá na moltaí sna h-Iarscríbhinní V - X bunaithe ar obair leanúnach an grúpa polasaí Gaeilge.)

## An Dúshlán agus an Deis

**An Dúshlán**: Tá an Gaeltacht ag dul i léig mar phobal teanga. Dearbhaíonn UNESCO go bhfuil an teanga 'i mbaol cinnte' – cé go bhfuil an stádas sin athraithe ó shin go dtí stádas 'leochaileach'. Tá easpa dóchais ag an bpobal. Mothaíonn said nach bhfuil fís faoi todhchaí na Gaeltacht ag an stát agus nach tosaíocht í an Gaeltacht don rialtas. A mhalairt, mhothaíonn said go bhfuil an státchóras ag aistriú freagrachta faoi bás na Gaeltachta chuig pobal na Gaeltachta.

Tá sé mar chuspóir sa Straitéis 20 Bliain don Gaeilge 2010 – 2030 **"an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú faoi 25%".** A mhalairt atá ag tarlú le tithim 11.2% laistigh de na chéad chúig bliana den straitéis. Ach is beag aitheantas poiblí a tugtar don creimeadh leanúnach i líon na gcainteoirí agus níl aon athrú straitéise a thabarfadh le fios go nglachtar go bhfuil géarchéim ann.

Is tuiscint bhunúsach na cáipéise seo nach bhfuil mórán ama fágtha chun dul i ngleich leis an dúshlán agus gur ceist náisiunta í ceist na Gaeltachta. Is geallsealbhóirí na hoidhreachta muid uile - ní féidir an fhreagracht a fhágáil faoi phobal na Gaeltachta amháin. Mar sin ní mór deis a thabhairt don glún seo, céad blian taréis bhunú an stáit, ceist na teanga agus na Gaeltachta - ceist bhunúsach faoina n-oidhreacht agus a bféiniulacht - a phlé.

Tá gá le fís don Gaeltacht a thugann le fios go bfeichtear don Stát go bhfuil todhchaí in ann dí. Ar ndoigh ní féidir don stát an gníomh a dhéanamh leis féin. Is é ról na stáit ná aeráid folláin a chruthú don Ghaeltacht inar féidir síolta na todhchaí bláthú. I dteannta le cur chuige 'ón mbarr anuas' tá gá le feidhmiú 'ón mbun aníos' trí cumasú pobail agus struchtúir dhaonlathacha. Tá cur chuige comh-cruthaithaíoch idir an Stát agus an pobal den riachtanas.

**An Deis**: Is bonn tuisceana na cáipéise seo comh maith ná go bhfuil cúinsí comhaimsire fábhrach do feachtas nua chun an Gaeltacht (agus an tír ar fad) a chur in oiriúint do ré nua. Tá an taoide ag casadh i dtreo na teanga sa Galltacht – de réir mar a bhogann an tír níos faide ó tráma an ghorta agus an bhochtanais agus le teacht na ninimirceach tá treisiu le braistin i bféin-mhuiníne an phobail agus san aitheantas do ról na teanga. Tá aire agus aire stáit Gaeltachta báiulá ann. Leis an t-athrú aeráide, an meath ar na mbithéagsúlacht, fás na meáin shoisialta, an cian-obair agus an intleacht shaorga, tá an cine daonna in am claochlaithe. Tá luachanna indibhidiúlacha an nua-liobrálachais á cheistiú. Tá na pairidím a bhí i réim ag athrú diadh ar ndiadh.

Sa comhthéacs seo is féidir an Gaeltacht, suite ar imeall na tíre, a ath-shamhlú mar imeall cruthaitheach – 'Gaeltacht Glas' le géilleagar bhunaithe ar fhoinsí nádurtha agus cian-obair, in a bfhuil cumhacht díláraithe, structúir daonlathacha rannpháirtíoch mar gnáth modh oibre, oideachas forásach, toscairí folláine mar slat tomhais srl. Le fís forásach don Gaeltacht agus na structúir chuí chun an phobal a shlógadh is féidir an taoide a chasadh.

**Prionsabail na hoibre:** Is é sainmhíniú an gealtacht ná na rudaí céanna a ath-dhéanamh agus a bheith ag súil le torthaí difriúla. Chialaíonn se sin go bhfuil gá le hathrú cur-chuige ag dul i mbun na hoibre seo (slánú na Gaeltachta). Mar bhun-chloch moltar go bfeictear an teanga mar chuid de ***éiceachóras sócaíoch*** agus timpeallachta in a bhfuil gach gné den saol, den stair agus den timpeallacht nasctha le chéile agus go bhfuil incur rannpháirtíoch ag an bpobal sna polasithe a bhaineann leo. Feidhmíonn an stát ar bhonn córasach i leith na Gaeltachta seachas trí bhithin polasaithe i mboscaí/sadhlanna nach bhfuil comhtháite. Tosaithear le fís forásach mar bhonn tuisceana agus feidhmítear dá réir. Glachtar le cur chuige comh-cruthaitheach, 'ón mbun aníos' i gcomhpáirt leis 'ón mbarr anuas'.

**Iomlánú de dhit ar fhís agus chur-chuige:** Feichtear go bhfuil ceisteanna físe, fealsúnachta, cur-chuige agus tiomantais i bfad níos tábhachtaí na ceistanna maoinaithe cé nach féidir maoiniú a fhágáil as an áireamh. Dushlán sistéimeach atá I gceist. Conas is féidir meon fadbhunaithe na rannpháirtithe a athmhúnlú agus éicearchóras follán Gaeltachta a cruthú?

Ta chuid mhaith de na moltaí sa phlean seo – bunaithe ar phroiseas éisteachta agus comhráite - dírithe ar na heilimintí agus na ceisteanna teibí seo. Ní chuirtear athruithe sistéimeacha i bfeidhm thar oiche agus is gá foghlaim ó thriail agus ó thurgnamh. Mar sin is moltaí imlíne atá i gceist den chuid is mó.

Beidh gá le coiste cur-chun-feidhme le tuilleadh phlé agus iomlánú a dhéanamh orthú. D'fheadfad eagraíochtaí mar An Comhailre Náisiunta Eachnamaíoch agus Shoisialta nó An Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta tabhairt faoi tuilleadh oibre a dhánamh. Feictear, comh maith, go bhfuil obair cruthaitheach deonach ar siúl cheanna féin sna réimsí seo agus gur féidir tógail ar seo chun bhealaí nua a aimsiú. Tá an obair seo thar a bheith tábhachtach – in ndeireadh na dála is gá gníomhú de réir na tuiscintí nua agus foghaim de réir taithí.

Comhthreomhar leis na moltaí sna réimsí teibí de, tá roinnt beartais coincréideacha forbartha cheanna féin ag an gnrúpa polasaí Gaeilge agus déantar iomlánú orthu in iarscríbhinní V – X.

**Nóta faoi 'Galltacht'**: San insint thíos baintear usáid as an téarma Galltacht ó am go chéile leis an ciall 'ait a labhraítear Béarla' chun idirdhealú a dhéanamh idir an Gaeltacht agus an chuid eile den tír, cé go bhfuil bríanna eile leis an bfocal Galltacht go stairiúil. Mar sin féin is téarma usáideach é chun an idirdhealú a dhéanamh go gonta.

## Dearadh an Chnoic Oighir

Baintear feidhm as múnla córasach an chnoic oighir mar fráma don phlean seo. Is é sin le rá, ar an gcéad dul síos, gur gá breathnú ar an nGaeltacht mar chóras ina bhfuil gach gné i dtuilleamaí ar gach gné eile – ní féidir an teanga a scaradh ó gnéithe eile de shaol an phobail, an stair agus an timpeallacht san áireamh


Ina theannta sin, de réir theoiric shochaíoch an chnoic oighir, glachtar go gcomhfhreagraíonn an deich faoin gcéad den chnoc oighir atá ós cionn an uisce do leibhéal na siomptóim nó na rudaí atá le feiceáil sa sochaí. Faoi bhun an uisce tá an nócha faoin

gcéad den chnoch oighir atá dofheichte - leibhéal na patrúin iompair, na treochtaí, na struchtúir agus, ag an leibhéal is bunúsaí, na luachanna agus na paraidíme nó na boinn tuisceana ar an saol as a n-eascraíonn gach rud eile sa sochaí. Mar sin ní mór breathnú ar an nócha faoin gcéad den chóras atá ag feidhmiú faoi bhun an uisce i gcomhar leis an deich faoin gcéad ós cionn an uise chun an sochaí a thuiscint agus moltaí cuí a dhéanamh faoi.

Tosnaíonn an phlean seo ag leibhéal na paraidíme - ag leibhéal na mbonn tuisceana, na gcreideamh agus na luachanna atá ag daoine. Is é seo an gné is tabhachtaí mar go gchoiníonn sé an córas ag feidhmiú mar atá sé agus is ag an leibhéal seo ata an cumas athraithe is cumhachtaí. Ina dhiadh sin díreofar ar:

- Fís fhorásach;
- Cur chuige nua;
- An Óige;
- Athnuachan institiúdach;
- Na beartais a bhfuil gá leo agus
- Cur-i-gcrích na moltaí.

Déantar aithris ó am go chéile ar na moltaí céanna i gcomhthéacsanna difriúla.



# II Achoimre na Moltaí

## An Fhírinne a insint

- Ní mór an fhírinne a insint faoi géarchéim na Gaeltachta mar phobal urlabhra teanga chun bunsraith réalaíoch a chur faoin gcur-chuige nua;
- Is gá teorainneacha réalaíocha na Gaeltachta a athshainiú (Iarscríbhinn v);
- Bíodh beartais an rialtais i leith na Gaeltachta fianaise-bhunaite.

## Árdú Stádais

- Eagraítear comhrá náisiunta faoin teanga i 2024 ag comóradh céad bhliain ar bhunú an Stáit le stádas na teanga a shoiléiriú (Iarscríbhinn vi);
- Tugtar árdú stádais don Ghaeltacht sa córas rialtais;
- Cuirtear múineadh na teanga san áireamh mar téarma tagartha don comhdhál saoránach um oideachais atá beartaithe í 2024.

## Cur-chuige Nua

- Chóirítear fís fhorásach don Ghaeltacht ag fógairt athrú paraidíme bunaithe ar fhealsúnacht éiceolaíoch na Gaeltachta Glas;
- Feidhmítear de réir cur-chuige éiceachórasach ag léibheal an státchórais agus an phobail ag aithint go bhfuil an teanga fite fúite le gach gné de sochaí agus timpleallacht na Gaeltachta.

## Daonlathas Rannpháirteach & Cumasú Pobail

- Reachtáiltear go mbeadh bord tofa agus leathnú cumhacta ag an Údarás (Iarscribhínn ix);
- Tugtar tosaíocht leanúnach do chumasú pobail trí tacú córasach le héascaitheoireacht ghairmiúil san earnál agus bunaítrar fóram comhráithe idir na hudaráis agus an phobal chun aer folláin a cuthú;
- Déantar infheistiú i nghairmiú na hearnála trí ainilís riachtanais agus maoiniú OEG chun freastal ar na heasnaimh.

## Forbairt Comtháite

- Tugtar tacaíocht don fhorbairt comhtháite phobail trí gréasán foghlamha a cruthú chun dea-chleachtas a roinnt;
- Cuirtear structúir comhthátú ar fáil don pleanál teanga – ag léibéal na ranna stáit agus ar an dtalamh idir na CPT's agus an córas oideachais.

## An Óige mar Thosaíocht

- Tugtar tús áite do forbairt fhorásach an óige: ag maoiniú clár idir-bhliain 'Teacht in Inmhe' (á fhorbairt ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Teacht Aniar) agus á leathnú go dtí an timthrial sóisearach;
- Tugtar tacaíocht do fhorbairt fhéiniulacht 'Gaeltacht Glas' atá faoi caibdil ag an Údarás;
- Tacaítear le 'BEACONS na Gaeltachta' (faoí scáth na comhairle múinteoireachta) chun smaointeoireacht óige agus pobal na Gaeltachta faoin gcóras oideachas a aimsiú agus chun teacht ar a dtuairimú faoi BOO na Gaeltachta (déanta í 2023);
- Búnaítear scéim athchóirithe 'Labhairt na Gaeilge' (Iarscríbhinn vii);
- Bhunaírear Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh Gaeltachta (Iarscríbhinn viii).

## Seirbhísí trí Gaeilge


- Chuirtear seirbhísí trí Gaeilge ar fáil do phobal na Gaeltachta mar bhunchloch do cur-chuige nua (Iarscríbhinn x).

## Athnuachan Institiúdach

- Déantar athbhreithniú ar Acht na Gaeltachta 2012 ní hamháin ó thaobh daonlathas an bhoird, ach maidir le feidhmeann/cumhachtaí an Údaráis i réimsí mar tithíocht Gaeltachta agus choinníollacha teanga ceangailte le cúrsai fostaíochta;
- Déantar athbheithniú ar ról RnG mar radio phobail ag druidim le comoradh leath-chéad bhliain ar an saol agus i bfianaise borradh na meáin shoisialta agus na teichneolaíochta fáisnéise;
- Déantar BOO na Gaeltachta a bhunú chun cur chuige córasch agus forásach a éascú don oideachas Gaeltachta (Iarscríbhinn xi).

## Coiste cur chun feidhme

- Bunaítear coiste cur-chun-fheidhme chun iomlánú a dheanamh ar na moltaí sa phean seo agus tabhairt faoina gcur i bfeidhm;
- Déantar athchoiriú agus ath-snámh 'bád Eddie' i nGaoth Dobhair mar siombal faoi stopadh chreimeadh na Gaeltachta.



## III:  Leibhéal na bParaidím – Athrú Stádais

### Bás na Gaeltachta – Tuar féin-comhliontach nó Dúshlán Tola

Is é an insint faoin nGaeltacht go bhfuil sí ag saothrú ar leabha an bháis mar phobal urlabhra teanga.  Is léir ón bfochlaíocht 'plean éigeandál tarrthála' thuas go bhfuil géarchéim i gceist. Ag an am céanna is annamh a admhaítear san dioscúrsa pholaitiúl poiblí gurbh amhlaidh atá cúrsaí cé go bhfuil an teanga tréithrithe mar 'i mbaol cinnte' ag UNESCO, is é sin le rá nach bfhoghlaimíonn leanaí an teaga mar mháthairtheanga sa bhaile a thuilleadh.

I ndáiríre tá cur i gcéill faoi staid na Gaeltachta go forleathan sa tír, rud a chíalaíonn bfhéidir nach mian leis an rialtas ná leis an bpobal an fhírinne a admháil, go bhfuilimid ag cailliúint tobar na teanga.  Ar ndoigh bheadh cinntí le déanamh dá nglachfaí gur amhlaid atá an scéal. Ar an dtaobh eile de deirtear gur tuar féin-comhlíonta é bás na teanga – cad chuige aon rud a dhéanamh faoí má tá an cluiche caillte?

**Moladh – an fhírinne a insint**: Cad is gá a dhéanamh mar sin?  Is é an príomh riachtanas ná an fhírinne a insint.

- **Géarchéim a admháil**: Níl ach timpeall fiche dó mile duine sa Gaeltacht ag labhairt na teanga go laethiúil cé go bhfuil ós cionn nócha míle duine ina gcónaí taobh istigh de theorannacah na Gaeltachta mar a shainmhínitear go hoifigiúil í.  I ndáiríre tá an pobal dátheangach agus tá an Béarla in uachtar san iomlán.  Mar sin ní mór a rá go soiléir go bhfuil géarchéim Gaeltachta i gceist agus nach bhfuil mórán ama fágtha chun dul i ngleich leis;
- **Teorainneacha réalaíocha a athshainiú:** *'Tá díluacháil déanta ar an téarma 'Gaeltacht' ós rud é nach bhfuil réalaíocht ag baint le teorainneacha na Gaeltachta a thuilleadh.  Tá géargá athshainiú a dhéanamh ar na teorainneacha'* faoi mar atá molta san Staidéar Chumisitheach Teangeolaíoch.  Tá iomlánú ar seo 'sna moltaí atá leagtha amach in **Iarscríbhinn V** atá ar aon dul leis na moltaí san Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: *"Glacann an Rialtas tríd is tríd le treo ghinearálta na moltaí sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht maidir le stádas na Gaeltachta a bheith bunaithe ar chritéir teanga.  Tabharfar stádas reachtúil dó sin trí Acht Gaeltachta nua."*

- **Aithint Bhainistiú an dul í léig**: Ós rud é go bhfuil an Gaeltacht ag saothrú ar leabha an bháis ba chóir a aithint gurbh é polasaí intuigthe an stáit ná bainistiú an dul i léig. Ní haon cáineadh ar an státchóras é seo. Bíonn an córas pholataíochta ag braith ar comhdhearcadh idé-eolaíoch agus tacaíocht an phobail chun beartais a chur i beidhm. Mar sin féin tá sé tabhachtach réalaíocht na ceiste a admháil - gurbh é bainistiú an dul i léig atá i gceist maidir le pholasaithe an Stáit i leith na Gaeltachta.
- **Pleanáil Fianaise-bunaithe**: Ag athrá na moltaí thuas i bfocal eile tá sé den riachtanas go mbeadh beartais an stáit i leith na Gaeltachta fianaise-bhunaithe.

An chéad chéim mar sin ná an fhírinne lom a insint faoin staid na Gaeltachta. Ag seasamh ar bunsraith an fhírinne agus ag glacadh go bhfuil staid na Gaeltachta comh práinneach is atá sé, an féidir an creimeadh a stopadh – agus an taoide a casadh? Is é freagra sealadach na cáipéise seo ná gur féidir.

Cosúil leis an athrú aeráide níl aon cinnteacht go ndeinfear an gníomh ach le rochtain ar uacht, samhlaíocht agus duthracht tá gach rud indéanta. An ceist bhunúach atá le freagairt ná an féidir toil náisiunta agus Gaeltachta a aimsiú agus a gníomhachtú trí cur-chuige nua comhcruthaitheach?

## Comhthéacs na Gaeltachta - athruite o bhonn

Maraon le mór cheisteanna ár linne ní mór breathnú ar ceist na Gaeltachta go córasach chun í a thuiscint. Ní féidir í a shamhlú a thuilleadh amhail is gur forchoimeadas atá ann – áit inar féidir an traisiún Gaelach agus an teanga a choinneál beo ar son na tíre, inslithe ó cúinsí an domhain mhóir.

I ré an fordhomhandú agus na meáin soiasialta tá an Gaeltacht maraon leis an Galltacht ag feidhmiú i sruth teangeolaiochta an Bhéarla agus faoi thioncar fhealsúnacht nualiobrálach a chuireann an bhéim ar an indibhidiúlacht agus luachanna bunaithe ar phraigheas an mhairgaidh. Tá dushláin an athraithe aeráide, an creimeadh ar an mbitéasúlacht agus an paindéim ag bagairt ar phobal na Gaeltachta díreacht mar atá siad ag bagairt ar gach phobal ar domhan.

Ar ndoigh tá na féidearthachtaí a gabhann leis an leathan-bhanda, an cian-obair, an intleacht shaorga agus na meáin soisíalta ar fáil don Gaeltacht comh maith.

Mar sin, cé is muite den teanga agus an tradisiún a gabhann leis, *'tá muintir na Gaeltachta cosúil le gach pobal eile sa tír – ag iarraidh marachtáil agus a bheith shona. Tá na rudaí céanna uainn is atá ó gach pobal eile cosúil le Tamhlacht – gnáth daoine muid. Ó thaobh na hinmharthaine de is titíocht, fostaíocht and caitheamh aimsire atá ag teastáil. Is rud sa bhreis í an teanga, rud fiachmhar saibhir atá le caomhnú.'*

I ré an nualiobralachais cén luach é an teanga agus an phobal a iompraíonn í, sa meastachán luacha an mhairgidh?

## Ag cruthú Shainordú Teanga

*'Ní mairfid an Gaeltacht gan stádas náisiunta don teanga agus ní mhairfid an teanga gan an Gaeltacht.'*

**Stádas na Teanga trí Shúile an Phobail**: Trí shúile phobal na Gaeltachta níl ceist na teanga tabhachtach ar cloch phaidrín na bpolaiteóirí – tá sé ar nós 'cuma liom. Dár leo nach gcreideann an státchóras i dtodhchaí na teanga agus go bhfuil siad ag ciceál an canna síos an bothar ar feadh seacht mbliana eile leis an bpleanál teanga. *'Is amhlaidh nach bhfuil aiteantas cultúrtha ag gabháil leis an teanga agus go mbreathnaítear ar an nGaeltacht mar forchoiméadas. Cén ionadh nach bhfuil misneach ná muinín astú féin ag chuid mhait den phobal.'*

Feictear go bhfuil an Gaeltacht 'ar imeall an imill' - faoi smacht an Údaráis, an tÚdarás faoi smach na Roinne agus an earnáil ina iomláine imeallaithe san státchóras. *'Tá structúr maoinaithe pobail 100% faoi smacht ag ÚnG agus an Roinn. Tá a fhios ag cách nach féidir tada a rá. Tá na heagrais ag freastal ar leas an Stáit seachas riachtanais an phobail. Tá an Roinn ag feidhmiú don córas ós a gcionn (DPER) seachas don córas fúthu. Tá easpa cumhachta ag an Údaráis, easpa daonlathas le himeacht bórd tofa agus cumacht caillte ag na coistí pobail.'*

Ag an am céanna is léir go *'mbraitheann todhchaí na teanga sa Ghaeltacht ar stádas na teanga go náisiunta agus go bhfuil gá a shoiléiriú go mbaineann an teanga le gach éinne – gur geallsealbhóirí muid uile san oidhreacht.'* Mar sin tá bearna mór le líonadh idir stádas na teanga go náisiunta agus an chaoi a chaitear le pobal teanga na Gaeltachta ar thaobh amháin agus an stádas agus an tiomantas atá ag teastáil do shlánú na Gaeltachta ar an dtaobh eile.

**An Taoide ag casadh**: Ní dócha go nglacfadh an stát leis an insint thuas faoi stádas na teanga ina hiomláine, go háirithe i bhfianaise an airgid a chaitear ar an teanga agus ar an nGaeltacht. Mar sin féin feictear go raibh cúlu leanúnach á léiriú ag an stát ón tacaíocht a bhi sí a thabhairt maidir le hathréimniú na teanga ó na seachtóidí ar aghaidh. I ndáiríre ní feidir a shéanadh go bhfuil an ceart achu siud a mhaíonn go bhfuil an stát ag bainistiú dul i léig na Gaeltachta. Cé nach é sin an aidhm comhfhiosach, sin é an cás fíorasach.

Ar ndoigh bíonn brú ar an rialtas, an fhreasúra agus an státchóras feidhmiú taobh istigh de 'zón na sábháilteachta' bunaithe ar comhdhearcadh idé-eolaíoch an phobail i leith na teanga agus na Gaeltachta. Ar feadh na blianta bhí an taoide ag trá ó thaobh dearfacht dearcadh an phobail de. Ní amhlaidh a thuilleadh.

Cá bhfuil 'zón na sábháilteachta' anois? *Ar an taobh amháin tá grúpa beag i gcoinne na teanga 'for whom Irish isn't dead enough' mar a dhearbhaigh an tUachtarán. Ar an dtaobh eile tá grúpa beag gníomhaithe ar son na teaga. Idir an dá dream sin tá an tromlach*

*atá báiúil don teanga agus ní mór dul i gcion orthu. (An tOllamh Tadhg Ó hEifearnáin ag labhairt ag sraith cainteanna de chuid Theacht Aniar).*

*'De réir cosulachta tá an taoide ag casadh i dtreo na teanga sa Galltacht, go mór mór imeasc daoine faoi bhun daichead a cúig, cé go bhfuil sé éadomhain. Táimid imithe níos faide ón ngorta agus ón choilionachas agus níos mó measa againn ar ár bféiniúlacht.'* Ina theannta sin *'feictear go bhfuil athrú taoide san státchóras le cohort nua de stáitseirbhísigh. Faigheann tú éisteacht nach raibh ann cheana – meon i bfad níos oscailte agus gan an bagáiste céanna a bhíodh ann le tabhairt faoi deara.'*

Is treochtai dearfacha iad seo, treisithe ag an fhordomhandú agus an inimirce, go mór mór imeasc an óige. Is fédir tógáil ar seo.

**Moladh: Leathnú 'Zón na Sábháiteachta' trí Comhrá Náisiunta**: Más amhlaidh nach mhairfidh an Gaeltacht mar phobal teanga gan stádas náisiunta don teanga agus más fíor go bhfuil bá folaigh imeasc chuid mhaith den phobal ach é a dhúiseacht, cad is gá a dheanamh chun a léiriu don pbobal féin agus don státchóras go bhfuil ceadúnas/sainordú ón bpobal do straitéis forásach don teanga agus don Gaeltacht a glachann gur *'geallsheabhóirí na hoidhreachta muid uile agus nach féidir an fhreagracht a fhágáil faoi pobal na Gaeltachta?'*

Tugadh stádas náisiúnta don Ghaeige faoi Bhunreacht an tSaorstáit, a glacadadh ag an Dáil i mí Dheireadh Fómhair 1922 agus a chuireadh i bfheidhm an 6ú Nollaig 1922 nuair a d'eisigh an Rí, Seorsa V, forógra ar bhunú Saorstát na hÉireann. Céad blian dár gcionn tá deis an ócáid a comoradh trí athbhreithniú a dhéanamh ar stádas na teanga agus fís nua a comh-cruthú idir an Stát agus pobal na hÉireann. Is deis í tús a chur le proiséas leanúnach toisc gur obair fad-théarmach atá i gceist.

Bheadh an comóradh i bhfoirm comhrá náisiúnta faoi ról na teanga mar tréith shainiúil aitheantais - téama atá gar do chroíthe na n-óg. Thabharfadh comhrá den sórt sin deis ar leith dúinn ní amháin chun athmhachnamh náisiúnta a dhéanamh ar oidhreacht agus ar fhéiniúlacht. Níos tábhachtaí fós, thabharfadh sé cuireadh do rannpháirtíocht chruthaitheach maidir le conas grá don teanga a fhorbairt sa chaoi is go léiríonn sé ár luachanna agus ár mianta reatha mar shochaí - ag scaoileadh spiorad 'river-dance' na teanga a réitionn leis an lá atá inniu ann agus leis an todhchaí, ní amháin leis an am atá caite.

I measc na bhfo-théamaí atá le hiniúchadh bheadh: (i) teanga agus leigheas (gorta agus tráma stairiúla eile); (ii) teanga agus aisgabháil mórtais faoi theacht aniar agus féiniúlacht náisiúnta; (iii) teanga mar fhoirm ailtireachta agus lionsa sainiúil chun todhchaíochtaí nua a shamhlú; (iv) teanga mar rochtain ar an éiceolaíocht - ag maireachtáil ar aon dul leis an domhan nádúrtha; (v) teanga mar bhronntanas agus deis chruthaitheach seachas mar ualach; (vi) teanga mar fhoinse dlúthpháirtíochta daonna – 'ar scáth a chéile a mhairimíd; (vii)teanga mar stór saibhir logainmneacha agus béaloideas; (viii) caidrimh a thógáil leis an nGaeltacht, mar fhoinse náisiúnta teanga agus cultúrtha agus comhartha don todhchaí - seachas forchoimeádas de cultúr marbh nó áit ar leithligh; (ix) teanga mar oidhreacht chomhroinnte le muintir an oileáin go léir, aontachtaithe agus náisiúnaithe chomh maith lenár gcomharsana Albanacha; (x) múineadh teanga i gcomhthéacs gnáthóg agus cultúr na

teanga; (xi) teanga mar fhoinse aitheantais nua scaoilte and (xii) bealaí chun grá agus usáid laethúil na teanga a cuthú

Is féidir an comhrá a shamhlú ag leathnú amach agus ag tabhairt chuireadh chun samhlaíocht scríofa agus fileata a scaoileadh saor faoi na téamaí seo agus téamaí eile. Faoi dheireadh 2022 agus seoladh chéad bunreacht an stáit á comoradh bheadh stór shaibhir d'ábhar cruthaitheach ar fáil mar bhonn le comhdhál náisiunta agus chur chuige nua i dtaobh todhchaí na teanga agus na Gaeltachta.

Chuid lárnach den tionscadal seo na go **nglachfadh muintir na hÉireann freagracht chomhpháirteach leis an Rialtas i gchaomhnú agus athmhúnlú ról na teanga.** Ní féidir le stádas bunreachtúil na teanga agus an ról atá ag an mbonneagar institiúideach amháin todhchaí na teanga a chinntiú. Caithfidh an pobal i gcoitinne a bheith lán-phairteach freisin.

Tá sé riachtanach freisin, i dteannta le féin-mhachnamh náisiúnta faoi thábhacht agus ról féideartha na teanga, go gcruthófar deiseanna chun an teanga a normalú agus a úsáid sa saol laethúil. Rachadh sé seo i dtreo aidhm an 'stráitéis fiche-bliain' a chomhlíonadh chun líon cainteoirí laethúla na teanga ó lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú ó 83,000 go 250,000.

Déantar cur síos ar na moltaí seo maidir le comhrá náisiúnta agus deiseanna a sholáthair chun an teanga a úsáid níos mó sa saol laethúil in **Iarscríbhinn VI**.


Is é an téis atá leis an obair seo ná go bhfuil árdú stadais náisiunta na teanga ag teastáil chun go mbeadh sainordú ag an rialtas agus an státchóras don infheistiú maoine agus an tiomantas do thodhchaí na Gaeltachta mar thosaíocht náisiunta. I ré an nualiobrálachais ní mór a shoiléiriú (agus a cothú) an luach a chuireann an phobal i gcoitinne ar fhéiniúlacht náisiúnta, ar an nGaeltacht mar tobar na teanga, ar ómós áite, ar an eiceolaíocht is araile. Ina theannta sin is féidir le comhrá náisiúnta feidhmiú mar bhealach trína bhforbraíonn an tsochaí an fheasacht seo di féin.

Tá sé suimiuil go bfhuil an moladh seo ag teacht leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Sa 'Céim Feidhmithe II – Leathnú agus Doimhniú' den straitéis deirtear:

*"Le linn na céime seo, déanfaidh Éire ceiliúradh ar chothrom 100 bliain d'ÉiríAmach na Cásca agus ar ár neamhspleáchas agus déanfar nasc idir na hócáidí sin agus an Straitéis seo. Léireofar an méid a bheidh bainte amach, déanfar athbhreithniú mór ar na torthaí agus cothófar rannpháirtíocht agus tacaíocht an phobail thart ar spriocanna, spiorad agus fís na Straitéise."*

**Moladh – Athrú stádais sa rialtas**: Ag leibhéal rialtais de agus ag díriú ar stádas imeallaithe na Gaeltachta sa státchóras is léir go bhfuil gá é seo a réiteach. Lámh ar láimh le hathrú stádais na teanga sa phobal tá gá le árdú stadais don teanga sa rialtas trí freagracht díreach ag Aire seachas Aire Stáit don teanga agus don Ghaeltacht. Ós rud é go bhfuil gá feidhmiú leis an nGaeltacht ar bhonn córasach ba chóir go mbeadh aonad i Roinn an Taoisigh freagrach as cur-chuige uile-Rialtais.

Tá an moladh seo ar aon dul leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a dheineann foráil go: "*Déanfaidh an Coiste Rialtais ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht, a mbeidh an Taoiseach ina chathaoirleach air, maoirseacht ar an dul chun cinn agus tabharfaidh sé tuairisc don Rialtas mar is gá" agus "Tacóidh Grúpa Oifigeach Sinsearach a bheidh comhdhéanta d'oifigigh ardleibhéil ó Ranna cuí leis an gCoiste Rialtais."*



## IV  Fís Fhorásach - Paraidím Nua

Cé go bhfuil gá le árdú stádais agus tiomantais don teanga agus don Ghaeltacht ní leor sin. Is bunsraith agus pointe tosaigh é an sainordú teanga gur féidir tógáil air. Ag glacadh go bhfuil níos mó tacaíochta intuigthe sa phobal don teanga agus don Gaeltacht agus gur féidir an tacaíocht sin a shoiléiriú agus a mhéadú ní mór fhís forásach don Gaeltacht a chur ós comhair pobal na Gaeltachta agus pobal na tíre ar fad. Tá sé tráthúil an doighilt idir an Gaeltacht agus an Galltacht a leigheas agus glacadh gur dúshlán comónta é slánú na Ghaeltachta agus nach féidir an fhreagracht a fhágáil faoi pobal na Gaeltachta amháin.


Mar sin tá gá le fís nua don Ghaeltacht – fís a thabharfaidh le fios do phobal na Gaeltachta ní hamháin go bhfuil árd-stádas agus ómós ag dul don teanga agus don phobal a iompraíonn í ach a léireodh go bhfuil todhchaí sofheicthe do Gaeltacht faoi bhláth. *'Is é an fhís an teanga a aistriú go glún eile. Tá gá le athnuachan ar fhís na Roinne, pobal labhartha na teanga a chaomhnú. Tá fís 20-30 bliain ag teastáil a chuimsíonn an Ghaeltacht ina hiomláine.'*

**Moladh – Fís Forásach**: Is é an athrú paraidíme atá ag teastáil ná stádas imeallaithe na Gaeltachta a athshamhlú mar imeall cruthaitheach. In aimsir an athraithe aeráide agus an meath ar an mbithéagsúlacht is féidir fís a cruthú bunaithe ar na heiliminti seo leanas:

- ❖ Timpeallacht úr ar imeall na farraighe, áit le árd-chaighdeán saoil bunaithe ar an dtimpeallacht agus an Gaeltacht mar eiseamlár don cían-obair;
- ❖ Fostaíocht bunaithe ar fhoinsí nádurtha – straitéis an Údaráis;
- ❖ Eiseamlár de dílárú cumhachta trí bord tofa an Udaráis agus structúir nua bunaithe ar an daonlathas rannpháirtíoch;
- ❖ Córas oideachais forásach curtha in oirúnt don Gaeltacht faoi scáth BOO (Bórd Oideachais agus Oiliúna) ag freastal ar fheiniulacht Gaeltachta, feasacht éiceolaíoch, forbairt pearsanta agus feasacht teanga;
- ❖ Forbairt pobail bunaithe ar cultúr agus fhéiniulacht uathúail Gaeltachta;
- ❖ Toscairí folláine mar bhonn le forbairt iomlánaioch agus
- ❖ Tógáil ar na rudaí is sainiúla agus is mó chumais gur féidir leis an nGaeltacht a thairiscint don domhan leasmuigh.

Bunsraith do fhís forásach atá anseo ag athrú peirstpichtíochta ón nGaeltacht mar forchoimeadas go áit in a bhfuil an chur-in-oiriúnt do chúinsí nua domhanda chun tosaigh. Ag breathnú ar an nGaeltacht trí lionsa na heiceolaíochta – féach thíos – is é atá ag teastáil mar fhís ná aer folláin a cruthú don Gaeltacht '*a dtabharfadh deis dóibh bláthú ar go leor bhealaí. Tá pobal na Gaeltachta braon den gríosadh gan toradh.*' Trí'n lionsa seo ní mór timpeallacht a cruthú in ar féidir síolta an todhchaí a cuthú.

Déanfar iomlánú ar chuid de na heilimintí thuas níos faide anonn sa phlean. Ag an bpointe seo ní mór a glacadh nach gchuirfí fís forásach i bfeidhm leis na structúir agus na paraidím atá ann faoi láthair.



# V  Cur-chuige Nua

Táimid fós ag feidhmiú de réir teoiric ré thionsclaíoch cé go bhfuilimid sa ré dhigiteach.  Is é sin le rá go bhfuil an státchóras ag feidhmiú trí'n phleanál ón mbarr anuas de réir loighic líneach.  Tugtar faoi chomhairliúcháin fhoirmle, scríobhtar plean agus bítear ag fanacht le torthaí ionchais.

San saol mar atá sé inniu is annamh a eiríonn leis an gcur chuige seo.  Tá cúinsí an tsaoil eirithe luaineach, éiginnte, casta agus débhríoch.  Is é an acrainm a usáideann arm Meiriceá don ré seo ná VUCA (Volatile, Uncertain, Complex and Ambiguous).  Ní fheidhmíonn an cur-chuige tradisiúnta a thuilleadh go mór mór i gcomhthéacs atá comh casta le pobal teanga ina bhfuil cúinsí uile an saoil san áireamh.

Aithníonn an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil gá le hathchóiriú na hearnála poiblí agus tá cuid den roinn tiomanta don pleanáil fadbhreathnaitheachta, an nuálaíocht agus seirbhísí timfhilleadh.  Tá gá leis an cur chuige nua in earnál na Gaeltachta cosúil le gach earnál eile mar is léir do cách nach bhfuil ag eirí leis na modhann tradisiúnta a thuilleadh.

Aithnítear comh maith gur córas ar leith í an Gaeltacht in a bhfuil siomptóim an tráma le braitstin go láidir i dinimic na Gaeltachta – tráma a bhaineann leis an nGorta/ú Mhór, le bochtanas, le stádas imeallaithe, le coimpléasc ísleachta is araile.  Mar sin ní mór an bhéim a chur ar an gcur chuige mar bhunchloch do straitéis nua – ní leigheasfaidh airgeadh amháin an dinimic seo.  (Imeasc siomptóim an tráma tá an airdeall i leith daoine ón taobh amuigh, an easpa ceangal le daoine fiu ó Gaeltachtachtaí eile, a laghadh droichid leis an Galltacht srl.)

**An cur-chuige mar a fheictear é faoi láthair**:  Is é cur-chuige an státchórais mar a fheictear é faoi láthair trí shúile pobal na Gaeltachta ná go bhfuil siad ar an imeall.  '*Feictear go bhfuil an chumhacht státlárnaithe agus go bhfuil an córas ag freastal ar leas an stáit.  Tá an pobal faoi smacht an Údaráis, an tÚdarás faoi smacht na Roinne agus an earnáil ina iomláine imeallaithe sa Státchóras.  Cothaíonn an cur chuige seo meon ionsaitheach diúltach i leith na n-údarás agus easpa comhoibrithe idir na heagraíochtaí pobail.  Glactar leis go bhfuil daoine maithe ionraice san Údarás ach go bhfuil siad cosantach de dheasca nach bhfuil an córas oscailte agus go dtugtar tús áite do líon na bpost a chruthaítear i gcomparáid leis an bhforbairt teanga.  Tá gá le hathrú meoin, athnuachan institiúideach agus cur chuige nua.*'

In a theannta sin feichtear go bhfuil easpa ceannnaireachta sa phobal agus nach bhfuil an follús á líonadh ag an Údarás. *'Tá cuid mhaith de na ceannairí imithe nó fostaithe agus faoi smacht ag an státchóras gan an deis acu labhairt amach. Níl 'Guth na Gaeltachta' ann dá bharr sin agus deireadh le bord tofa an Údaráis.'*

**Moladh Fealsúnachta – Cur-chuige Éiceachórais**: Ina leabhar, 'An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht' déanann an tOllamh Michael Cronin iontais nach bhfuil cheangal á dhéanamh idir an timpeallacht agus an teanga i bpolasaithe an Rialtais. Ina thuairim ba chóir é sin a athrú go huile is hiomlán. *'Níl an dara rogha againn. Caithfhimid dul sa treo sin. Tá ár dtodhchaí ag brath ar sin.'*

*Bunphrionsabal na héiceolaíochta ná freagracht áitiúil – ba chóir go mbeadh ionchur leanúnach ag an bpobal áitiúil faoi rudaí a bhaineann leo, na muilte gaoithe mar shampla. Baineann an éiceolaíocht le cúrsaí úsáide, riaracháin, eacnamaiochta srl.*

*Caithfimid coincheap na héiceolaiochta a fheiceáil ar bhealach i bfad níos leithne seachas an gnáthléamh faoin domhan nádúrtha - na crainn, na héin, na plandaí srl – ach an eolaiocht pholaitiúil a bhaineann le cúrsaí daonlathais, cúrsai freagrachta, cúrsaí féiniúlachta, cúrsaí ionadaíochta – ní gné nó feidm faoi leith ach fís iomlán ar an saol bunaithe ar rannnpháirtiocht, daonlathas, freagracht maidir leis an domhan atá timeapeall orainn – an domhan daonna agus an domhan nadúrtha. Chun cúrsai teanga sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht a chur i dtreo eile caithfimid an fhís níos iomláine seo den éiceolaíocht a chur ar fáil don pobal.' (Michael Cronin ag caint agsraith cainteanna de chuid Teacht Aniar).*

De réir cosulachta glachann an Roinn leis an gcur-chuige seo. *'Tá an dá rud (an teanga agus an eiceolaíocht) an-cosúil lena chéile ar bhealach. Níl mórán cainteoirí fanta – 30,000 ar a mhéad. Conas déileáil leo chun go leanfaidh siad mar phobail teanga – mar an éiceolaíocht agus cuid den fhealsúnacht chéanna ag teastáil. Glacaim go bhfuil an coincheap éiceachóras an-chosúil leis an eiceachóras teangeolaíochta, gach rud ag brath ar a chéile.*

*Tá an obair atá idir lámha againn uile ag brath ar a chéile. Tá gá go mbeadh an córas iomlán ag oibriú go nádúrtha le chéile. Má tá bearnaí ann ní mór iad a líonadh. Mar sin tá an dá rud an-chosúil lena chéile.' (Aodhán Mac Cormaic, ag caint ag sraith cainteannce de chuid Theacht Aniar.)*

*Tá an timpeallacht teanga chomh tábhachtach leis an teanga féin. Is é an fhadhb nach bhfeictear don óige gur cuid de éiceachóras Gaeltachta iad, seachas ina gcónaí sa Ghaeltacht. [Tá spiorad sa teanga ach é a lasadh.] Freastal ar riachtanais agus folláine an phobail an rud is bunúsaí do shlánú na Gaeltachta. Is é atá ag teastáil ná deiseann bláthú ar go leor bealaí.'*

**Éascú cur-chuige nua**: Ón méid thuas feictear go bhfuil cumas i gcoinceap an éiceachórais mar meafar do cur-chuige nua don Gaeltacht. Más amhlaidh chonas is féidir an t-éceachóras a dhéanamh follán agus an t-athrú go '*córas iomlan ag oibriú go nádúrtha le chéile'* a chur i bhfeidhm? I bprionsabal níl sé ro-chasta.

An fhadhb ná go mbíonn daoine le dea-thoil i bfastú i 'sadhlanna' taobh istigh de chórais agus nach bhfuil sé de chumas acu éalú astú. Is é atá ag teastáil ná idir-gabháilí neodracha chun na rannpháirtithe a ghairm le chéile chun comhoibriú ar mhaithe leis an leas coiteann. Is féidir le héascaitheoireacht maith feidhmiú mar ola chun chogaí an chórais a chur ag bogadh ar bhonn comhcruthaitheach. Ina theannta sin tá gá le athnuachan institiuidach bunaithe ar tuiscint comhcruthaiteach. *'Tá traenáil ar fheidhmiú comhchruthaitheach ag teastáil ó na coistí forbartha agus na comharchumainn faoi mar a fhaightear 'sna ceardchumainn - d'uireasa ceannaireacht dhaonlathach glactar leis an duine láidir (deachtóireacht) nach bhfuil sásta an chumhacht a roinnt.'*

**Eiseamláir maidir le bealaí nua oibre**: Rud suntasach faoi na heiseimláir agus na moltaí seo agus, i ndáiríre leis na moltaí go dtí seo, nach ceist maoiniú atá i gceist, rud is annamh san dioscúrsa pholataiochta. Is é sin le rá go bhfuil gnéithe teibhí de cheist na teanga agus na Gaeltachta i bhfad níos bunúsaí ná ceisteanna maoinaithe, cé nach féidir ceisteanna tosaíochtaí maoinithe a fhágáil as an áireamh. Mar sin feictear sna heiseamláir agus na moltaí seo leanas faoi cur-chuige nua go mbaineann siad le hathru meoin faoin gaol idir dhaoine go priomha seachas caitheachas airgid:

- **Proiséas Cruthaitheach - Éisteachta, Comhráithe agus Tionóil**: Tá chuid mhaith de na moltaí san cháipéis seo bunaithe ar: (i) phroiséas éisteachta le pobal na Gaeltachta agus údaráis Gaeltachta – **Iarscíbhinn I**; (ii) tionól cruthaitheach ar line faoi scáth an ionaid ReSource ag Coláiste Ealaíne na Boirne mí Dheireadh Fómhair a thug deis do rannpháirtithe ón gcóras smaointeoireacht a roinnt ar bhealach sabháilte - féach tuarascál na comhráite ag **Iarscríbhinn II**; (iii) comhráithe ar líne le sainaitheolaithe agus pobal na Gaeltachta faoi scáth Theacht Aniar – féach na moltaí ag **Iarscríbhinn III** agus taifead na gcainteanna anseo.
- **Gaeltacht Bheo:** I mBealtaine 2018 tháinig gníomhairí teanga le chéile le eascaitheoireacht cruthaitheach ó Theacht Aniar chun fadhbanna leis an bpleanál teanga a scagadh. Ceann de príomh thorthaí na comhdhála cruthaithí seo ná seoladh Gaeltacht Bheo mar scáth-eagraíocht do na hoifigh pleanála teanga. Is féidir leathnú ról na heagraíochta seo a shamhlú mar mhúnla do gluaiseacht Gaeltachta.
- **Pleanáil Comhtháithe:** I Feabhra 2019 tugadh chuireadh do mhuintir Gaoth Dobhair chuig comhrá pobail dár teideal 'An Bealach Atá Romhainn', arís faoi scáth Theacht Aniar. Baineadh leas as na modhanna oibre is nuálaí – An Dealbhóireacht Shóisialta agus an Caife Domhanda le cabhair ó éascaitheoirí gairmiúla. Mar thoradh ar sin tá proiséas pleanála comhtháithe seolta i nGaoth Dobhar. Is múnla é seo gur féidir tógáil air in go leor limistéir Ghaeltachta eile.

## Moltaí - Cur-chuige Nua

Is féidir tógail ar na heiseamláir seo agus múnlaí eile a bhfuil a n-éifeacht léirithe cheanna féin chun cur chuige nua a aimsiu mar bhonn le córas folláine Gaeltachta

**Leibhéal náisiunta**: I dteannta comhrá náisiunta faoin teanga agus an nGaeltacht, a luadh cheanna, dfheadfaí tionól saoránach a sheoladh chun deis a thabhairt do gnáth saoránaingh diriú isteacht ar na ceisteanna bunúsacha seo i saol na tíre le incur ó na saineolaithe is fearr agus le deis na torthaí a roinnt leis an Rialtas trí bithin coiste Oireachtais. *'Tá gá le próisis nua comhráite – tionól saoránach san áireamh - seachas 'deighilt agus concas'.* Ar a laghad is féidir moladh don Roinn Oideachais agus Roinn an Taoisigh go mbeadh oideachas Gaeilge agus Gaeltacht i dtéarmaí tagartha an Tionóil Saoránach um Oideachas atá beartaithe i gclár an rialtais – seans go dtarlós sé roimh deireadh 2022.

**Bórd tofa don Údarás**: Mar a luadh cheanna is bunphrionsabal na heiceolaiochta go mbeadh freagracht áitiúil - ba chóir go mbeadh ionchur leanúnach ag an bpobal áitiúil faoi rudaí a bhaineann leo. Ceim bunúsach san treo seo ná bord tofa do Údarás na Gaeltachta a chur ar ais – tá forbairt ar an moladh seo at **Iarscríbhinn IX**.


**Tógáil Cumais**: Is é an riachtanas bunúsach maidir le feidhmiu cur chuige nua ná tógáil cumais na rannpháirtithe éagsúla san córas ar bhealaí nua oibre. Tá freagracht taobh istigh den chóras faoi chúrsaí athchóirithe ag an Roinn Caitheachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Tá deis in earnál na teanga agus na Gaeltachta múnla nua a cruthú i gcomhar leis na heagraíochtaí deonacha agus carthanacha ar nós Teacht Aniar agus Coláiste Ealaíne na Boirne atá ag feidhmiú cheanna féin ar na bealaí seo. Ní hamháin go bhfuil tógáil cumais ag teastáil ag leibhéal na gcoistí forbartha agus na gcomharchumann ach, níos tabhachtaí fós, ag leibhéal na roinne agus an Údaráis ag chur ina luí ortht gur chóir go mbeadh freagracht áitiúil le hionchur leanúnach ag an bpobal áitiúil faoi rudaí a bhaineann leo - bunaithe ar fhís éiceachórasach le rannpháirtíocht, daonlathas agus freagracht maidir leis and domhan daonna agus nadúrtha. **Moladh**: (i)Tá gá le foireann éascaitheoirí chun tabhairt faoi modhanna oibre na gcoistí agus na gcomharchumainn a athnuachan. Seans go bfhéadfaí é seo a eagrú i gcomhar leis an Údarás a bfhuil straitéis Forbairt Pobail achu - chun scéim 'Train-the-Trainers' a bhunú chun scileanna éascaitheorachta a theagasc agus a chur ar fáil do phobail agus eagraíochta áitiúla. Is fédir scileanna a aistriú ón nGalltacht go dtí eascaitheoirí le líofacht Gaeilge achu chun feidhmiú go nadúrtha sa Ghaeltacht. (ii) Bíodh comhdhál idir na pháirithe leasmhuire chun iomlánú a dhénamh ar na riachtanais atá ann agus chonas is fear freastal ar na riachtanais sin. (iii) Bíodh fóram comhráite leanúnach idir na húdaráis agus na heagraíochta pobail le héascaitheoireacht neamhspleach chun aer níos folláine a cruthú sa córas agus bealaí nua cumarsáide a cothú.

**Gairmiú na hEarnála:** Ó thaobh an chaiteachais airgid de is féidir a mhaíomh go bhfuil an stát dáiríre faoin teanga ach tá ag teip ar na hiarrachtaí de dheasca cúinsí éagsúla, ina measc easpa cur chuige córasach agus easpa cumais an státchórais. Ós rud é go bhfuil réimsí teanga i bfad níos casta ná reimsí eile, tá gá le cadre gairmiúil le tuiscint ar réimse leathan – cúrsaí teanga, reachtaíochta, pobail srl. Tá an Stát freagrach as daoine a fhostú atá inniúil don obair. Tá ról tábhachtach ag OEG ní hamháin múinteoirí sna hábhair éagsúla a chur ar fáil ach craoltóirí agus daoine gairmiúla. **Moladh**: (i) Déantar measúnú riachtanais ar earnál na Gaeltachta maidir le múinteoirí, daoine gairmiúla, craoltóirí is araile. Ag glacadh go bhfuil easnaimh sna réimsí déantar sochrú maoinaithe le OEG chun na heasnaimh a líonadh. (ii) Ní

mór do na ranna stáit feidhmiú go córasach agus ar bhonn córas meastúcháin teangeolaíochta agus slat tomhais chuí dírithe ar rudaí ar nós líon na gcainteoirí.

Aithnítear sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge *"ról faoi leith Ollscoil na hÉireann, Gaillimh maidir le cláir tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge a sholáthar."* Ina theannta sin: "*Caithfidh caighdeán ard a bheith ag baint le hoideachas tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge agus caithfear é a sholáthar ar bhealach straitéiseach agus comhordaithe lena chinntiú go mbainfidh éagsúlacht leis an raon disciplíní a bheidh á dtairiscint agus go mbeidh fócas faoi leith ar riachtanais an mhargaidh do dhaoine a bheidh inniúil i nGaeilge" agus "cúrsaí agus creidiúnú i nGaeilge Ghairmiúil a fhorbairt don oiread gairmeacha agus is féidir. Cuirfear maoiniú ar fáil lena chur ar chumas an Údaráis um Ard-Oideachas clár sonrach a bhunú leis an earnáil seo a fhorbairt go straitéiseach."*

**Forbairt Comhtháite Pobail:** Tá taithí á cruthú ag Teacht Aniar agus áiteann cosúil le Loop Head agus Muscraí faoi múnla forbairt comhtháite pobail agus tá deis ann foghlaim uathu. **Moladh**: (i) Déantar taighde ar na taithí atá ar fáil in áiteanna eile agus eagraítear comhráite ar line agus go fíorúil chun an teolas a roinnt. Is féidir an obair seo a dhéanamh faoi scáth an Údaráis nó i gcomhar leis an Údarás agus eagraíochtaí deonacha leis na scileanna cuí. (ii) Mar leanuint ar an méid thuas moltar go mbeadh maoiniú ag dul do scaipeadh an pleanál comhtháite phobail ó Gaoth Dobhar do limisteir eile Gaeltachta. Is chuid den tógail cumhais é seo. Mar bharr ar an obair atá déanta cheanna féin is féidir tógail ar taithí áiteann eile trí gréasán foghlama. (iii) Ag tagairt don cur chuige comhtháite tá gá le comhtháthú níos fearr ag an leibhéal náisiúnta agus ar an dtalamh chun go mbeadh an phróiseas pleanála teanga níos éifeachtachtaí. Is é sin le rá go mbeadh comtháthú níos fearr ag léibhéal na roinne leis an Roinn Oideachais agus idir na hoifigigh pleanála teanga agus scoileanna Gaeltachta.



# VI  An Óige & an Oideachas

Sna comhráite poilblí ar line a d'eagraigh Teacht Aniar agus an ionad ReSource le pobal na Gaeltachta is é an óige an céad tosaíocht a luadh.  Is tuiscint é seo atá go forleathan anois go hidirnáisiúnta, gur choir an óige a chur i suíochán tiomána an athraithe sibhialtachta. Cíallaíonn sé seo nach mór cumas agus deiseanna gníomhaireachta a cruthú don óige.  Is trí bhithin oideachas forásach don Gaeltacht gur féidir é seo a chur i gcrích go príomha.

Déanfar tagairt níos déanaí do BOO Gaeltachta mar bhonn le córas oideachais in oiriúint do chúinsí Gaeltachta.  Ag an bpointe seo is féidir tógáil ar tionscadail atá faoi chaibdil cheanna féin.

**'Teacht in Inmhe'**:  Is tionscadal é seo atá dírithe ar cumas ceannaireachta a cothú san óige. Tá sé á fhorbairt don idir-bhlian ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Teacht Aniar le tacaíocht ó COGG.  Tá ceithre philéar ag baint leis: (i) Forbairt pearsanta; (ii) Éiceolaíocht; (iii) Feasacht teanga agus (iv) Forbairt pobail.  **Moladh**: (i) Go gchuirfí maoiniú ar fáil chun an clár seo a sheoladh i scoileanna Gaeltachta go leanúnach agus (ii) go dtabharfaí tacaíocht don chlár a leathnú amach don timhthriall seosaireach mar 'gearr-cúrsa'.  Is é an buntáiste a bhaineann leis an timthriall seosaireach ná:

- deis dul i gcionn ar an óige níos luaithe na an tidirbhlian;
- cúrsa leanúnach a bheadh i gceist seachas blian amháin;
- ní bheadh sé in iomaíocht le chúrsaí eile san idir-bhlian – nó dfhéadfaí a shamhlú go leanfaí leis san idir-bhlian agus
- mar chuid de bunábhar na scoile é ní bheadh gá é a mhaoiniú ar leithligh.

**Féiniulacht Gaeltachta mar eochar**: Síltear go bhfuil sé níos tabhachtaí do óige na Gaeltachta an bhéim a chur ar an fhéiniúlacht seachas ar an teanga.  De réir taighde coimisiúnaithe ag an Údarás agus atá le foilsiú san athbhlian is iad an timpeallacht, an inmharthanacht agus an fhiontraíocht na nithe is tábhachtaí do óige na Gaeltachta ó thaobh fhéiniúlachta de.  Is féidir an timpeallacht, an oidhreacht, an teanga, an fuinneamh inathnuaithe agus an bhithéagsúlacht a nascadh faoi théama an 'Gaeltacht Ghlas'.

Ní mór go n-aithneofaí an Ghaeltacht Ghlas mar phobal teanga leis an gcultúr a impraíonn an pobal sin.  Tá damhsa ar leith nach bhfuil in aon áit eile, stíl amhránaiochta, báid seoil (traidisún ag teacht ar ais), currachaí, ealaoína béil mar agallamh beirte – traidisiúin a mhair

sa teanga.  Tá cultúr éagsúl ann gur deacair a mhíniú gan comhthéacs na teanga.  **Moladh**: Go dtabharfaí tacaíocht do forbairt fhéiniulacht 'Gaeltacht Glas'.


**BEACONS na Gaeltachta**:  Is múnla é BEACONS (faoi scáth na Comhairle Múinteoireachta) a thugann deis do dhaltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí sna bun agus iar-bhun-scoileanna in áit faoi leith teacht le chéile ar feadh lá go leith chun comhrá a dhéanamh faoi na nithe is tabhachtaí dóibh maidir leis an oideachas.  (Uaireannta bíonn téama faoi leith – scoileanna DEIS, Cuimsiú, Míchumas, Inimircigh srl.)  I rith na coivéide d'aistrigh BEACONS ar line. Bíonn an tábhar a eascraíonn as na seisiúin á roinnt leis an Roinn Oideachais.  Tá maoiniú faighte ag an gComhairle Múinteoireachta ón AE chun seisiúin sa bhreis a eagrú agus tá an OECD i mbun meastuchán a dhéanamh air ós rud é go bfeichtear dóibh gur múnla difrúil é maidir le droichead a thógáil idir polasithe oideachais agus gníomhiú na bpolasaithe.

Tá comhráite ar siúl le Tuismitheoirí na Gaeltachta, COGG, Gaeloideachas, an tÚdarás, an tionadh ReSource agus an INTO faoi céad seisiún de BEACONS na Gaeltachta a sheoladh sa Ceathrú Rua tús Mí Feabhra 2022 – go fisicúil más féidir.  Ag glacadh go neireoidh leis an eiseimlár seo tá sé mar aidhm an phróiseas a leathnú amach fud fad na Gealtachta. **Moladh**:  Go dtabhairfaí gach tacaíocht do thionscadal BEACONS na Gaeltachta chun smaointeoireacht pobal na Gaeltachta faoin córas oideachas a aimsiú agus chun teacht ar a dtuairimú faoi BOO na Gaeltachta. (Thárla seo in 2023 agus tá tuarascáil shaibhir ar fáil  – agus tuairisc saibhir de smaointeoireacht Gaeltachta ar fail.)

**Oideachas**: Tá fadhb le teagasc na teanga sa Ghalltacht agus sa Ghaeltacht.  Tá oidreacht chonspóideach ag baint leis an oideachas teanga nach raibh tarraingteach ná samhlaíoch. Cé go bhfuil rudaí ag dul i bfeabhas tá easpas tuisceana ag baint leis an straitéis chomhaimsire dírithe ar an bfholghlaimeoir seachas ar an gcainteoir dúchais – tosaíocht mhíthreorach í súile an phobail in am an ghátair sa Ghaeltacht.  Le ganntanas múinteori le cumas sa teanga, tá chuid mhaith den teagasc iompaithe i dtreo an Bhéarla.  Níor chóir a bheith ag múineadh Gaeilge sa Ghaeltacht – ba choir a bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge.

Feictear go mbaineann an teanga le daoine fásta - ní teanga nádúrtha don óige í.  Ní mór guth agus ról i bfhad níos lárnaí a thabhairt dóibh – cad is í an teanga dóibh?  Ba chóir go mbeadh ról lárnach doibh sa phleanáil teanga – níl sé acu faoi láthair.  Ní mór bealaí a aimsiú atá níos tarraingtí don óige atá faoi thionchar na teicneolaíochta.  **Moladh**: Mar a dúradh cheanna dfheadfaí téarma tagartha faoi teagasc na teanga a chur isteacht san Comhdhál Saoránach um Oideachais atá beartaithe i gclár an Rialtais agu atá le chur í gcrích c2024.  Tá na ranna Stáit ábhartha i mbun oibre faoi dhearadh na hócáide ó tús nab liana seo.

**Tógáil Leanaí le Gaeilge**: Tá sé thar a bheith dúshlánach leanaí a thógáil le Gaeilge go mór mór nuair a iompaíonn siad ina ndéagóirí.  Ag an am céanna tá caighdeán labhairt na teanga ag eirí níos tanaí an t-am ar fad.  **Moltaí**: (i) Scéim nua Labhairt na Gaeilge a sheoladh – féach iomlánú ag **Iarscríbhinn VII**; (ii) Ionaid Tachaíochta Teaghlaigh a bhunú sa Gaeltacht – féach iomlánú ag **Iarscríbhinn VIII**.



## VII Athnuachan Institiúdach

Tá sé beagnach leathchead bliain ó bunaíodh RnG i 1972, breis is daicheadh bliain ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980 (i gcomharba ar Gaeltarra Eireann a bunaíodh 1957) agus ceathrú céad bliain ó bunaíodh TG4 i 1996. Le himeacht aimsire caileann gach eagraíocht an spréach bunaidh agus seans gurbh amhlaidh leis na heagraíochtaí Gaeltachta.

Mar chuid den státchóras tá an dainséar seo níos tromchúisí. *Le cur chuige maorlathach an státchórais, tá ganntanas dinimice - ag fanacht ar an bpinsean níl aon duine chun an réabhlóid a sheoladh. Níl an comhthéacs folláin agus níl an córas sásta ach beagán a athrú. Feictear go bhfuil dílárnú freagrachta i gceist in earnáil áirithe, go bhfuil siad cosantach de dheasca nach bhfuil an córas oscailte agus go dtugtar tús áite do líon na bpost a chruthaítear i gcomparáid leis an bhforbairt teanga.*


*Tá easpa cur chuige comhtháite sa córas – coistí ag feidhmiú ar a son féin, easpa coinniollacha teanga ag gabháil le cruthú fostaíochta agus easpa dea-nascanna ag an phróiseas pleanála teanga leis na coistí pobail agus na húdaráis. Ba chóir go mbeadh gach aon duine sínithe suas don fhorbairt pobail – an Cho. Co., an córas sláinte, na gardaí. Ní mór comhordú níos fearr a dhéanamh sna structúir. Agus tá gá le polasaithe eisceachtúla don Ghaeltacht – tá níos mó cumhachtaí ag bundúchasaigh Mheiriceá.*

Feichtear to bhfuil aer fholláin ag teastáil sa chóras Gaeltachta le cumhachtaí breise ag an Údarás, níos mó neamh-spleachas ón Roinn agus line díreach chuig an Rialtas. Mar an gcéanna tá gá le níos mó dinimiceas agus níos mó neamh-spleachas ón Údarás agus ón Roinn ag na heagraíochtaí atá faoi scáth an Údaráis.

**Moltaí maidir leis an Údarás**: (i) Go gcuirfí tús le comhairliúchán poiblí, chomh luath agus is féidir, le athbhreithniú a dhéanamh ar Acht na Gaeltachta 2012 (Cuid 3), an chuid sin den Acht a chlúdaíonn an modh le daoine a roghnú do Bhord an Údaráis. (ii) Go ndéanfaí scrúdú ar na feidhmeanna agus na cumhachtaí atá ag an Údarás, féachaint an bhféadfaí cur leo go reachtúil, le go mbeadh an tÚdarás in ann dul i ngleic i mbealach níos éifeachtaí leis na dúshláin éagsúla soc-theangeolaíocha sa Ghaeltacht m.s. déileáil le soláthar tithíochta do chainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht, chomh maith le seirbhísí do theaghlaigh, ar nós Scéim Nua Labhairt na Gaeilge, le tuismitheoirí a spreagadh i leith úsáid na Gaeilge. (iii) Go ndéanfaí an

reachtaíocht chuí a thabhairt os comhair an Oireachtais le linn 2022 le Acht na Gaeltachta 2012 a leasú le go mbeifear in ann: (a) ról agus cumhacht reachtúil an Údaráis a leathnú, agus (b) ionadaithe ón nGaeltacht a thoghadh go daonlathach don chéad Bord eile ar Údarás na Gaeltachta le linn na bliana 2023. Féach iomlánú ar na moltaí thuas ag **Iarscríbhinn IX**; (iv) Go mbeadh daonlathas rannpháirteach mar tosaíocht stráitéiseach don Údarás agus go mbeadh achmhainnaí á gcur ar fail don 'fhorbairt pobail' agus comhoibriú le heagraíochtaí deonacha a bhfuil scileanna chuí achu don obair seo; (v) Go mbeadh choinníollacha teanga ag gabháil le fhostaíocht sa Gaeltacht.


**Moltaí institiúdacha eile**: Beidh comoradh leatchéad bliain de **RnG** i 2022. **Moladh**: Ba chóir an deis a thapú athchomarc a dhéanamh air: (i) chonas ról RnG a chumasú mar raidó pobail agus (ii) chonas feidhm a bhaint as an stóras saibhir teanga i gcartlann RnG trí thograí digitithe – agus phodchraoltaí is eile a chur ar fáil d'foghlaimeoirí. **Moladh maidir le TG4:** is féidir athbhreithniú a dhénamh ar chonas atá ag eirí leis an stáisiún ag feidhmiú go ciúin chun meon na Galltachta i leith na teanga a fheabhsú. An bhfuil deis é a dhéanamh níos éifeachtaí fós. Maidir leis an **chóras oideachais** is é an moladh instidiúdach lárnach ná BOO na Gaeltachta a bhunú chun deis a thabhairt deileáil leis oideachas Gaeltachta go córasach agus go forásach.



## VIII Beartais a bhfuil gá leo

Déantar achoimre anseo are beartais praiticiúla atá luaithe/molta cheanna féin ar bhonn iad a thabhairt le chéile in áit amháin:

- **Seirbhísí trí Gaeilge**: Is é polasaí an CG go leasófaí Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) chun soláthair seirbhísí trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a chumhdach sa reachtaíocht mar cheart bunúsach. Teastaíonn cur chuige cearta bhunaithe. Tá muintir na Gaeltachta ag fanacht le fada an lá lena gceart a fháil. Is gá foráil atá ag teacht leis an moladh thíos a thabhairt chun tosaigh ag céim na tuarascála: a) go bhfuil dualgas ar gach comhlacht poiblí na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí mheán an Bhéarla a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaoine atá lonnaithe i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltacht; b) go bhfuil dualgas ar gach comhlacht poiblí cinnte a dhéanamh de go mbeidh cumas sa Ghaeilge labhartha ag leibhéal B2 ar a laghad ag gach duine atá fostaithe ag an gcomhlacht sin, nó thar a chinn, in aon oifig dá chuid i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta. c) gan dochar do ghinearáltacht mhíreanna (a) agus (b), féadfaidh an tAire, de réir moladh ón gCoiste Comhairleach, díolúine a thabhairt do chomhlacht poiblí ainmnithe ar feadh tréimhse ama sainithe (nach mó ná cúig bhliana) chun fadhbanna praiticiúla suntasacha maidir le cur i ngnímh na ndualgas sonraithe i míreanna (a) agus (b) a mhaolú. Tá iomlánú ar seo in **Iarscríbhinn X.**
- **Scéim Nua Labhairt na Gaeilge:** Tá sé thar a beith dushlánach leanaí a thógáil le Gaeilge. Thug an sean scéim – a chuireadh ar cheal in aimsir na déine, 2010 – aitheantas agus tacaíocht airgid do theaghlaigh a bhí ag tógáil leanai le Gaeilge. Glachtar go raibh lochtanna leis an sean-scéim agus bhí gá athchóiriú a dhéanamh air. Tá sé tábhachtach scéim nua a dhréachtadh agus a chur i bfheidhm (**IarscríbhinnVII**)
- **Ionaid Tachacíochta Teaghlaigh:** De réir taighde a foilsíodh le gairid ag Tuismitheoirí na Gaeltachta níl seirbhísí teaghlaigh á fháil trí Gaeilge ach ag 22% de phobal na Gaeltachta – agus gan seirbhísí i nGaeilge nó i mBéarla á fháil ag 48% den phobal. Moltar mar sin scéim nua maoinithe a chuirfidh réimse leathan seirbhísi trí Gaeilge ar fail do theaghlaigh Gaeltachta (**IarscríbhinnVIII**);
- **Daonlathas rannpháirteach:** Is é an moladh atá anseo ná Acht na Gaeltachta 2012 a athchóiriú chun: (i) bord tofa don Údarás a cheadú agus (ii) méadú ar feidhmeanna agus cumhachtaí an Údaráis le go mbeadh an tÚdarás in ann dul i ngleic i mbealach níos éifeachtaí leis na dúshláin éagsúla soc-theangeolaíocha sa Ghaeltacht (**Iarscríbhinn IX**).



## IX Tráchtaireacht Deiridh
### *'Gaeltacht Glas' - Anois an t-Am*

Baintear feidhm as pictúir 'Bád Eddie' i nGaoth Dobhair mar siombal sa dréacht phlean éigeandala don Ghaeltacht seo. Feictear 'Bád Eddie' ar an dtrá, an creatleach oscailte don aimsir, agus an taoide ag trá. Samhlaítear plean tarrthála don saincomhartha áitiúil seo ach níl sé curtha i gcrích - cé go bhfuil sé indéanta. Sar i bfhad beidh sé ró-dhéanach!

Is amhlaidh leis an nGaeltacht. Tá an taoide ag trá air mar phobal urlabhra teanga. Sar i bfad beidh sé ró-dhéanach an creimeadh a stopadh. Ag druidim le comoradh céadh bhliain ar bhunú an stáit, anois an tam chun dul i mbun gníomh chun bunsraith a chur faoin nGaeltacht.

Sa dréacht seo tá comharthaí i dtreo fealsúnacht, fís agus cur-chuige nua a shamlaítear a bheith i dtiún le cúinsí an tsaoil faoi mar atá said faoi láthair, in am claochlaithe. Feicthear nach ceist maoinaithe go príomha atá i gceist cé go mbeidh gá le maoiniú.

Is dúshlán sistéimeach atá i gceist – conas ath-choiriú a dhéanamh ar meon agus cur-chuige rannpháirithe sa phobal agus sa státchóras ionas gur féidir timpeallacht folláin a cruthú agus deis a thabairt do síolta an todhchaí teacht i gcrích. Conas comhcruthaitheacht a eascú idir na páirtí leasmheara trí mhuinín, dea-chaidrimh agus comhar a chothú? Samhlaítear an Gaeltacht Glas mar éceachóras forásach agus imeall cruthaitheach seachas a mhalairt.

**Moladh – Coiste Cur-chun-Fheidhme**: I dteannta na moltaí a bhfuil iomlánú déant orthú sa phlean seo agus sna hiarscríbhinní a gabhann leis, is comharthaí imlíneach go priomha atá i gceist le moltaí eile. Mar sin beidh gá le coiste cur-chun-fheidhme chun iomlánú a dheanamh ar na moltaí agus tabhairt faoina gcur i bfeidhm. (Tá sé se oar aon dul leis an an moladh sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: *"Ceapfar meitheal smaointe de smaointeoirí cruthaitheacha agus de nuálaithe ar bhonn adhoc ó am go chéile le cineálacha nua curchuige i dtaobh chothabháil agus chur chun cinn na teanga a fhorbairt agus le forbairtí san earnáil TFC a chur chun cinn."*)

Imeasc na téamaí a bfhuil gá tuilleadh oibre a dhéanamh orthú tá:

- **Chumasú pobail** agus forbairt comhtháite pobail – chonas é a chur i gcrích go héifeachtach le héisceaitheoireacht ghairmiúil agus greasán foghlamha;
- Feidhmiu agus comoibriú níos fearr idir eagraíochtaí pobail agus leis an státchóras – **éascú comhráite** leanúnach;
- **BOO Gaeltachta** a cruthú;
- **Riachtanais ghairmiúl** na hearnála a shoiléiriú agus maoiniú OEG chun freastal ar na heasnaimh;
- **Toscairí folláine** chun inmharthanacht agus inbhuanaitheacht na Gaeltachta a thomhas;
- **Straitéis óige** – na bealaí iomadúla gur féidir dul i gcionn ar an óige taobh istigh agus leasmuigh den chóras oideachais – 'teacht-in-inmhe', fhéniulacht glas, próiseas BEACONS, scéim nua labhairt na teanga, ionaid tachaíocht teaghlaigh srl.

**Moladh faoi cur-chuige na straitéise:** (i) Maidir le cur-chuige na straitéis agus i bfianaise géarchéim na Gaeltachta moltar gur chóir feidhmiú go tapaidh de réir fréamhshamhla – is é sin tógraí nua a thriáil go scioptha, foghlaim ó na taithí leis na fréamhshamail agus aithris/aththosú de réir na dtaithí sin. Is é seo an modh cruthaitheach chun rudaí a chur i feidhm go heifeachtach ag deileáil le fadhbanna casta, sistéimeach. (ii) Glachtar go bhfuil ceisteanna phróisis comh tábhachtach le ceisteanna táirge; (iii) Feidhmítear i gcomhar leis na heagrais deonacha atá ag saothrú i ngort na Gaeltachta cheanna féin.

**Molad siombalach**: Tugtar cabhair chun athchóiriú agus ath-snámh 'bád Eddie' i nGaoth Dobhair a chur i gcrích mar siombal tiomantais an rialtais maidir le chreimeadh na Gaeltachta a stopadh agus an taoide a casadh.

# IARSCRÍBHINN I

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

**ACHOIMRE na TUARASCÁLA**

---

# *'I dTreo Gaeltacht faoi Bhláth - Glórthaí ón gCuibhreann'*

---



*Coláiste Ealaíne na Boirne*

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta

# CLÁR

*Leathanach*


*Réamhrá* *1*

*Tairiscintí ón imeall* *3*

*Achoimre na Tuarascála* *6*

*Aguisín I*: Giorrúcháin *16*

*Aguisín II*: Daoine a cuireadh faoi agallamh *17*

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

# Réamhrá

**Próiseas Éisteachta**: Sa tuairisc seo déantar scáthánaíocht ar staid reatha na Gaeltachta trí shúile agus i bfocail áitritheoirí Gaeltachta agus na bpríomhúdarás a bhaineann leis an nGaeltacht. Tá sé bunaithe ar fhiche sé comhráite a rinneadh ar bhonn neamhstructhúrtha ionas go mbeadh tuairimí agus mothúcháin á nohctadh go hionraic. Cé go bhfuil ról na hóige thar a bheith tábhachtach níl ach insint tríú pearsa futhú sna leathanaigh seo; is easnamh nach bhfuil insint dhíreach uathu.

**Aidhm**: Is é an aidhm atá leis an bpróiseas éisteachta ná pictiúr a sholáthair faoin nGaeltacht ag pointe áirithe ama bunaithe ar éagsúlacht peirspeictíochtaí. Beidh an pictiúr seo mar chúlra do thionól cruthaitheach 'I dTreo Gaeltacht faoi Bhláth' ag Coláiste Ealaíne na Boirne ag deireadh mhí Mheán Fhómhair 2021 agus le haghaidh plean/moltaí a chuirfear faoi bhráid Aire na Gaeltachta ina dhiaidh sin. Mar sin tá sé den ríachtanas go mbeadh an insint réalaíoch, macánta agus feidhmiúil.

**Dearadh na tuarascála**: Is leis an údar na tuairimí a nochtar sa réamhrá agus sna tairiscintí a thagann ina dhiaidh. Maidir leis an tuarascál lárnach – **níl ach athchoimre anseo** - cloíonn na ráitis atá ann chomh dlúth agus is féidir le focail na rannpháirtithe a glac páirt sa tsraith comhráite. Ar ndóigh socraítear ráitis de réir téamaí chun an insint a dhéanamh níos so-léite agus tá eagarthóireacht áirithe i gceist anseo, leis na lipéid a úsáidtear agus san athchoimre.

Tá cúig chaibidil sa tuarascáil lárnach agus cloíonn an athchoimre leis an dearadh céanna:

I. An Gaeltacht mar atá sí – gnéithe de stair agus staid comhaimseartha na Gaeltachta;
II. An Phleanáil Teanga agus polasaithe eile comhaimseartha;
III. Súil ar aghaidh - faoi bhun an Uisce;
IV. Súil ar aghaidh – ós cionn an Uisce, agus
V. Súil ar aghaidh - focail scoir

**Múnla an Chnoic Oighir mar lionsa**: Sa 'Súil ar aghaidh' déantar scagadh ar na comhráite de réir theoiric shochaíoch an chnoic oighir – go gcomhfhreagraíonn an deich faoin gcéad den chnoc oighir atá ós cionn an uisce do leibhéal na siomptóim nó na rudaí atá le feiceáil sa sochaí, an Ghaeltacht mar a fheictear í i gcaibidil IV. Faoi bhun an uisce tá leibhéal na

struchtúr, na luachanna agus, ag an leibhéal is bunúsaí, na paraidíme - na boinn tuisceana ar an saol as a n-eascraíonn gach rud eile – i gcaibidil III. Mar sin tosaíonn an 'suil ar aghaidh' ag leibhéal na paraidíme agus ar aghaidh go dtí leibhéil na luachanna, na sturctúr agus na bpolasaithe. Ar ndóigh is ag leibhéal na paraidíme atá an cumas athraithe is cumhachtai.

**ReSource/AthFhoinsiú**: Tá an obair seo á déanamh ag ionad ReSource (Athfhoinsiú) ag Coláiste Ealaíne na Boirne a bhfuil mar mhana aige ***'ag éascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta'***. Tá an cur chuige bunaithe ar thaithí an ionaid ag deileáil ar leibhéal córasach leis an gcóras oideachais agus cumarsáid faoin athrú aeráide. Ceann de na boinn tuisceana a bhaineann leis an obair seo ná go bhfuilimid i ré nua ina bfhuil fadhbanna casta le réiteach ar bhonn córasach agus gaois an tslua. Mar sin tá gá le hionad óstála inar féidir le baill an chórais – sláinte, oideachais, teanga srl - teacht le chéile ar bhonn sábháilte, fáilteach agus cruthaitheach chun tuiscintí úra agus tionscadail nuálaíocha a chruthú chun fadhbanna casta a réiteach.

**Focail Bhuíochais**: (i) Tá an obair seo urraithe ag Nóra Bean Uí Éacháin bean de shliocht Mhaigh Eo a chaith a saol le theagasc na teanga agus a fuair bás in Aibreán 2021 in aois a céad bliain. (ii) Tá ReSource faoi chomaoin chomh maith ag Breandán Mac Cormaic, cathaoirleach Teacht Aniar, as ucht cabhrú le cur in aithne mhuintir na Gaeltachta agus ag an Ollamh Dónall Ó Baoill as ucht cruinneas an téacs a chinntiú – ach is é an túdar atá freagrach as aon locht atá fágtha. (iii) Táimid go háirithe, fíor-bhuíoch do gach aon duine a ghlac páirt le flaithiúlacht ama agus smaointeoireachta sa tsraith comhráite ar a bhful an tuarascáil seo bunaithe – tá liosta na rannpháirtithe in Aguisín II.

Is léir go bhfuil dea-thoil agus diongbháilteacht ar son na teanga ní hamháin sa Ghaeltacht ach sa státchóras; is é an dushlán an dea-thoil agus an diongbháilteacht seo a comhcheangail go córasach ar son todhchaí na Gaeltachta.

**NÓTA**: Ta an tuarascáil iomlán ar fáil ar leithligh.

---

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

# I dTreo Gaeltacht faoi Bhláth

## 'Tairiscintí ón Imeall'

**An Bealach atá romhainn**: Sna comhráite a ndéantar taifead orthu sa tuarascáil seo tá léargas saibhir ar staid na Gaeltachta. Bunaithe ar an méid atá luaite is féidir buille faoi thuairim a thabhairt faoi mbealach imlíneach i dtreo Gaeltacht faoi bhláth.

Cé nach bhfuil ridire ar each chun an gníomh a dhéanamh glactar gur tionscadal é seo a bhaineann leis an tír ar fad, ní ceist Gaeltachta amháin é – ní mór don stát aeráid folláin a chruthú don Ghaeltacht. Ina theannta sin feictear go bhful cuinsí comhaimseartha fábhrach do chur chuige nua chun an Ghaeltacht (agus an tír ar fad) a chur in oiriúint do ré nua.

**Comhthéacs nua – Táimid uile ar an Imeall**

I gcomhthéacs na hÉireann tá an chosúlacht air go bhfuil an Ghaeltacht ar an imeall:

- **Go tíreolaíoch**: tá na Gaeltachtaí uile beagnach ar imeall na tíre agus ar bhruach na farraige;
- **Ó thaobh na cumhachta de**: tá an Ghaeltacht 'ar imeall an imill' maidir leis an státchóras agus foinsí cumhachta – faoi smacht an Údaráis atá faoi smacht na Roinne agus an earnál ina iomláine imeallaithe sa státchóras;
- **Go teangeolaíoch**: tá an teanga dhúchais ag saothrú ar leaba an bháis sa Ghaeltacht rud a chiallaíonn go bhfuil deireadh na Gaeltachta mar phobal urlabhra na teanga ag bagairt orainn agus
- **Go Síceolaíoch**: is í an Ghaeltacht nasc deireanach na tíre le hoidhreacht chultúrtha gan bhriseadh a shíníonn siar suas le dhá mhíle go leith bliain, aimsir an drochshaoil san áireamh.

Ag breathnú ar an nGaeltacht i gcomhthéacs domhanda feictear go bhfuil an stádas imeallach difriúil, gur imeall é atá forleathan le cumas dinimiciúil agus cruthaitheachta. Is é sin le rá go bhfuil an Ghaeltacht ar imeall atá comónta, a bhaineann le hathrú paraidíme agus a bhfuil cumas cruthaitheachta ag baint leis:

- **Comónta**: is eiseamláir í an Ghaeltacht de thoradh fórsaí aonchineálachta an domhandú agus de ghéarchéim na hinbhuanaitheachta. Leis an athrú aeráide, an meath ar an mbithéagsúlacht agus fás na héagothromaíochta maoine tá an cine daonna ar imeall na hinmharthanachta. Tá an córas domhanda faoi thionchar pharaidím nualiobrálach atá ag cruthú torthaí nach dteastaíonn ó aon duine;
- **Athrú paraidíme**: ó thaobh fheidhmiú na gcóras eacnamaíochta agus polaitiúla de feictear go bfhuilimid ar cholba an imill athrú bunúsach paraidíme a chruthú chun an t-athrú aeráide, an meath ar an mbithéagsúlacht, an éagothromaiocht maoine agus an meath ar an éagsúlacht chultúrtha a leigheas agus
- **Cruthaitheach**: ag seasamh ar an imeall cinniúnach atá sroichte againn tá gá le bealaí nua a aimsiú le cruthaitheacht, athnuachan agus buanseasmhacht. Tá uirlisí nua á gcruthú ag an teicneolaíocht fáisnéise agus ag an intleacht shaorga chun cabhrú le cur chuige úrnua.

Níl aon chinnteacht faoi inmharthanacht an cine daonna ná faoi thodhchaí na Gaeltachta mar phobal urlabhra teanga. Mar sin féin tá sé soiléir go bhfuil comhtéacs nua ag oscailt le deiseanna agus riachtanais nach raibh ann cheana féin.

Ag seasamh ar an imeall cinniúnach, cruthaitheach seo cad iad na roghanna agus na cinntí is féidir a shamhlú chun go gcomhlíonfadh an teanga agus an Ghaeltacht ról forásach i dtodhchaí na tíre? Cad iad na síolta atá le sonrú sa Ghaeltacht agus sa tír ar fad mar bhonn le todhchaí Gaeltachta faoi bhláth?

## Tairiscintí ón Imeall

*'Táimid in am solúbtha – tá gach rud indéanta'*

1. **Freagracht uile-Éireann**: Is ceist uile-Éireann í ceist na Gaeltachta – is scarshealbhóirí na hoidhreachta muid uile; ní féidir an fhreagracht a fhágáil faoi phobal na Gaeltachta.

**Ag Feidhmiú ar bhonn Náisiúnta**

2. **An Fhírinne**: Is gá an fhírinne a insint faoi ghéarchéim na Gaeltachta agus fáil réidh leis an gcur i gcéill. Admhaítear go bhfuil gá le plean éigeandála. Déantar ath-shainiú ar theorainneacha na Gaeltachta mar atá siad i ndáiríre.
3. **Stádas na teanga**: Mar bhuncloch déantar athbhunú ar stádas agus ómós náisiúnta na teanga mar bhonn le stádas don teanga sa Ghaeltacht. Is féidir tógáil ar chomóradh céad bhliain ó bunaíodh an stát i 2022 le comhrá náisiúnta a sheoladh agus spás daonlathach a chruthú do cur chuige nua ón rialtas agus ón státchóras. Bíodh teagasc na Gaeilge mar théarma tagartha san tionól saoránach um oideachas atá beartaithe ag an rialtas ag deireadh 2022.

*'Ní mhairfhidh an Gaeltacht gan stádas náisiúnta don teanga agus ní mhairfhidh an teanga gan an Ghaeltacht.'*

4. **Cur chuige nua**: Bíodh folláine na Gaeltachta mar thosaíocht rialtais le cur chuige córasach, comhtháite imeasc ranna agus institiúidí an stáit – seachas feidhmiú i saidhlanna ag bainistiú dul i léig na Gaeltachta d'uireasa treoir rialtais. Glactar leis go bhfuil gá le hathrú ón gcur chuige státlárnaithe go cur chuige comhchruthaitheach le pobal na Gaeltachta ina mbeidh cumasú pobail mar bhunchloch.
5. **Acmhainniú cuí**: Ag glacadh leis gur tionscadal náisiúnta tábhachtach atá i gceist le slánú na Gaeltachta má chuirtear acmhainní cuí ar fáil don chumasú pobail, seirbhísí trí Ghaeilge, ÚnG srl. fiú más gá feidhmiú go heisceachtúil maidir le gnáthchritéir eacnamaíochta;
6. **Oiriúnú beartais**: Cuirtear beartais an Stáit in oiriúint do chúinsí Gaeltachta – cúrsaí pleanála, seirbhísí trí Ghaeilge, coinníollacha teanga (don fhostaíocht agus cúrsaí pleanála), BOO don Ghaeltacht, Oiliúnt chuí tríú leibhéal d'earnáil na Gaeltachta, ionaid taighde srl.

**Ag Feidhmiú ar bhonn Gaeltachta**

7. **Féiniulacht Gaeltachta**: Braitheann todhchaí na teanga sa Ghaeltacht ar fhéiniúlacht Ghaeltachta. Seoltar beartas láidir feasachta bunaithe ar mórtas áite agus cine agus an slabhra gan bhriseadh a théann siar na mílte bliain;
8. **Guth agus múnla na Gaeltachta**: Chun aisghabháil ghutha na Gaeltachta a éascú déantar na seanstructúir agus an tseanfhealsúnacht a shéideadh oscailt agus aer folláin a ligean isteach – trí mhúnla dílárnaithe cumhachta, cumasú pobail, daonlathas rannpháirtíoch, bord tofa ag ÚnG agus feasacht éiceolaíoch. Tá deis an Ghaeltacht a shamhlú mar eiseamláir don tír maidir le dílárnú cumhachta, cur chuige comhchruthaitheach, pleanáil comtháite, oideachas forásach, feasacht éiceolaíoch, gníomhaireacht mac léinn srl.
9. **An Óige**: Cuirtear an óige i lár an aonaigh agus feidhmítear de réir an tuiscint go bhfuil siad lárnach do shlánú na Gaeltachta. Conas feasacht Ghaeltachta a chothú agus a cheangal le fórsaí forásacha ár linne a bhaineann le luachanna nua, inbhuanaitheacht, comhionannas srl? Mar an gcéanna cuirtear córas tacaíochta láidir ar fáil do thuismitheoirí ag tógáil leanaí le Gaeilge.
10. **Gluaiseacht**: Ag glacadh leis go bhfuil ról ag an stát agus pobal uile na tíre maidir leis an nGaeltacht tá cinneadh le déanamh ag pobal na Gaeltachta iad féin faoi bheith ina n-ailtirí dá dtodhchaí féin. An bhfuil sé in am 'Gluaiseacht na Gaeltachta' a athbhunú?

# Todhchaí na Gaeltachta: Glórthaí ón gCuibhreann

## *Achoimre na Tuarascála*

*(Tá an Tuarascáil ina iomláine ar fáil ar leithligh)*

## I Comhthéacs na Gaeltachta

### *1.0 An Ghaeltacht mar atá sí*

***1.1 Cur í gCéill + Beo ar an Teanga*:** Táimid uile – an rialtas, an fhreasúra, na criticeoirí, na heagraíochtaí Gaeilge agus an gnáthphboal - ag cur an dallamhullóg orainn féin faoi staid chriticiúil na Gaeltachta agus faoi na réitigh ar an ngéarchéim. Ní mór an fhírinne a insint.

***1.2 Teorainneacha na Gaeltachta – réaltacht vs reachtaíocht:*** Tá díluacháil déanta ar an téarma 'Gaeltacht' ós rud é nach bhfuil réalaíocht ag baint le teorainneacha na Gaeltachta a thuilleadh. Tá easpa cumais taighde agus statisticí san earnáil anois. Tá géargá athshainiú a dhéanamh ar na teorainneacha agus cumas taidghde a athbhunú.

***1.3 Buntáisití na Gaeltachta vs Ceantair Tuaithe Eile:*** Seachas an béal bocht ba chóir a adhmháil go bhfuil buntáistí ó thaobh infrastructúr, naíonraí agus cruthú postanna sa Ghaeltacht nach bhfuil i gceantair eile.

***1.4 Gaeltachtaí éagsúla le Riachtanais éagsúla:*** Cuimsíonn an Ghaeltacht, mar a sainítear í, limistéir i seacht gcontaé éagsúla ó Dhún na nGall go dtí Rath Chairn, Co na Mí le cúinsí agus riachtanais dhifriúla ó thaobh staidh na teanga, cúrsaí tithíochta agus fostaíochta, infrastructúir srl.

## *2.0 An Comhtéacs Stairiúil*

***2.1 An Stair agus Eabhlóid na Teanga:*** Tháinig meath ar an teanga sa Gaeltacht de dheasca easpa forbartha teangeolaíochta a dhéanfadh níos éasca í agus an coimpléasc íslithe iarchóilíneach i meon na gcainteoirí ag bualadh le saol an Bhéarla 'sna cathracha agus sa Bhreatain. Sna seachtóidí bhí daoine le Béarla ag bogadh amach as na cathracha agus daoine eile ag filleadh ón mBreatain. Ina theannta sin chaill institiúidí Gaeltachta an Státchórais an splanc a bhí ann nuair a bunaíodh iad.

***2.2 Laghdú ar Shaibhreas Teanga:*** Mothaíonn muintir na Gaeltachta go smior an caillteanas saibhris teanga a bhí ag a sínsear. Bhí saol agus fealsúnacht iomlán sa teanga, an béaloideas, an litríocht bhéil, an nasc leis an fharraige agus an nadúr. Má chailleann tú an teanga caillfidh tú spiorad na nGael**.**

***2.3 Tráma na Staire agus Náire Teanga:*** De dheasca na staire – iarchóilíneachas agus tráma an ghorta mhóir – tá náire, dísbeagadh agus compléasc íslithe i gceist le labhairt na teanga, cé go bhfuil sé ag athrú.

## *3.0 Comhthéacs Ídé-eolaíochta*

***3.1 Dusláin i Ré an Nualiobrálachais:*** I ré an nualiobrálachais ina bhfuil luach bunaithe ar phraghas, cén luach atá sa Ghaeltacht? Cén infheistiú a ba chóir a dhéanamh inti go deonach nó ón stát? Cá bhfuil an luach aitheantais le deiseanna bláthú? Ag an am céanna tá seans go bhfuil nascanna agus comhthuiscint á gcothú le hÓgra na Galltachta ag an tríú leibhéal.

***3.2 Feasacht na hÉiceolaíochta:*** Tá an timpeallacht teanga chomh tábhachtach leis an teanga féin. Is é an fhadhb nach bhfeictear don óige gur cuid de éiceachóras Gaeltachta iad, seachas ina gcónaí sa Ghaeltacht. Tá spiorad sa teanga ach é a lasadh.

***3.3 Ceannaireacht agus Smacht Státlárnaithe:*** Tá easpa ceannaireachta pobail ann cé go bhfuil na healaíontóirí tábhachtach. Tá cuid mhaith de na ceannairí imithe nó fostaithe agus faoi smacht ag an státchóras gan an deis acu labhairt amach. Nil 'Guth na Gaeltachta' ann dá bharr sin agus deireadh le bord tofa an Údaráis (cé go bhfuil athrú fógraithe).

## *4.0 Gnéithe de Dhinimic na Gaeltachta*

***4.1 Dinimic Inmheánach na nGaeltachtaí:*** Is pobal ar imeall an imill é pobal na Gaeltachta. Feictear go bhfuil an chumhacht státlárnaithe agus go bhfuil an córas ag freastal ar leas an stáit. Tá an pobal faoi smacht an Údaráis, an tÚdarás faoi smacht na Roinne agus an earnáil ina iomláine imeallaithe sa Státchóras. Cothaíonn an cur chuige seo meon ionsaitheach diúltach i leith na n-údarás agus easpa comhoibrithe idir na heagraíochtaí pobail. Tá gá le hathrú meoin, athnuachan institiúideach agus cur chuige nua.

I dtaobh feasacht teanga de tá daoine le Gaeilge taobh istigh de phobal na Gaeltachta, daoine atá báite sa chultúr agus daoine eile ag caint na teanga gan smaoineamh faoi. Ní mór tacú leo an mórtas áite agus cine a nascadh le feasacht teanga. Agus tá daoine le Gaeilge ag bogadh isteach in áiteanna mar Corca Dhuibhne.

*4.2 Peirspictíocht sheachtrach agus inmheánach ar an Údarás:* Glactar leis go bhfuil daoine maithe ionraice san Údarás ach nach bhfuil siad ag tabhairt ceannaireacht don phobal. Níl an comhthéacs folláin agus níl an córas sásta ach beagán a athrú. Feictear go bhfuil dílárnú freagrachta i gceist in earnáil áirithe, go bhfuil siad cosantach de dheasca nach bhfuil an córas oscailte agus go dtugtar tús áite do líon na bpost a chruthaítear i gcomparáid leis an bhforbairt teanga. Le cur chuige maorlathach an státchórais, tá ganntanas dinimice - ag fanacht ar an bpinsean níl aon duine chun an réabhlóid a sheoladh.

Ó thaobh an Údaráis de, tá gá le postanna a chruthú cun an pobal a choineáil sa bhaile, tá straitéis fhorásach acu ag cur béime ar acmhainní nádurtha, gnónna beaga, turasóireacht na hoidhreachta, an cultúr agus acmhainní na mara. Mar ghníomhaireacht fhorbartha tá dualgas breise teanga orthu, rud atá dushlánach go mór mór ós rud é go gcuimsíonn an Gaeltacht limistéir ina bhfuil an teanga lag.

*4.3 Teannas idir Fostaíocht agus Teanga:* Tá teannas aidhme idir fostaíocht agus teanga, an teanga ag fulaingt de dheasca méid na bpostanna a líonadh le daoine ón taobh amuigh gan Gaeilge. An bhfuil sé thar am tosaíocht a thabhairt don fhorbairt teanga?

*4.4 Mórtas Áite & Ceart Pleanála:* Níl tuiscint ag lucht déanta pleananna ar thábhacht bailte fearainn do phobail Ghaeltachta. Bíonn fonn ar dhaoine a n-áit dhúchais a bhronnadh ar aghaidh ó glún go glún – baisteadh dúchais. Nuair a chuirtear bac ar theach a thógáil is buille anama dóibh é. Ba chóir na treoracha pleanála tithíiochta a eagrú ar bhonn na gcnuasbhailte - sna bailte fearainn a thugann aitheantas don ómós áite agus an leanúnachas. Mar phrionsabal is féidir tógáil ar an mórtas áite ag leibhéil éagsúla agus an draíocht a mhuscailt.

*4.5 Ag Tógáil Leanaí le Gaeilge:* Tá sé thar a bheith dúshlánach leanaí a thógáil le Gaeilge go mór mór nuair a iompaíonn siad ina ndéagóirí. Ag an am céanna tá caighdeán labhairt na teanga ag eirí níos tanaí an t-am ar fad.

---

## II An Phleanáil Teanga & Bearta Praiticiúla

### *1.0 An Phleanáil Teanga*

*1.1 Dearcadh an Státchórais – ag feidhmiú le cúinsí mar atá siad:* Ó thaobh an státchórais de feictear go bhfuil sé deacair teanga mionlaigh a shábháil. Tá 'Gaeltachtaí' nach bhfuil Gaeilge á labhairt iontu, rud a chruthaíonn fadhb nuair a thagann cearta fostaíochta agus teanga i gceist. Dul cun cinn suntasach atá san Oifig Um Sheirbhísí Comhroinnte a chiallaíonn go bhfuil an Roinn í lár an aonaigh ó thaobh earcú fóirne de – cé

go bhfuil an pota de chainteoirí as a bhfuil siad ag tarraingt an-bheag agus easpa cúrsaí sna hOllscoileanna. Tá 95% de chostais na bhfoirgneamh le haghaidh na réamhscolaíochta á gclúdach. Tá fadhbanna na hOPT dul i gcionn ar an gcóras oideachais le réiteach go córasach. (Treoir rialtais do scoileanna Gaeltachta faoin bpleanál teanga foilsithe ó shin.) Glacann an tÚdarás an fhreagracht faoin bPleanáil Teanga – níl sé á aistriú go dtí an pobal – agus ní bheidh easpa iarrachta i gceist. Tá aire síisearach agus aire stáit atá an-bháúil don teanga againn faoi láthair rud a chiallaíonn go mbeidh acmhainní á chur ar fáil. Níl fhadb an chumasaithe pobail teoranta don Gaeltacht. Tá díomá san Údarás nach bhfuil níos mó eilimh ar mhaoiniú chun na rudaí a bhfuil gá iad a dhéanamh a chur i gcrích. Seans nach bhfuil raic a dhothain á dhéanamh ag pobal na Gaeltachta agus seans nach raibh riamh.

***1.2 Critique - Próiseas Easnamhach ag aistriú Freagachta:*** Ní chreideann an státchóras i dtodhchaí na teanga agus tá siad ag ciceáil an channa síos an bóthar ar feadh seacht mbliana eile leis an bpleanál teanga. Is próiseas ón mbarr anuas é ag aistriú freagrachta chuig an phobal cé nach bhfuil sé fréamhaithe sa phobal. Ní mór don Stát bheith páirteach, ag seasamh leis - níl an chumhacht ag an bpobal. Tá easpa smaointeoireachta comhcheangailte ós rud é nach bhfuil an Stát ag comhlíonadh a ndualgais féin trí sheirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Ní leor an phleanáil teanga sna limistéir Ghaeltachta - tá plean teanga náisiúnta don Ghaeltacht ag teastáil.

***1.3 An Phleanáil Teanga agus an Córas Oideachais:*** Níl aon doimhneas ná nádúracht sa Ghaeilge a úsáideann cuid mhaith múinteoirí. Níl mórán ionadaíochta ag munitir na Gaeltachta sa chóras oideachais. Ta chuid mhaith den 'ticeáil boscaí' i gceist. Bíonn an Roinn ag leagan síos an phlean chéanna do gach scoil faoi thacú leis an nGaeilge sa phobal ach tá na comhthéacsanna difriúil, rud a chuireann brú ar na príomhoidí. Tá an rud thar a bheith casta i gcomhrá leis an Roinn Oideachais. Tá easpa cumarsáide. Tá comhordú níos fearr ag teastáil ag leibhéal na ranna stáit – cuid acu go maith, cuid eile…… 'that's the Irish thing' a bhfuilimid bréan de.

## *2.0 Éileamh ar Bhearta Praiticúla*

I measc na mbearta praiticúla a bhfuil éileamhm orthú tá: (i) scéim nua labhairt na Gaeilge a thachódh le leanaí a thógáil le Gaeilge agus mar chomhartha aitheantais; (ii) múinteoirí le Gaeilge mhaith a fháil don réimse leathan ábhar atá ar an gcuraclam; (iii) seirbhísí leighis trí Ghaeilge go mór mór do na leanaí agus na seanóirí agus (iv) córas pleanála fóirsteanach agus infrastruchtúr bóithre, spóirt agus ealaíne cuí.

---

# III Súil ar Aghaidh – faoi bhun an Uisce

## Na paraidímí, Luachanna, Struchtúir agus Cur Chuige

## *1.0 Athrú Paraidíme*

***1.1 Fís :*** Is é an fhís an teanga a aistriú go glún eile. Tá gá le athnuachan ar fhís na Roinne, pobal labhartha na teanga a chaomhnú. Tá fís 20-30 bliain ag teastáil a chuimsíonn an Ghaeltacht ina hiomláine.

***1.2 Stádas agus Féiniúlacht Teanga – go Náisiúnta agus sa Ghaeltacht:*** Tá an taoide ag casadh i dtreo na teanga sa Ghalltacht – ag idiú sa Ghaeltacht. Cé go bhfuil stádas na teanga ídithe i hallaí na cumhachta tá muintir na Galltachta, go mór mór iad siúd ós cionn daichead a cúig, ag éirí níos báúla don teanga ainneon go bhfuil an dea-thoil éadomhain go fóill. Táimid imithe níos faide ón ngorta agus ón chóilíneachas agus níos mó measa againn ar ár bhféiniúlacht. Is í an teanga an difríocht shainmhínithe idir muidne agus daoine eile an domhain monachultúir a labhraíonn Béarla. Mar sin is í an fhéiniulacht an eochair do theachtaireacht ar son na teanga go náisiúnta. Ag an am céanna tá pobal na Gaeltachta bréan den ghríosadh gan toradh. Is í an fhéiniulacht Ghaeltachta an eochair chun dul i gcionn ar chúrsaí teanga ansiúd.

Braitheann todhchaí na teanga sa Gaeltacht ar stádas na teanga go náisiúnta. Má tá suim ag muintir na tíre i gcoitinne sa teanga téann sé sin i gcion ar muintir na Gaeltachta. Ba chóir a shoiléiriú go mbaineann an teanga le gach aon duine – gur scarshsealbhóirí muid uile san oidhreacht. [Dearcadh eile: Cé go bhfuil ról siombalach ag an teanga go náisiúnta, ó thaobh na Gaeltachta de is é an Béarla an teanga náisiúnta, an teanga le n-úsáid leis an Stát. Mar sin tá sé tábhachtach a mheabhrú do phobal na Gaeltachta gur teanga áitiuil í an Gaeilge agus gur mar teanga áitiúl atá sí tábhachtach seachas gur teanga náisiúnta í?]

***1.3 Fealsúnacht na hÉiceolaíochta:*** Tá gá le hoideachas faoin gcaoi ina bhfuil gach rud ceangailte. Tá an timpeallacht teanga chomh tábhachtach leis an teanga féin – ní mór aitheantas a thabhairt don ghnathóg. Is é an fhadhb ná nach bhfuil féiniúlacht Gaeltachta, seachas 'ina gcónaí sa Gaeltacht', ag daoine óga. Tá spiorad sa teanga ach é a lasadh. Tá gaol leis an nadúr agus an spioradáltacht sa teanga; tá guth ar leith againn atá difriúil ó tíortha eile. Ní mór an áit dhúchas a shamhlú mar fhréamheacha luachmhara do dhaoine ar fud na cruinne a shíolraigh as an áit. Is féidir córas de cainteoirí a nascadh thuaidh is theas agus ar fud na cruinne.

***1.4 Comhthéacs Pholatiúil Dearfach:*** Ar an gcéad dul síos tá Catherine Martin mar Aire Sinsearach. Is cuma an dtuigeann sí ceist na Gaeltachta, tá sí báúil agus dáiríre faoin teanga agus tuigeann sí an phráinn a bhaineann leis. Ina theannta sin ta na hoifigigh pleanála teanga ag tarraingt le chéile. Tá roinnt mhaith TD's le Gaeilge mhaith agus 90% díobh uile báúil don teanga. Go minic bíonn sé níos éasca dul i gcion ar Stáitseirbhísigh gan Gaeilge seachas iadsan le Gaeilge agus bagáiste.

***1.5 Athrú Fealsúnachta agus Dinimice – múnla nua:*** I gcodarsnach le tríocha bliain ó shin aithnionn an meánaicme anois go bhfuil luach sa teanga. Le fiche bliain anuas tá an t-aos óg ag dul go dtí an tríú leibhéal rud a thugann tuiscint níos fearr doibh ar ceist na teanga. Ní mór go bfeicfheadh siad gurb iad féin atá ag stiúradh na gluaiseachta – rud

siceolaíochta. Is áit ar leith an Ghaeltacht le fadhbanna ar leith agus féidearthachtaí ar leith. Tá córas nua ag teastáil. Níl múnla an IDA oiriúnach d'áit imeallach – an tÚdarás mar slánathóir Gaeltachta, seachas féinchumasú pobail.

## *2.0 Luachanna agus Creidimh*

***2.1 Tabhacht an Aitheantais agus na Féiniúlachta:*** Tá gá le scáthánaíocht ón taobh amuigh go bhfuil aitheantas cultúrtha ag gabháil leis an teanga – go bhfuil tuiscint shoiléir ar cén fáth an teanga. Ní mór tapú isteach í bféiniulacht Gaeltachta chun tábhacht na teanga a shoiléiriú. Chun scamhóga na teanga a choinneáil sláintiúil tá gá eisceacht a dhéanamh den Ghaeltacht. Tá íobairt 'eacnamaíochta' ag teastáil – beidh toradh leis i gcionn deich mbliana – inmharthanacht an phobail atá i gceist. Chun an cinneadh a dhéanamh leanaí a thógáil le Gaeilge tá gá go mbeadh conradh síceolaíoch leis an Stát go gcuirfeadh an Stát seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge. Muidne an tobar, an áit ar mhair an teanga; ní mór úinéireacht a thabhairt ar ais.

***2.2 Dóchas:*** Tá an Ghaeilge fós chomh láidir sa Spidéal agus a bhí nuair a d'aistrigh mé siar os cionn fiche bliain ó shin. Tá Gaeilge ag mo pháistí agus beidh sí acu a fhad is a fhanfaidh siad sa cheantar. Agus mé ag caitheamh súilfhéachaint ar na tithe tharaim anseo níor thuig mé go raibh an teanga chomh láidir is atá agus go gcuirfear ar aghaidh go glún eile í - domsa tá an gloine trí cheathrú lán. Tá athrú meon i leith na teanga agus níl an méid seafóide ar siúl is a bhíodh. Tá áit aimsithe ag an teanga taobh istigh de shaol cultúrtha na tíre. Tugann sé an-mhisneach dom go bhfuil daoine le Gaeilge ag teacht isteach. Sna ceanntracha is láidre tá an patrún fós ag dul i laige - ag an am céanna tá an chuma air go bhfuil cothromaíocht éigin tagtha. Cosúil le 'quantum physics' nuair a thagann íslú fuinnimh titeann an leictreon go léibhéal oibriúcháin níos ísle. Má thiteann leibhéal na Gaeilge i gCois Fharraige go dtí leibhéal an Spidéil tiocfaidh stad ar an teanga á labhairt sa ghnáthshaol poiblí.

***2.3 Tiomantas na dTuismitheoirí & Iompróirí Tradisiúin:*** Tá sé thar a bheith dúshlánach leanaí a thógáil le Gaeilge. Tá tiomantas i gceist, cinneadh le déanamh bheith mar iompróir traidisiúin, an cheist 'cén fáth' le freagairt – tá athrú paraidíme ag teastáil. Ní mór dul ar ais go dtí na fréamhacha – is iad na tuistí nach mór dóibh an gníomh a dhéanamh.

## *3.0 Cur Chuige & Structúir Nua*

***3.1 Próisis Nua:*** Tá gá le próisis nua comhráite – tionól saoránach san áireamh - seachas 'deighilt agus concas'. Is tuar féincomhlíontach é bás na Gaeltachta – tá gá le hinsint nua ionspioráideach a thabharfadh freagra ar an gceist 'cén fáth'? Ó thaobh struchtúir de tá easpa cumachta ag an Údarás – ba chóir tógáil ar na CPTanna chun structúr nua a chruthú

cosúil le Meitheal Forbartha na Gaeltachta (MFG) 'sna nochaidí. Tá traenáil ar fheidhmiú comhchruthaitheach ag teastáil ó na coistí forbartha agus na comharchumainn faoi mar a fhaightear 'sna ceardchumainn - d'uireasa ceannaireacht dhaonlathach glactar leis an duine láidir (deachtóireacht) nach bhfuil sásta an chumhacht a roinnt. I ré an domhandaithe tá gá le straitéis na meán nua don teanga.

*3.2 Próiseas Pobal-bhunaithe:* Freastal ar riachtanais agus folláine an phobail an rud is bunúsaí do shlánú na Gaeltachta. Tá easpa cumhachta ag an Údarás, easpa daonlathas le himeacht an bhoird tofa agus cumacht caillte ag na coistí pobail. Is féidir tógáil ar na CPTanna mar struchtúir ón mbun aníos. Agus tá aonad forbartha pobail san Údarás.

*3.3 Pleanáil Chomhtháite – ag feidhmiú go córasach:* Tá easpa cur chuige comhtháite sa córas – coistí ag feidhmiú ar a son féin, easpa coinniollacha teanga ag gabháil le cruthú fostaíochta agus easpa dea-nascanna ag an phróiseas pleanála teanga leis na coistí pobail agus na húdaráis. Ba chóir go mbeadh gach aon duine sínithe suas don fhorbairt pobail – an Cho. Co., an córas sláinte, na gardaí. Ní mór comhordú níos fearr a dhéanamh sna structúir. Agus tá gá le polasaithe eisceachtúla don Ghaeltacht – tá níos mó cumhachtaí ag bundúchasaigh Mheiriceá.

*3.4 Údarás don Ghaeltacht & Straitéis Dihfriúil:* Chun aeráid na Gaeltachta a athrú ní mór todhchaí na Gaeltachta a chur i lámha an phobail. Ní féidir le gníomairí teanga labhairt amach má tá siad faoi smacht an Stáit. Níl ionad a tharraingíonn daoine ó na Gaeltachtaí éagsúla le chéile. Ach dá mbeadh institiúid neamhspleách ar an Stát ar fáil le caint ar son na Gaeltachta? Sna réimsí a bhaineann le húsáid na teanga ba chóir go mbeadh údarás dá gcuid féin acu – cúram leanaí, oideachas (OBB/ETB na Gaeltachta), pleanáil fhisiciúil, leabharlann srl. Tá gá le straitéis 'twin-track' – grúpaí neamhspleácha ag cur brú ar an rialtas agus ag feachtasú ar an talamh – 'Guth na Gaeltachta'.

Nó d'fheadfaí freagracht an Údaráis a leathnú go dti forbairt pobail ach é a bheith daonlathach agus ionadaíoch ar phobal na Gaeltachta. Ó thaobh straitéis fhorbartha an údaráis de tá gá go mbeadh sé níos so-lúbtha agus níos mó béime ar gnónna beaga. Is 'game-changer' an chianobair agus na mol digiteach – bheadh sé níos fearr fós dá mbeadh an leathanbhanda ar fáild do chách. Ainneoin lochtanna an bhoird tofa, gan a leithéid tá bearna idir an pobal agus an tÚdarás.

*3.5 Gnéithe eile de Chur Chuige nua:* I measc eilimintí eile de chur chuige nua tá: (i) nascanna a chruthú idir scoileanna; (ii) taighde a dhéanamh faoi dhearcadh na ndéagóirí i leith na teanga; (iii) úsáid a bhaint as 'nudge theory' cun labhairt na teanga a spreagadh; (iv) spásanna idirghníomhaíochta a chruthú i nGaeilge ar na meáin shóisialta faoin timpeallacht agus rudaí eile a gcuireann an t-aos óg suim iontu; (v) leas a bhaint as an gcianobair chun daoine a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta; (vi) ról RnG a chumasú mar raidió pobail agus ról TG4 a aithint ag feidhmiú go ciúin chun meon na Galltachta i leith na teanga a fheabhsú.

# IV  Súil ar Aghaidh: Ós cionn an Uisce

## *1.0  Cúrsaí Fostaíochta agus Tithíochta*

*1.1  Fostaíocht agus Féidearthachtaí an gteic:*  Le móramh an aosa óig ag dul chuig an tríú leibhéal agus ionchais ardaithe acu tá gá le múnla geilleagrach nua cun iad a mhealladh abhaile - dá mbeadh caoga eiseamláir den tionscal feirmeoireachta éisc atá á thachtadh ag an Údarás.  Ní mór cás faoi leith a dhéanamh do riachtanais phobal na Gaeltachta mar eisceacht do na gnáthchritéir.  Tá an tÚdarás a d'eascair as gluaiseacht pobail ag obair le tríocha trí comharchumann agus scéim fostaíochta pobail.  Sa straitéis nua tá béim ar fhiontair in-athnuaite, turasóireacht inbhuanaithe ar nós bealaí glasa agus an gteic.  Tá ocht mol digiteach bunaithe cheana féin agus tá an Coivéid tar éis dlús mór a chur leis an aistriú go cianobair – dlús deich mbliana taobh istigh de dhá bhliain.  Tá patrún le trí nó ceithre de blianta le teaghlaigh óga ag filleadh abhaile nuair atá páistí réidh le dul ar scoil de dheasca fostaíochta agus le so-lúbthacht na fostaíochta agus costais tógála tithíochta.

*1.2  Tithíocht:*  Tá borradh as cuimse tagtha i líon na bpostanna atá curtha ar fáil ag an Údarás ó na seachtóidí ach leis na coinníollacha pleanála ní féidir tithe aonair a thógáil san áit ina bhfuil pobal na teanga, ainneoin go bhfuil ceantair Ghaeltachta i measc na gceantar leis an dlús daonra is airde sa tír.  D'fhéadfaí é seo a leigheas dá n-aistreofaí cumhachtaí breise don Údarás chun talamh a cheannach don tithíocht le córais séarachais in áiteanna ina a bhfuil dlús daonra agus seirbhísí ar nós scoileanna, oifig an phoist, seipéal agus seirbhísí pobail eile?   Ba chóir go mbeadh coinníollacha teanga ag gabháil le ceart pleanála.

## *2.0  Tábhacht an Oideachais*

*2.1  Dea-thréithe an chórais oideachais:*  Tá an tOideachas Gaeltachta go maith – clár cúig-bliana.  Tá feabhas ar chúrsaí teanga sna bunscolieanna leis an tomoideachais go dtí aois a hocht sula bfhoghlaimíonn siad Béarla.  Ar ndóigh, tá leath na dteaghlaigh ag tógáil clainne le Béarla de dheasca daoine ag pósadh le daoine nach as an nGaeltacht iad agus ag filleadh abhaile.  Mar sin tá siad ag brath ar an scolaíocht chun an teanga a shlánú.  Bhí ag eirí leis an tomoideachas ach rinne Covid an-damáiste – ní raibh na páistí ag fáil oideachas Gaeilge sa bhaile.  Tá síneadh dhá-bliain faighte don Oideachas Gaeltachta agus ba chóir athbheithniú a dhéanamh ag deireadh na tréimhse sin.  Beidh fiche bliain ag teastáil chun an polasaí nua a bhuanú.  Níl an moladh faoi T1 ciallmhar - cuireann sé páistí Gaeltachta faoi míbhuntáiste. Ba chóir go mbeadh ilteangachas á chothú – cruthaíonn sé meas ar theangacha eile agus cumas i do theanga féin.

*2.2  Gá le Cur in Oiriúnt ar an Teagasc Teanga Dara Léibheil don Ghaeltacht:*  Tá oidreacht chonspóideach ag baint leis an oideachas teanga nach raibh tarraingteach ná samhlaíoch.  Cé go bhfuil rudaí ag dul i bfeabhas tá easpas tuisceana ag baint leis an straitéis chomhaimsire dírithe ar an bfholghlaimeoir seachas ar an gcainteoir dúchais – tosaíocht mhíthreorach in am an ghátair sa Ghaeltacht.  Bíonn sé níos éasca don foghlaimeoir 'A' a gnothú ná an duine dúchasach gan an ghramadach chaighdeánach agus an cumas scríofa.

Ba chóir go mbeadh scrúdú ar leith do cainteoirí dúchais agus maracanna sa bhreis ag dul dó cosúil leis an mhatamaitic.

*2.3 Fadhbanna le Múineadh na Gaeilge:* Tá fadhb bhunúsach le múineadh na Gaeilge go náisiúnta – modh múinte an-teibí gan baint aige leis an gcultúr ná leis an bhfealsúacht áite. Tuigeann an aosóg nach bhfuil mórán brí leis an chaoi a muintear í – agus níl puinn dúil ag na muinteoirí ann. Tá tábhacht na Gaeilge ag ídiú gach bliain. Ní mór a fhiafraí 'Cá bhfuilimid agus cén fáth?
Sa Ghaeltacht le ganntanas múinteori le cumas sa teanga, tá chuid mhaith den teagasc iompaithe i dtreo an Bhéarla. Níor chóir a bheith ag múineadh Gaeilge sa Ghaeltacht – ba chóir bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Tá gá le modhanna foghlama atá taitneamhach agus a thugann deis í a fhoghlaim agus a chleachtadh go nádurtha agus go rialta seachas sa seomra scoile. Is féidir feidhm a bhaint as an stóras saibhir teanga i gcartlann RnG agus OEG trí thograí digitithe – agus phodchraoltaí is eile a chur ar fáil d'foghlaimeoirí.

*2.4 Gnéithe eile den Oideachas bun agus dara léibhéil:* I measc ghnéithe eile den oideachas bun agus dara léibhéil tá: (i) tábhacht éiteas agus dea-thoil na scoile i leith na teanga; (ii) ceist tiomantais seachas airgid atá i gceist; (iii) borradh sontasach í líon na nGaelgeoirí sa Ghalltacht, cuid acu ag bogadh isteach sa Ghaeltacht; (iv) córas oideachais iomlánaíoch ag teastáil a cruthaíonn misneach agus féinmhuinín, seachas cumha i dtaobh na teanga; (v) gan comhoibriú na scoileanna leis na hOPTanna cén toradh a bheas ar an infheistíocht airgid? (vi) ba chóir Bord Oideachais agus Oiliúna amháin a chur ar fáil do mheánscoileanna na Gaeltachta ar fad.

*2.5 Cúrsaí Ollscoille – Cáilíochtaí do Mhúinteoirí agus Earnáil na Gaeilge:* Ainneoin an tuafás airgid a caitear le teagasc na teanga níl mórán cumais ag daltaí ag aois a hocht déag agus níl scileanna teanga ag go leor múinteoirí – is fáinne fí é. Tá an fhadhb chomh mór nach bhfuil fonn ag an Roinn Oideachais dul i ngleic leis. Tá deis anois an fáinne fí a bhriseadh le comhoibriú idir an dá roinn. D'fhéadfaí a shamhlú go mbeadh e-chursaí den scoth ar fáil ó na múinteoirí is fearr ar líne agus go mbeadh na múinteoirí scoile ag feidhmiú mar chuntasóirí. Ó thaobh earnáil na teanga go ginearálta de tá oidhreacht an aineolais faoi na riachtanais oiliúna atá ann sna Gaeltachtaí agus do státseirbhísigh sóisearacha. Níl aon dualgas ar na hollscoileanna faoin acht. Is gá é seo a leigheas ag feidhmiú go córasach agus go forásach.

*2.6 Gairmiú na hEarnála – ag feidhmiú go córasach:* Ó thaobh an chaiteachais airgid de is féidir a mhaíomh go bhfuil an stát dáiríre faoin teanga ach tá ag teip ar na hiarrachtaí de dheasca easpa cumais an státchórais. Ós rud é go bhfuil réimsí teanga i bfad níos casta ná reimsí eile, tá gá le cadre gairmiúil le tuiscint ar réimse leathan – cúrsaí teanga, reachtaíochta, pobail srl. Tá an Stát freagrach as daoine a fhostú atá inniúil don obair. Tá ról tábhachtach ag OEG ní hamháin múinteoirí sna hábhair éagsúla a chur ar fáil ach craoltóirí agus daoine gairmiúla. Ní mór do na ranna stáit feidhmiú go córasach agus ar bhonn córas

meastúcháin teangeolaíochta agus slat tomhais chuí dírithe ar rudaí ar nós líon na gcainteoirí.

## *3.0 An Óige agus tógáil clainne le Gaeilge*

Níl féiniúlacht Gaeltachta ag an aos óg. Cé go bhfuil an teanga láidir sa bhunscoil is Béarla a labhraíonn daoine óga taobh amuigh. Feictear go mbaineann an teanga le daoine fásta - ní teanga nádúrtha don óige í. Ní mór guth agus ról i bfhad níos lárnaí a thabhairt dóibh – cad is í an teanga dóibh? Ba chóir go mbeadh ról lárnach doibh sa phleanáil teanga – níl sé acu faoi láthair. Ní mór bealaí a aimsiú atá níos tarraingtí don óige atá faoi thionchar na teicneolaíochta.
I gcás insealbhú teanga tosaíonn sé sa bhroinn. Mar sin ní mór do thuistí cinneadh a dhéanamh roimhré faoi cén teanga lena dtógfar an leanbh. Is ceist mhothúcháin í seo. Má thiteann tú i ngnáth trí Béarla is deacair iompú ar an nGaeilge. Ní mór d'aon scéim nua labhairt na Gaeilge tosú le lánúin atá ag pleanál teaghlaigh.

# V Súil ar aghaidh: Focail Scoir

I measc na bfocal scoir: (i) tá an Ghaeltacht ag imeacht – ní leor bheith neodrach; (ii) níl coinceap Gaeltachta ag an aos óig; (iii) tá gá le fís a thabharfadh le fios go bhfuil tábhacht ag pobal urlabhra na teanga agus aitheantas ag dul dóibh; (iv) ba chóir go mbeadh tionchar teanga sna seirbhísí a chuirtear ar fáil agus na daoine a fhostaítear; (v) tá gá le cumasú pobail agus tabhairt faoi phobal nua cainteoirí a fhorbairt; (vi) ó thaobh na hinmharthana de is gnáthrudaí - titíocht, fostaíocht and caitheamh aimsire - atá ag teastáil; (vii) i gcás an Údaráis de tá gá le buiséad a athbhunú, cáil na Gaeltachta don leathanbhanda a chruthú agus line díreach chuig an rialtas a aimsiú seachas tríd an roinn; (viii) ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaiteachas poiblí ó thaobh na dtorthaí atá leis; (ix) tá gá go mbeadh stádas ag an teanga go náisiúnta; (x) is éiceachóras í an Ghaeltacht agus ba chóir go bhfeidhmeodh an t-oideachas, na seirbhísí pobail srl go córasach; (xi) níor chóir go mbeadh teannas idir fostaíocht agus teanga - le maoiniú cuí is féidir an pobal agus an teanga a shlánú; (xii) cuirtear an bhéim ar insint dhearfach (seachas dhiúltach) agus faoi na rudaí dearfacha atá ar fáil nó curtha ar fáil – insint a chothódh dóchas.

**Aguisín I**

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

# Giorrúcháin

**BÁC:** Baile Átha Cliath

**BIM**: Bord Iascaigh Mhara

**BOO:** Bord Oideachais agus Oiliúna

**CLG**: Cumann lúthchleas Gael

**Co. Co.:** Comhairle Contae

**CPT:** Coiste Pleanála Teanga

**FF**: Fianna Fáil

**FG**: Fine Gael

**GMIT**: Galway Mayo Institute of Technology

**Gteic**: Gréasán Digiteach na Gaeltachta

**IPA**: Institute of Public Administration

**LB**: LeathanBhanda

**LPT**: Limistéir Pleanála Teanga

**OPT**: Oifigeach Pleanála Teanga

**OÉG**: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

**PT**: Pleanáil Teanga

**PV**: Photovoltaca

**RnG**: Raidió na Gaeltachta

**SF**: Sinn Féin

**Aguisín II**

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

## Daoine a cuireadh faoi Agallamh

Tá an tuairisc seo bunaithe ar chomhráite leis na daoine seo leanas i dtús 2021. B'éigean na comhráite a dheanamh ar line de dheasca srianta na paindéime. Tá mórbhuíochas ag gabháil do na rannpháirtithe uile a thug uair a chloig – i gcorrchás i bhfad níos mó ama - chun a gcuid tuairimí, mothúchán agus a samhlaíocht a roinnt. Ní luaitear aon duine le tuairim agus, í gcás agallaí amháin nó dhó, ní luaitear ainm fiú ós rud é go raibh príobháideachas thar a bheith tábhachtach di/dó.

**De Bhunadh na Gaeltachta**

- **Micheál Ó Cinnéide**, Baile an Fheirtéirigh ó dhúchas, cúlra OEG, an EPA is eile
- **Iarla Ó Lionáird**, Baile Bhúirne ó dhúchas, cumadóir agus amhránaí
- **Marcus Ó Floinn**, múinteoir meánscoile, as Corr na Móna
- **Máire Uí Chomhaill**, Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, Gaoth Dobhair
- **Criostóir Ó Faoláin**, Bainisteoir Forbartha, Comhlacht Forbartha na nDéise.
- **Dónall Ó Cnáimhsí**, OPT, Gaoth Dobhair
- **Proinsias Mac an Bháird**, máistir scoile, Leitir Ceanainn, as Árainn Mhór
- **Micheál Mac Aoidh**, iar-OPT, Cloich Chionnaola, , as Gaillimh ó dhúchas
- **Sharon Ní Chuilibín**, Múinteoir, as Iorras
- **Máirín Uí Bhroin**, as Cill Mhantáin, iar-príomhoide scoile, Baile an Fheirtéirigh

## Tuismitheoirí na Gaeltachta

- **Sorcha Ní Chéilleachair**, Ceanassaí, as Rinn Ó gCuanach ó dhúchas, ina cónaí i gConamara

## An Roinn

- **Aodhan Mac Cormaic**, Stiúrthóir na Gaeilge, as BAC, ina chónaí sa Spidéal

## ÚnG

- **Micheál Ó hÉanaigh**, PriomhFheidhmeannach, as Cárna
- **Rónán Mac Con Iomaire**, Stiúrthóir Forbartha Reigiúnaí, Pobal agus Pleanáil Teanga, as an gCeathrú Rua

- **Micheál Mac Giolla Easpuig**, Bainisteoir Forbartha, ina chónaí í nGleann Cholmcille
- **Siubhán Nic Grianna**, Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta, as Rann na Feiriste

## RnG

- **Gormfhlaith Ni Thuairisg**, Láithreoir Athmhaidin
- **Dónall Mac Ruairí**, iar-mhúinteoir, craoltóír agus ceoltóir, as Rann na Feirste

## RTÉ

- **Seán Mac an tSíthigh**, Iriseoir físe,  as Baile an Fheirtéirigh

## OEG

- **Seosamh Mac Donncha**, stiúrthóir acadúil, OÉG, as an gCeathrú Rua
- **Lillis Ó Laoire**, Ollamh le Gaeilge, OÉG, as Gort an Choirce ó dhúchas

**IARSCRÍBHINN II**

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

# *'I dTreo Gaeltacht faoi Bhláth'*

**Comhrá ar Líne: 22.10.21**




*Cá hÁit ar fearr ár nÁird a dhíriú maidir le Todhchaí na Gaeltachta?*

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta

# CLÁR


*Cúlra & Cur Chuige* 1

*Teachtaireachtaí* 2

*Achoimre Fheidhmiúcháin* 3


## Aguisíní


I. Focal maidir le gníomhaíocht i dtreo Gaeltacht faoi Bhláth 7
II. Tosaíochtaí 8
III. Cá bhfuil síolta na todhchaí le feiceáil 9
IV. Cruthaitheacht: i dtreo Gaeltacht faoi Bhláth 11
V. Mórthéamaí ón bpróiseas éisteachta 13

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta

# *'I dTreo Gaeltacht faoi Bhláth'*

## *Cúlra & Cur Chuige*

***Cúlra & Aidhm***: Tar éis próiseas éisteachta le pobal na Gaeltachta agus an státchóras a bhaineann leis an nGaeltacht sa chéad leath de 2021 bhí deis na mórthéamaí a d'eascair as an phróiseas sin (Aguisín V) a scagadh agus díriú isteach ar cruthú síolta an todhchaí.

Is iad na haidhmeanna a bhain leis an ócáid agus leis an bproiséas roimh ré ná:

- ábhair a sholáthair mar bhonn le moltaí a chur faoi bhráid an Aire i dtaobh slánú na Gaeltachta agus
- fonn gníomhaíochta a spreagadh go háitiúil.

Bhí fiche rannpháirtí i láthair ag an gcomhrá spreagúil seo, daoine ó Ghaeltachtaí éagsúla chomh maith le daoine ón Údarás, ón CLG agus ón INTO. Bhí an t-ionad ReSource ag Coláiste Ealaíne na Boirne mar ósta na hócáide le cabhair ó Dhiarmuid Lyng mar aoi-éascaitheoir.

***Cur Chuige***: Is iad na modhanna oibre ar líne a usáideadh ná, comhráite i ngrúpaí beaga agus go hiomlánach, baint an fhómhair trí mheán mentimeter agus modhanna eile cruthaitheacha a ndéanfar cur síos orthú níos déanaí.

Tá na 'teachtaireachtaí' a d'eascair as an ócáid agus an tuarascáil achoimre fheidhmiúcháin thíos bunaithe air na foinsí seo a leanas:

- an fómhar a baineadh díreach ón mentimeter – aguisíní I - III; is iad seo focail na rannpháirtithe cé go bhfuil catagóiriú déanta chun an insint a dheanamh níos soléite;
- an plé oscailte ó thaifead na hócáide – aguisín IV - agus
- téamaí ón bpróiseas éisteachta roimh ré in aguisín V.

## *Teachtaireachtaí*

Cheist bhunúsach atá le freagairt ná an bhfuil teachtaireachtaí le tairiscint ag an gcomhrá seo faoi thodhchaí na Gaeiltacht? An bhfuil síolta na todhchaí le feiceáil agus an bhfuil leideanna faoi cur chuige nua i dtreo Gaeltacht faoi bhláth?

Is féidir freagraí dearfacha a thabhairt ar an dá cheist sin go mór mór in am claochlaithe domhanda. De dheasca na n-athruithe aeráide, an meath ar an mbithéagsúlacht, fás na heagothruime, féidearthachtaí na teicneolaíochta fáisnéise agus na hintleachta saorga tá athruithe bunúsacha ag teacht inár dtreo. Tugann an comhthéacs nua seo ina bhfuil córais leochaileacha deis nach raibh ann don Gaeltacht le fada an lá.

I bfianaise géarchéim na Gaeltachta mar phobal teanga, is léir go bhfuil a lán oibre le déanamh. Cosúil leis an athrú aeráide tá na fadhbanna thar a bheith dúshlánach. Mar sin féin leis na hathruithe paraidíme agus cur chuige cruthaitheach atá le tuar sa chomhrá seo is féidir fís imlíneach de Ghaeltacht faoi bhláth a shamhlú. San insint thíos dírítear go príomha ar na heilimintí suntasacha seachas ath-insint ar na rudaí atá tagtha chun solais roimhe seo.

I measc na dtéamaí ar leagadh béim arís orthu bhí:

- **An Óige, an Fhéiniúlacht & Cumasú pobail**: bhí an-bhéim ar an ngné daonna – an óige agus an fhéiniúlacht mar thosaíocht i dteannta leis an chumasú pobail. Bhí sé práinneach bunsraitheanna a chur faoi phobal na Gaeltacht in am géarchéime;
- **An Fhírinne**: Ní mór an géarchéim a admháil agus stop a chur leis an gcur i gcéill;
- **Freagracht**: Tá buntáistí maidir le infrastuctúr á sholáthar do limistéir Gaeltachta agus ní mór don phobal freagracht a glacadh as chomh maith;
- **Eiceolaíocht**: Tugadh suntas don dearcadh éiceolaíochta agus cuireadh an-bhéim ar an nasc leis an dtimpeallacht mar shaintréith d'fhéiniúlacht Gaeltachta agus mar nasc leis an dtuiscint a bhí go smior sa teanga.

I measc na dtéamaí nach raibh súil leo, bfhéidir, agus a thugann leideanna luachmhara i dtreo na todhchaí dúinn ná:

- **Tógáil droichid**: tá scáth dearfach á imirt ag ardú stádais na teanga sa Ghalltacht ar chúinsí Gaeltachta; más fíor tugann sé le fios go bhfuil ról níos tábhachtaí le himirt ag pobal na Galltachta maidir le slánú na Gaeltachta;
- **An Teanga mar Chuireadh**: Ní mór an teanga a shamhlú mar chuireadh don óige le fuinneamh agus spraoí seachas ualach;
- **Féiniúlacht Gaeltachta**: Más amhlaidh go bhfuil an timpeallacht – an Ghaeltacht Ghlas - mar chuid thábhachtach d'fhéiniúlacht Gaeltachta is féidir tógáil air seo mar chuid d'fheachtas chun féiniúlacht Gaeltachta a chothú i measc na n-óg;

- **Spiorad na teanga a shaoradh**: Tá saibhreas as cuimse sa teanga dóibh siúd taobh istigh den traidisiún teanga. Conas is féidir an taisce seo a scaoileadh agus a roinnt níos leithne faoi mar atá déanta leis an gceol traidisiúnta? Seans go bhfuil eochair thábhachtach ann do réiteach na ceiste seo;
- **Cur Chuige Nua**: Tá gá le bealaí nua oibre le domhain-éisteacht agus cruthaitheacht chun teacht ar thuiscintí nua ar an mbealach atá romhainn – conas an óige a chur i lár an aonaigh agus conas an pobal a chumasú.

________

____________________

## *Achoimre Fheidhmiúcháin*

____________________

*Focail maidir le Gníomhaíocht* - *Aguisín I*
Ag tús na hócáide bhí deis ag na rannpháirtithe focail a roghnú faoi ghníomaíocht i dtreo Gaeltacht faoi Bhláth – féach an 'scamall fhocal' ag Aguisín I.

Is iad na focail a bhí chun tosaigh ná **an ghné dhaonna** de, an pobal agus an óige – cumasú agus forbairt pobail, comhghuaillíocht, tarraingt le chéile agus cultúr/féiniúlacht óige. Ina theannta sin bhí an bhéim ar **fhís** – straitéis, ceannródaíocht, réalaíocht – agus ar **thréithe** na cruthaitheachta, na radaiciúlachta, an t-ionrachais agus ceiliúradh; agus gan dearmad a dhéanamh ar an fhreagracht.

*Tosaíochtaí* – *Agusín II*
Mar dhara cleachtadh iarradh ar na rannpháirtithe tosaíochtaí a roghnú i measc na mórthéamaí (aguisín V) a d'eascair as an bpróiseas éisteachta roimh ré – féach Aguisín II. Mar is léir 'ní mar a shíltear a bhítear' agus tá rudaí suntasacha le feiceáil sa rangú a deineadh.

*Gné dhaonna*: Mar a tugadh faoi deara i gcomhráite eile le pobal na Gaeltachta bhí **ról na óige** i mbarr an liosta chomh maith le **cumasú pobail** agus forbairt chomhtháite. Ar ndóigh tá sé sin ar aon dul le torthaí an chéad chleachtaithe, arís an bhéim ar an gné dhaonna. Cad a chiallaíonn sé sin? An amhlaidh go bfeictear go bhfuil an taoide ag trá sa Ghaeltacht mar phobal teanga agus go bhfuil práinn bunsraith a chur faoin bpobal, an óige ach go háirithe?

*Fírinne & Eiceolaíocht*: Níos mó ábhar iontais b'fhéidir ná gur luadh insint na fírinne faoi ghéarchéim na Gaeltachta mar an tríú tosaiocht, rud a chiallaíonn de réir cosulachta go bhfeictear an cur i gcéill atá ar siúl go forleathan faoín ngéarchéim. Ina theannta sin bhí sé thar a bheith suimiúil gur luadh fealsúnacht eiceolaioch mar cheathrú tosaíocht. De réir

cosúlachta feictear go bhfuil an-chumhacht ag baint le hathrú paraidíme agus go bhfuil dearcadh éiceachórasach in oiriúint do chúinsí comhaimsire.

*Gluaiseacht/Athnuachan/Polasaithe*: Tá téama faoi 'gluaiseacht Gaeltachta' a sheoladh - faoi mar a bhí sna seachtóidí b'fhéidir - ag teacht chun tosaigh de réir a chéile agus é mar an cúigiú tosaíocht sa rangú seo. Ábhar iontais b'fhéidir ná go raibh na beartais a bhíonn faoi chaibidil sa gnáth dioscúrsa – seirbhísi trí Gaeilge, pleanáil tithíochta srl. – luaite ar an seachtú rung agus an athnuachan institúideach mar thosaíocht a sé.

*Árdú stadais don Teanga go Náisiúnta*: Bhí an ghné seo ar bhun liosta na dtosaiochtaí, rud ar tugadh suntas dó sa comhrá. Dúradh sa réamhphróiseas éisteachta go mbraitheann todhchaí na teanga sa Ghaeltacht ar stádas na teanga go náisiúnta. Cén fáth go raibh a laghad béime air sa rangú seo? B'fhéidir gurbh amhlaidh go bfeictear go bhfuil stádas na teanga ag dul in airde go seasta leis an éileamh ar an ngaelscolaiocht agus an ghluaiseacht i dtreo na teanga imeasc daoine ina bhfichidí sna cathracha?

## *Síolta Todhchaí níos Folláine – Aguisín III*

Ag bogadh i dtreo téama lárnach na comhráite, tugadh deis do rannphairtithe comhrá a dhéanamh i ngrúpaí agus ina dhiadh sin a dtuairimí a roinnt ar mentimeter. Is é an cheist a bhí faoi chaibidil ná: 'Ag glacadh go bhfuil géarchéim Gaeltachta ann, cá bhfuil siolta thodhchaí nios folláine le feiceáil?'

Ar ndoigh is cuireadh chun dearfacht a bhí i gceist seachas an gnáthinsint faoi fhadhbanna agus dúshláin agus spreag sé peirspictíocht as an ngnáth. I measc na síolta a bhí le feiceáil bhí:

- **Tionchar dearfach na Galltachta**: ta tioncar le n-imirt ag an dearfacht i leith na teanga sa Ghalltacht ar mheon phobal na Gaeltacht féin, go háirithe ar an aos óg. Ní raibh aon dabht ach go riabh an dearfacht i leith na teanga go náisiúnta mar scáth dearfach ón taobh amuigh sa Ghaeltacht;
- **An Óige agus normalú teanga**: tá an óige ag labhairt na teanga níos mó nuair a fhágann siad an scoil - tá normalú na teanga i gcomhtéacs spóirt agus ceoil;
- **Pleanáil Teanga**: oifigig pleanála teanga fostaithe fud fad na Gaeltachta agus an pobal páirteach sa phróiseas;
- **An Teicneolaíocht**: tá gteiceanna go forleathan, greasáin chumarsáide á dtógáil agus ócáidí ar fáil ar líne cosúil leis an gcomhrá seo;
- **Pobal Ealaíne**: le leathnú na n-ealaíon agus 'saol cruthaitheach na nGael' tá pobal ealaíne ag lonnú sa Gaeltacht;
- **Oideachas**: tá síolta an todhchaí le feiceáil sa pholasaí oideachais Ghaeltachta, go mór mór an tumoideachas. Sa ghaelscoilaíocht Galltachta tá meas don teanga á chothú;
- **Infrastruchtúr maith**: tá infrastruchtúir níos fearr i limistéir Ghaeltachta ná ina lán áiteanna eile – mar sin tá freagracht le glacadh ag an bpobal agus an fhírinne a insint mar bhunús chun bogadh ar aghaidh;

- **Síolta Eile**: Gaeltachtaí uirbeacha ag fás; tacaíochtaí níos fearr ar fáil ón Stát; múnlaí ar fáil cosúil le gluaiseacht cearta sibhialta; scéimeann tithíochta le coinníollacha teanga is araile.

### *I dTreo Gaeltachta faoi Bhláth – an Spiorad a scaoileadh saor: Agusiín IV*

Sa chuid seo den chomhrá tugadh cuireadh díriú isteach ar an anál, bheith lárnaithe agus ligint don gaois teacht go nádúrtha, seachas an bhéim a chur ar an smaointeoireacht. Ag lorg treorach i dtreo thodhchaí na Gaeltachta faoi bhláth, an raibh aon leideanna ar fáil?

Spreag an cleachtadh seo go leor mothúchán i dtaobh na teanga:

- **Gean** don phobal agus don fhéiniulacht Gaeltachta;
- **Gairdeas** faoin saol, faoin phobal, faoin ait dúchais; ceiliúradh; suaimhneas; fuinneamh agus dearfacht;
- **Spiorad** agus croí na teanga – an 'rud éigin' - a roinnt faoi mar a roinntear spiorad an cheoil thraidisiúnta;
- **Fuinneamh** a chothú chun an teanga a aistriú go glún eile.

Ag tógáil ar na téamaí/mothúcháin seo tugadh faoi deara:

- **Spiorad**: Tá spioradh na teanga ag borradh sa Ghalltacht, go mór mór sna cathracha agus i measc an aosa óig;
- **Cead cainte**:Tá a lán daoine le líofacht nach n-úsáideann í – conas í a scaoileadh?
- **Cuireadh**: Bíodh an teanga mar chuireadh seachas ualach agus freagracht don óige;
- **Infrastructúr Sóisialta**: Tá gá le infrastructúr soisíalta agus cultúir sa Gaeltacht mar bhonn le pobal ag bláthú;
- **An Fhéiniúlacht an eochair**: Tá gnéithe éagsúla den fhéiniúlacht Gaeltachta gur féidir tógáil orthu - an timpeallacht, an inmharthanacht agus an fhiontraíocht, na nithe is tábhachtaí do fhéiniúlacht Gaeltachta na n-óg. Tá an 'Ghaeltacht Glas' mar chuid den fhéiniúlacht sa chaoi go bhfuil an timpeallacht lonnaithe sa teanga. Tá saintréithe an chultúir mar chuid den fhéiniúlacht. Tá damhsa ar leith nach bhfuil in aon áit eile, stíl amhránaiochta, báid seoil agus currachaí, ealaoína béil mar agallamh beirte – traidisiúin a mhair sa teanga. Tá rud éagsúil ann gur deacair a mhíniú gan comhthéacs na teanga.
- **Scaoileadh**: Scaoil amach an rud atá ionainn féin. Déan nasc leis na heilimintí. Bíodh an Ghaeilge mar bhonn radacach agus ceannródaíoch chun dul i ngleic le géarchéim na n-athruithe aeráide ar son leasa an phobail. Tá gá le spraoí agus fuinneamh agus muid ag caint faoin óige agus an todhchaí. Fáil réidh le bagáiste agus srianta an ama atá caite. Conas is féidir smaoineamh agus feidhmiú ar bhealaí nua? Tá gá le domhain-éisteacht chun teacht ar fhreagraí cuí ar cheisteanna doimhne agus an fuinneamh a scaoileadh amach.

## *Focail Scoir*

Dúradh ag an tús gurbh é aidhm an chomhrá seo agus an phroisis éisteachta roimh ré ná ábhar a sholáthair do mholtaí le cur faoi bhráid an Aire agus fonn gníomhaíochta a spreagadh go háitiuil. Is féidir a dhearbhú go bhfuil saibhreas ábhair ar fáil mar bhonn le moltaí soiléire a chur faoi bhráid an Aire agus, cé nach dtógtar na caisleáin thar oiche, go bhfuil imlíne de chur chuige nua cruthaitheach le feiceáil chun gníomaíocht Gaeltachta a éascú.

26.10.21

**Aguisín I**

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

# *Cad iad na Focail ba chóir a lua maidir le Ghíomhaíocht i dtreo Gaeltacht faoi Bhláth?*




**Pobal**: comhghuaillíochtaí; tarraingt le chéile; plé agus comhoibriú; feasacht comhoibriú; idirbheartaíocht; pobal-bhunaithe; cumasú (x2); forbairt pobail; le chéile; meitheal; aontú; daonlathas; tithíocht;

**Óige**: óige; cumasú óige; cultúr óige; daoine oga;

**Treoir**: fís (x2); straitéis; treoir; ceannasaiocht; réalaíocht (x2); fírinne (x2); tuiscint (x2); ceannródaí; todhchaí; oidhreacht;


**Féiniúlacht**: féiniúlacht óige; féiniúlacht;

**Tréithe:** cruthaitheacht (x2); radacach; locaileach; freagracht; láithreacht; dearfacht (x2); misneach; nua-aimseareach; ionrachas; tuisceanach; ceiliúradh;

**Rudaí eile**: ar line; dualgas; freagracht; meáin shóisialta; biseach.

**Aguisín II**

# *Cá háit ar fearr ár nÁird a dhíriú maidir le todhchaí na Gaetlachta?*




**Comhrá**: Bhí sé suntasach go raibh **ról na hóige** lárnach faoi mar a tugadh faoi deara i gcomhráite eile.

Cé go raibh **stádas na teanga go náisiúnta** ar bhun an liosta b'fhéidir nach ábhar iontais é sin ós rud é go bhfuil an-éileamh ag Ghaelscolaíocht I measc an mheán-aicme. Tá ceithre leathanach de gach Iris a fhoilsíonn an INTO tiomanta don teanga. Tá gluaiseacht i dtreo na teanga i measc daoine sna fichidí sna cathracha. Mar sin is léir go bhfuil stádas na teanga ag ardú sa Ghalltacht.

**Aguisín III**

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

---

## *Cá bhfuil Síolta Thodhchaí níos folláine le feiceáil?*

(Ag glacadh go bhfuil Géarchéim ann maidir leis an nGaeltacht mar phobal teanga)

---

*Meon Gaeltachta & Galltachta*: Tá athrú meoin tarlaithe i dtaobh na Gaeilge - níos dearfaí i measc mhuintir na Gaeltachta; tá tionchar le n-imirt ag an dearfacht i leith na teanga taobh amuigh den Ghaeltacht ar phobal na Gaeltachta féin, go háirithe an t-aos óg;

*An Óige*: Daoine óga ag labhairt níos mó Gaeilge; Dearcadh maith ag an óige faoin nGaeilge agus iad ag labhairt na teanga níos mó nuair a fhágann siad an scoil.

*Na hEalaíona*: Feictear dúinn go bhfuil an todhchaí níos folláine le leathnú samhlaíochta, le síneadh na n-ealaíon, le fuinneamh agus ceiliúradh fiáin agus croíúil go leanúnach. Gur féidir le daoine fanacht sa Ghaeltacht agus obair mhaith a fháil; pobal ealaíne agus cruthaitheachta ag lonnú sa nGaeltacht; Saol cruthaitheach na ngael;

*Oideachas*: sa pholasaí don oideachais gaeltachta; tumoideachas; An polasaí don oideachas Gaeltachta agus an bhéim ar thumoideachas;

*Normalú*: Normalú na Gaeilge; normalú na Gaeilge - cluichí, ceol srl

*Teichneolaíocht*: sna gteiceanna; teicneolaíocht; na gréasáin theagmhála (x2); ar-líne - na meáin chumarsáide; gur féidir linn a bheith i dteagmháil mar seo nios mó; ar líne;

*Pleanáil Teanga*: Oifigigh Pleanála Teanga fostaithe ag eagraíochtaí pobail ar fud na Gaeltachta; an pobai páirteach sa phróiseas pleanála teanga; Ba chóir an óige a mhealladh níos mó isteach sa phróiseas pleanála teanga; Gréasán na nOPT;

*An Fhírinne*: Mar chéad chéim - an fhírinne a inseacht agus na fadhbanna a aithint;

*Freagracht:* Freagracht phearsanta (seachas stáit); freagracht phearsanta leis an gcéad ghlún eile a chinntiú;

*Siolta Eile:* Iarrachtaí i mBéal Feirste pobail úra a bhunú; Múnlaí eile thar lear a bhféadfaí Said a bhaint astu; Tá tacaíochtaí níos mó ar fáil ón stát anois nó mar a bhí cúig bliana ó shin; tá s feiceáil sa stair – Gluaiseacht Cearta Sibhialta srl – feachtas; Roinnt iarrachtaí scéimeanna tithíocht le coinníollacha teanga a fhorbairt in áiteacha; Fáidh, Ní fáidh fear ina dhúchas ar

a thairseach féin!

## *Comhrá:*

- ***Scáth dearfach na Galltachta***: luadh go raibh tioncar dearfach á imirt ag daoine ón taobh amuigh. Mar shampla, bhí athrú le braistint thar scór bliain i meon na ndéagóirí timpeall Choláiste Uisce. Bhí meas ar an teanga nach raibh ann de dheasca scoláirí ó UCD/TCD srl bheith ag triall ar an gcoláiste. Thug sé le fios go raibh rud éigin luachmhar sa teanga. Mar an gcéanna le daoine cáiliúla ón taobh amuigh ag déanamh cinneadh dul chun cónaíthe sa Ghaeltacht. Ní raibh aon dabht ach go raibh an dearfacht i leith na teanga go náisiúnta mar scáth dearfach ón taobh amuigh sa Ghaeltacht. Bhí sé ag briseadh an nasc idir an teanga agus bochtanas agus a bheith scoite amach. Más féidir aird a tharraingt ar an luach sa bhreis sa teanga ó thaobh féiniúlachta agus eacnamaiochta de níl aon dabht ach go bhfuil tionchar dearfach le n-imirt ag an taobh amuigh ar an taobh istigh.
- ***Gaelscolaíocht***: dúradh (duine ó earnál na Gaelscolaíochta) go múintear ón gcéad lá ar scoil cé comh luachmhar is atá an teanga – go bhfuil rud sa bhreis ann, an 'G factor' agus gur bhain sé le féiniúlacht agus cultúr.
- ***Freagracht phearsanta***: Bítear ag cur an mhilleáin ar an Stát, é tuillte go minic, ach tá freagracht phearsanta le glacadh. I Ráth Chairn tá infrastructúr láidir ann ó thaobh scoileanna, leabharlann, ionad pobail is araile. Leis na buntáistí uile is faoin bpobal freagracht a glacadh an teanga a aistriu go glún eile.
- ***An Fhírinne***: Le go bfheadaimid bogadh ar aghaidh ní mór na fadhbanna a aithint agus bheith fírinneach.

**Aguisín IV**

ReSource
AT BURREN COLLEGE OF ART
*Ag eascú réitigh cruthaitheacha ar fhadhbanna casta*

---

## *Cruthaitheacht: i dTreo Gaeltacht faoi Bhláth*

---

## *Cur Chuige Cruthaitheach*

***Cúlra***: Sa dara leath den chomhrá tugadh deis don chruthaitheacht le Diarmuid Lyng a thug le fios go raibh féiniúlacht eile ag teastáil chun dul i ngleic le fadhbanna na n-athruithe aeráide is araile sna fiche bliain ós ár gcomhair. Bhí sé aistrithe go himeall na tíre (Corca Dhuibhne) agus ag teacht ar thuiscint faoin nasc idir an teanga agus an timpeallacht. Cad iad na deiseanna a bhí sa teanga?

Thug sé cuireadh bheith feasach faoin gcorp agus an scoilt leis an dteanga atá go domhain sa chorp a scaoileadh. Ag díriú ar shíolta na todhchaí agus ár ról féin bhíomar ag iarraidh teacht ar ghaois an choirp seachas bheith srianta le gaois intleachtúil mar is iondúil dúinn. Tar éis cleachtadh áirithe?? phioc rannpháirtithe focal ón bhfoclóir chun an tsamhlaíocht a spreagadh agus ghlac siad párt i gcomhrá i ngrúpaí beaga.

***An Fómhar***: Seo a leanas na téamaí a spreag an cleachtadh seo:

- ***Giniúint***: conas an teanga a aistriú chuig an gcéad ghlún eile?
- ***Gean***: ar phobal agus fhéiniúlacht na Gaeltachta;
- ***Gairdeas***: faoi mar a bhraithim faoi mo shaol agus mo phobal, an áit ina bhfuilim agus an ceiliúradh a dhéanamh; an suaimhneas, an fuinneamh agus an dearfacht a thagann as a leithéidí;
- ***Ceannródaíocht***: ag teastáil san obair mar Oifigeach Pleanála Teanga. Táim ceannródaíoch ó thaobh nach raibh Gaeilge agam cúig bliana ó shin agus táim sách liofa anois. Táimid tar éis an 'rud éigin' sa cheol a aimsiú ón am ar bunaíodh an Fleadh Cheoil ar aghaidh ach ní amhlaidh leis an dteanga. Conas is féidir bheith ceannródaíoch mar Ghael maidir leis an dteanga ionas go mbeadh daoine ag teacht chugainn ag lorg an 'rud éigin' sin?

## *Tuairimíocht sa Bhreis*

- ***Gaeltachtaí Uirbeacha***: Ta níos mó cainteoirí i mBÁC anois ná mar atá sa Gaeltacht agus beidh baint mhór ag na cathracha le todhcahaí na teanga; agus tá Gaeltacht uirbeach á forbairt i

mBéal Feirste.

- *Úsáid na teanga*: Tá a lán daoine agus líofacht teanga acu nach n-úsáideann í. Dá dtosnódh gach duine a bhfuil cumas na teanga acu a húsáid, tosach maith a bheadh ann;
- *Infrastruchtúr sóisialta*: Bhí sé suntasach an bhéim a cuireadh ar an óige sa gcomhrá agus is cosúil go bhfuil an glún seo níos dearfaí i leith na teanga. Ach muna bhfuil infrastruchtúr, tithíocht, fostaíocht agus athnuachan institiúiteach – na rudaí a tháinig ag bun na dtosaíochtaí a luadh – ní bheidh deiseanna ag an aos óg fanacht sa Ghaeltacht. Ar ndóigh chun bheith ag maireachtáil in áit agus clann a thógáil, tá gá go mbeadh infrastruchtúr sóisialta, pobal agus cultúr ann.
- *Teanga mar chuireadh*: Tá an fhaitíos ann go gcuirfí an t-ualach ar an óige an teanga a shlánú. Má chuireann tú an t-ualach ar dhaoine rithfidh siad uaidh. Is gá gur cuireadh seachas ualach í an teanga;
- *Féiniúlacht Gaeltachta*: De réir taighde choimisiúnaithe ag an Údarás faoi fhéiniúlacht Gaeltachta i measc na hóige – le seoladh tús 2022 - is iad an timpeallacht, an inmharthanacht agus an fhiontraíocht na nithe is tábhachtaí ó thaobh féiniúlachta de. Ní mór tógáil air seo chun Gaeltacht níos fearr a chur ar fáil don óige. As an bhféiniúlacht tiocfaidh gach rud eile. Is í an fhéiniúlacht an eochair;
- *Gaeltacht Glhas*: Tá eochair na féiniúlachta sa timpeallacht chomh maith sa chaoi a bhfuil sé lonnaithe sa teanga. Is féidir an timpeallacht, an oidhreacht, an teanga, an fuinneamh inathnuaithe agus an bhithéagsúlacht a nascadh faoi théama an 'Gaeltacht Ghlas'. Baineann an inmharthanacht le cúrsaí fostaíochta chomh maith – tógáil ar fhoinsí logánta na háite nach féidir bogadh as an áit mar a tharlaíonn le gnónna ilnáisiúnta;
- *Saintréithe*: Is í an teanga bun is barr na Gaeltachta – an rud atá éagsúil. Ní mór go n-aithneofaí an Ghaeltacht Ghlas mar phobal teanga. Ach is í an fhéiniúlacht Gaeltachta an eochair. Tá damhsa ar leith nach bhfuil in aon áit eile, stíl amhránaiochta, báid seoil – traidisiún ag teacht ar ais – currachaí, ealaoína béil mar agallamh beirte – traidisiúin a mhair sa teanga. Tá rud éagsúil ann gur deacair a mhíniú gan comhthéacs na teanga.
- *Scaoileadh*: Scaoil amach an rud atá ionainn féin. Déan nasc leis na heilimintí. Bíodh an Ghaeilge mar bhonn radacach agus ceannródaíoch chun dul i ngleic le géarchéim na n-athruithe aeráide ar son leasa an phobail seachas lucht na cumhachta. Ta gá le spraoi agus fuinneamh agus muid ag caint faoin óige agus an todhchaí. Faigh réidh le bagáiste agus srianta an ama atá caite. Conas is féidir smaoineamh agus feidhmiú ar bhealaí nua. Tá gá le domhain-éisteacht chun teacht ar fhreagraí cuí ar cheisteanna doimhne agus an fuinneamh a scaoileadh amach.

**Aguisín V**

# Téamaí agus Dúshláin

(a d'eascair as an phróiseas éisteachta roimh ré)

## *Comhthéacs Náisiúnta*

***1. An Fhírinne a Insint***: Ní mór an Fhírinne a insint faoi Ghéarchéim na Gaeltachta agus stop a chur leis an gcur-i-gcéill: **An Dúshlán**: Conas is féidir scéal na géarchéime a insint ar bhealach a cruthaíonn fonn chun ghímh seachas éadóchas?

***2. Plean & Stádas***: Tá gá le Fís, Plean, Stádas agus Aitheantas don Teanga agus don Ghaeltacht. **An Dushlán**: Cad is féidir a shamhlú chun stádas na teanga a ardú go náisiúnta agus go mbeadh an Gaeltacht mar thosaíocht níos lárnaí don rialtas?

***3. Dearcadh Éiceolaíoch***: Tá gá le dearcadh éiceolaíoch (seachas cur chuige neamh-shóisialta) ar an nGaeltacht. **An Dushlán**: Conas is féidir fealsúnacht na héiceolaíochta nádúrtha agus polaitíochta i leith na Gaeltachta a chur chun cinn.

***4. Feidhmiú córasach***: Tá gá le cur chuige córasach agus dílárú cumhachta. **An Dúshlán:** An bhfuil deis an Ghaeltacht a shamlú mar eiseamlár an dílárnaithe?

***5. Eisceachtúil***: Ní mór déileáil leis an nGaeltacht ar bhonn eisceachtúil. **An Dúshlán**: An féidir an Gaeltacht a shamlú mar eisceacht fhorásach, áit a mbaintear triail as modhanna nua eagrúcháin, dílárú cumhachta, toscairí folláine, oideachas cuí agus araile?

## *Comhthéacs Gaeltachta*

***1. An Óige***: Ba chóir go mbeadh an Óige i lár an aonaigh. **An Dúshlán**: Conas an óige a chur i suíochán tiomána an athraithe sibhialtachta?

***2. Féiniúlacht:*** Ní mór féiniulacht Ghaeltachta a chothú. **An Dúshlán**: Conas féiniúlacht Ghaeltachta a chothú?

3. ***Cumasú & comhtháthú*:** Ba chóir go mbeadh cumasú pobail agus forbairt chomtháithe mar bhunchloch don chaoi a bhfeidhmíonn gach eagraíocht phoiblí sa Ghaeltacht. **An Dúshlán**: Conas straitéis 'chumasú pobail' ón mbun aníos a chur i bfeidhm?

4. ***Athnuachan Institiúideach*:** Ní mór todhchaí na Gaeltachta a chur i lámha an phobail. **An Dúshlán**: Conas dul i mbun athnuachan institúideach a chur i gcrích – BOO na Gaeltachta; Údarás Pobail; leathnú ar fhreagracht an Údaráis i dtreo fhorbairt pobail agus Gluaiseacht Gaeltachta a bhunú.

5. ***Beartais a bhfuil gá leo*:** Faoi dheireadh luadh roinnt mhaith beartais phraiticiúla a rhí fíorthábhacthach. **Dúshláin**: Conas feachtas a cumasú ar son: Seirbhísí trí Ghaeilge; Scéim nua **'**Labhairt na Gaeilge'; tacaíochtaí do theaghlaigh ag tógáil leanaí le Gaeilge; Siollabas teanga **–** in oiriúint do chuinsí Gaeltachta; Easnaimh theanga na múinteoirí a leigheas trí chomhoibriú idir ranna stáit; An earnál a ghairmiú agus cead pleanála a oiriúnú do chuinsí Gaeltachta.

# IARSCRÍBHINN III

## Moltaí ón tSraith Cainteanna

*'Teacht Aniar na Gaeltachta'*

**28.1.21 go 14.4.21**

## *Réamhrá*

Sa mhéid atá luaite thíos, déantar achoimre ar na moltaí a léiríodh sa tsraith cainteanna faoin teideal 'Teacht Aniar na Gaeltachta' a bhí ar siúl ó Eanáir go dtí Aibreán na bliana seo – féach an iarscríbhinn le haghaidh liosta cainteoirí agus téamaí. Tá an t-ábhar leagtha amach de réir téamaí éagsúla a bhí le tuiscint taobh istigh de na cainteanna sin. Tosaítear le lionsa leathan na hide-eolaíochta agus na héiceolaíochta agus dírítear ansin ar mholtaí bunaithe ar thuiscint sóisialta agus ar chomhthéacs na Gaeltachta:

- **1.0 Comhthéacs Nua - féidearthachtaí nua:** peirspeictíocht leathan ar thioncar treochtaí idirnáisiúnta ar mheon an phobail – agus an t-athrú dearfach i bpeirspeichtíocht an státchórais i leith na Gaeltachta;
- **2.0 Lionsa na hÉiceolaíochta**: tugann an éiceolaíocht lionsa nua dúinn chun gach gné de shaol an phobail a shamhlú mar eiceachóras ina bhfuil gach rud ag brath ar gach rud eile. Ag an am céanna, tá tuiscint faoin timpeallacht go smior sa teanga agus ní mór don rialtas agus don phobal é sin a thuiscint mar bhonn le dul i ngleic leis an ngéarchéim timpeallachta;
- **3.0 Srianta Idé-eolaíochta ar Chumas an Stáit**: Tá grúpa beag gníomhaithe ar son na teanga agus grúpa beag eile ina coinne – idir an dá dhream sin caithfidh an tromlach atá báúil don teanga dul i gcion ar an dream eile.
- **4.0 Moltaí trí Lionsa Sóisialta**: Ní mór do pholaiteoirí an ghéarchéim Gaeltachta a aithint agus feidhmiú de réir fhianaise agus riachtanais shóisialta an phobail;
- **5.0 Peirspeictíocht na Gaeltachta**: Tá gá le gluaiseacht athbheochana na Gaeltachta, cumasú pobail agus cothú bróid teanga agus Gaeltachta - agus
- **6.0 An Clabhsúr**: Sa phlé ag clabhsúr na sraithe bhí moltaí faoi ghluaiseacht Gaeltachta, scéim nua labhairt na Gaeilge, tithíocht do phobal na Gaeltachta, Bord an Údaráis a bheith tofa, athchóiriú ar theorainneacha na Gaeltachta agus a lán eile.

## *1.1Comhthéacs Nua*

Caithfear an córas a athrú mar gheall ar an timpeallacht, an éagothroime,srl. Fágann sin an fhéidearthacht go mbeidh geilleagar níos fábhraí don Ghaeltacht ann – má throidtear ar a son; ach níl aon ridire ar each chun é a dhéanamh.

Tá cur chuige nua eacnamaíochta ag teastáil bunaithe ar an **dílárnú cumhachta** agus athdháileadh maoine. Níl aon leigheas coimeádach ar mheath na nGaeltachta ann. Tá bainistiú an dul í léig ann nó athrú radachach. An neamhréiteach atá agam ná chun rudaí a chaomhnú, ní mór do gach rud athrú. Níl a fhios againn cad a thárlóidh ach tá an cath fós le troid.

___________

1.2 Feictear dom go bhfuil **athrú taoide san státchóras** le cohort nua de stáitseirbhísigh. Faigheann tú éisteacht nach raibh ann cheana – meon i bfad níos oscailte agus gan an bagáiste céanna a bhíodh ann le tabhairt faoi deara. Sa Bhille Teanga – tá go leor de na forálacha agus ionchur orthu ón bfhreasúra nach mbeadh seans leo 15 bliain ó shin. Tá rudaí i bfad níos dearfaí anois le bunsraith reachtaíochta gur féidir tógáil air sna 10 mbliana amach romhainn.

Nuair a thosaíomar i 2012 le Acht na Gaeltachta agus ansin méadú an bhuiséad don PT agus is é an tosaíocht a bhí ann ag a tús ná na pleananna a fháil faomhaithe ag an Aire agus Foras na Gaeilge a chur ag obair agus na pleananna a chur i bfeidhm agus daoine a fhostú. Comhthreomhar leis sin thosaigh muid ag tacú le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus airgead ceart a chur ar fáil do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta

## *2.1 Cur Chuige Éiceolaíoch*

Mar éiceachóras ba chóir go mbeadh leibhéal ceart teanga ag luch slándála sa Gaeltacht. Bunphrionsabal na héiceolaíochta ná **freagracht áitiúil** – ba chóir go mbeadh ionchur leanúnach ag an bpobal áitiúil faoi rudaí a bhaineann leo, na muilte gaoithe mar shampla. Baineann an éiceolaíocht le cúrsaí úsáide, riaracháin, eacnamaiochta srl. Níl tagairt dá laghad i gClár an Rrialtais don cheangal idir an timpeallacht agus an teanga. Ba chóir é sin a athrú go huile is go hiomlán. Níl an dara rogha againn. Caithfhimid dul sa treo sin. Tá ár dtodhchaí ag brath air sin.

Caithfimid coincheap na héiceolaiochta a fheiceáil ar bhealach i bfad níos leithne seachas an gnáthléamh faoin domhan nádúrtha - na crainn, na héin, na plandaí srl – ach an eolaiocht pholaitiúil a bhaineann le cúrsaí daonlathais, cúrsai freagrachta, cúrsaí féiniúlachta, cúrsaí ionadaíochta – ní gné nó feidm faoi leith ach **fís iomlán ar an saol bunaithe ar rannnpháirtiocht, daonlathas, freagracht** maidir leis an domhan atá timeapeall orainn – an domhan daonna agus an domhan nadúrtha. Chun cúrsai teanga sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht a chur i dtreo eile caithfimid an fhís níos iomláine seo den éiceolaíocht a chur ar fáil don pobal**.**

_______________

**2.2 An Ceangal idir an Teanga agus an Éiceolaíocht:** Tá an dá rud an-cosúil lena chéile ar bhealach. Níl mórán cainteoirí fanta – 30,000 ar a mhéad, 20,000 i gceanntracha láidre ar nós Corca Dhuibne, Conamara Theas agus Árainn agus Iarthuaisceart Dhún na nGall agus

breacGhaeltachtaí - An Rinn, thart ar Chúil Aodha, Ráth Chairn, Ceathrú Thaidhg i gCo. Mhaigh Eo, Deisceart agus Oirthuaisceart Dhún na nGall agus cúpla áit eile. Conas déileáil leo chun go leanfaidh siad mar phobail teanga – mar an éiceolaíocht agus cuid den fhealsúnacht chéanna ag teastáil. Glacaim (an Roinn) go bhfuil an coincheap éiceachóras an-chosúil leis an eiceachóras teangeolaíochta, gach rud ag brath ar a chéile – obair Donncha Uí Éalaithe agus Shorcha Ní Cheilleachair. Tá an obair atá idir lámha againn uile ag brath ar a chéile Ní dhéanfaidh aon 'big bang' aon difríocht i gcás na hoibre seo. **Tá gá go mbeadh an córas iomlán ag oibriú go nádúrtha le chéile.** Má tá bearnaí ann ní mór iad a lionadh. Mar sin tá an dá rud an-chosúil lena chéile. Tá an-spéis ag an Aire Catherine Martin sa réimse seo – beidh straitéis 3 bliana á fhógairt againn agus beidh feidhm trasghearrtha a bhaineann leis an nGaeilge á chur chun chinn trasna na Rroinne uilig agus go leor tionchair ar rudai sa státchóras – turasóireacht sa Ghaeltacht, cúrsaí ealaíne, na meáin, TG4 – tá siad uile istigh ann. Tá an-spéis ag an Aire Martin agus ag anAire Chambers go mbeadh an Gaeilge á cur chun cinn trasna na Roinne uilig agus beidh sin le feiceáil sa straitéis nua. 6y Dá mbeadh eagraíocht againn sa Ghaeltacht leis na cumhachtaí agus na fiacla a bhíonn ag na heagraíochtaí caomhnaithe sna limistéir caomhnaithe, bheadh tacaíocht láidir linn?

## *3. Ról Srianta an Stáit*

Tá srianta idé-éolaiocha ar chumhacht an stáit. I gcomhthéacs 'teoiric zón na sábháilteachta' tá difríochtaí cultúrtha agus nósanna teanga atá neamhbhagarthach, inghlactha, incheadaithe – agus difríochtaí contúirteacha a bhfuil toirmeasc orthu. Glactar leis an difríocht teanga (riachtanais oideachais faoi leith, mar shampla) agus ceadaítear an teanga a chur chun cinn, mura gcuireann an difríocht sin zón sábháilteachta idé-eolaíoch an tromlaigh i mbaol.

Cuireann srianta an zóin sábháilteachta (dearcadh an tromlaigh, dioscúrsa faoi theangacha, gan aon chuid den phobal a bheith difriúil...) srian ar leasuithe/athruithe ar eagla go mbogfadh an ionramháil isteach sa zón contúirteach. Mura dtig le ghníomhaithe teanga múnla polaitíocht teanga an stáit a athrú, caithfear ceannas a ghlacadh ar an zón sábháilteachta agus é a leathnú.

Ta grúpa beag gníomhaithe ar son na teaga agus grúpa beag eile ina coinne – mar a dúirt an tUachtaráin: daoine 'for whom Irish isn't dead enough'. **Idir an dá dhream sin tá an tromlach atá báúil don teanga agus ní mór dul i gcion orthu.**

## *4. Moltaí don Státchóras agus d'Aisteoirí Eile – Lionsa sóisialta*

- **Géarchéim a aithint**: Ní mór do pholaiteoirí an ghéarchéim a aithint agus an treo a athrú; Coimisiún Éigeandála a bhunú (Beartas Úr 2016); iniúchadh ar ról pholasaithe an Stáit san aistriú teanga sa Ghaeltacht**;**
- **Pleanáil Shóisialta**: Rannóga stáit a chur ina luí ar cheannairí polaitiúla faoi riachtanais na pleanála sóisialta do na Gaeil**;**

- **Féincheistiú:** Eagraíochtaí pobail iad féin a fhéincheistiú faoin ról atá acu i modhanna oibre an Státchórais;
- **Meabhrú sóisiata:** Acadúlaithe a bheith ag meabhrú go sóisialta ar chinnúint an phobail in áit an dioscúrsachas;
- **Tógáil clainne:** Coistí Pleanála Teanga - Athbhunú Scéim Labhairt na Gaeilge a lorg;
- **Fianaise:** Iriseoirí ag déanamh iniúchadh ar cad iad na fianaisí a thugann treoir do pholasaithe an Stáit?
- **Tosaíochtaí don Phobal:** Brú a chur ar na Coistí Pleanála Teanga díriú ar riachtanais shóisialta an phobail urlabhra Ghaelaigh: (i) Lonnaíochtaí - costas réasúnta ar thithe; (ii) Sóisialú Gaelach na n-Óg i dteaghlaigh, i bpiarghrúpaí Gaeilge; (iii) Deiseanna fostaíochta**;** (iv) Acmhainní a chuirfeas le buntáiste socheacnamaíochta na nGael agus cumas comhoibrithe idir na Gaeil; (v) Riaradh daonlathach acmhainní na nGael; Straitéis shóisialta san aistriú teanga.
- **Próiseas réalaíoch**: Eirí as siombalachas sa Ghaeilge áit ina bhfuil géarchéim sa Gaeilge – ag déanamh díluacháil ar an bpróiseas.

## *5. Moltaí ón nGaeltacht*

**Gluaiseacht Athbheochana na Gaeltachta**: Tá sé in am gluaiseacht athbheochana na Gaeltachta a bhunú anois – 'Custer's last stand'. Ní gluaiseacht pholataíochta nó agóidíochta a bheadh ann ar dtús. An aidhm a bheadh leis ná Gaeilgeoirí ón taobh amuigh agus ón taobh istigh a lonnú sa Ghaeltacht.

**Féidearthachtaí Fostaíochta**: Tá an saol ag athrú go tréan agus tá na deisanna fostaíochta faoin tuath ag méadú de réir mar atá na córais chumarsáide ag feabhsú. Níl fáth ar bith nach n-aistreofaí ceanncheathrú na n-eagras Gaeilge ar fad chun na Gaeltachta. Neartú ar an bpobal Gaeltachta a bheadh ansin freisin. Rud eile a dfhéadfadh gluaiseacht na Gaeltachta a dhéanamh ná a chur ina luí ar lucht rialtias an méid is féidir d'obair an stáit a dhéanamh sa Ghaeltacht. Nach bfhéadfaí ceisteanna faoi rialacha stáit a freagairt as ionad Gaeltachta? Is ea go deimhin agus freagra a fháil i ndea-Ghaeilge má tá sé ag teastáil. Ní dheachaigh sé i bfeidhm ar thuismitheoirí na Gaeltachta fós go bféadfadh Gaeilge agus Béarla a bheith ag a gclann – agus teangacha eile chomh maith.

**Níos bródúla as an nGaeilge**: Le go mbeadh deis ag an bheagán beag Gaeilge atá fágtha fós caithfimid ar fad a bheith níos bródúla as an nGaeilge agus as an nGaeltacht ná mar atáimid faoi láthair

## *6. Moltaí ón Phlé – an Seisiún deiridh*

**Gluaiseacht Gaeltachta:** Sílim go bhfuil easpa mórtais anois agud daoine ag múnlú an aosa óig. Tá siad faoi thioncar na meán sóisilata agus gan feasacht láidir Gaeltachta acu mar a bhí againne. Ní mór dul i gcion ar an mbród agus ar an bhfeasacht agus an meas. Cad is féidir don státchóras a dhéanamh? Mar a léirigh muintir Chonamara thar na blianta, má tá

gluaiseacht láidir pobail agat is féidir athruithe móra a chur i bfeidhm. Dá mbeadh gluaiseacht láidir Gaeltachta againn agus muid aontaithe ar na príomhchuspoírí againn, sílim go bfheadfaimis dul i gcion i bfad níos mó ar an státchóras. Is féidir linn comhoibriú le chéile agus na fadhbanna a phlé ach chun dul i ngleic leis na fadhbanna déanann an státchóras neamhaird dúinn ós rud é nach bhfuil cumhacht againn. Níl aon iachaill á chur ar dhreamanna áirithe. Dá mbeadh comhoibriú idir eagrais mar Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Muintearas, Tús Áite agus go leor eile agusniad ag plé na n-ábhar a bhfuilimid ag plé leo mar OPT's, bheimis i bfad níos éifeachtaí.

**Pleanál Teanga – Comhtháthú ag teastáil:** Tá na hOPT ag obair i bfolúntas; próiseas easnamhach – a lán réimsí agus eagraiochtaí eile 'sna réimsí céanna gan iachall orthu bheith páirteach sa phróiseas PT. Tá próiseas comhtháite ag **teastáil** agus a bheith macánta faoi na fadhbanna atá ann agus go bhfuil an teanga ag dul i léig. Go dearfa, tá gréasán i bfad níos láidre ná riamh leis na hOPT i ngach ceantar. Más fíor an méid sin, caithfear breathnú air agus ní mór na heagraíochtaí a chur ag comhoibríu lena chéile. (freagra an státchórais).

**Seachadadh na Teanga go dtí an chéad ghlúin eile**: Trí rud a chuideodh leis na hOPT i gCois Fharraige ná: 1. **scéim nua Labhairt na Gaeilge** a mhol an staidéar chuimsitheach; is gá an taoide a chasadh. Nuair a cuireadh deireadh leis an scéim, tháinig titim ar líon na leanaí le Gaeilge. Tá an taighde agus an t-aitheantas i gceist. 2. **Tithíocht** a chur ar fáil do chainteoirí teanga. D'fhéadfaí cumhachtaí a thabhairt do ÚnaG sa réimse seo; tá cumhacht acu monarchana a bhunú cheana féin. 3. Deireadh le scannal **teorainneacha na Gaeltachta** atá molta ag go leor.

**Ról níos lárnaí d'Údaráis i gcúrsaí pleanála:** Táúdarás pleanála ann agus tá ról srianta ag an Údarás ina leith; d'fhéadfaí é a leathnú. Tá easpa tithíochta le ceannach nó le fáil ar cíos ar phraghas réasúnta – is fadhb mhór é sin. Bfhéidir gur fadhb mhaith é go bfhuil daoine ag iarraidh filleadh abhaile. Táimid ag caint le comharchumainn agus CoCo faoi bhealaí dul i ngleic leis.

**Fostaíocht**: Tá eagraíocht Stáit dár gcuid féin againn a bhfuil freagracht eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na Gaeltachta uirthi agus cé nach bhfuil na cumhachtaí go léir againn tá stráitéis uaillmhianach, dúshlánach againn agus tuigimid na deisanna atá sa Ghaeltacht, an géargá atá ann fostaíocht a chur ar fáil; luadh daoine ag fáil oideachais mhaith agus ag fágáil na Gaeltachta, rud atá ag tarlú le blianta blianta. Ag tús Mí Aibreáin fógraíodh 140 jab i gCois Fharraige agus fógra le gairid faoi Randox ar an Chlochán Liath. **Is féidir linn postanna ar ardchaighdeán a chur ar fáil sa Ghaeltacht** agus gur féidir le daoine fanacht sa bhaile nó filleadh ar an mbaile. An t-aon rud a dhéanfadh díchailiú ar dhuine as an nGaeltacht nach mbeadh na cáilíochtaí chuí aige/aici. Agus tá bainaistíocht na monarchana ag iarraidh go mbeadh muintir na háite fostaithe acu.

**Tógáil leanaí le Gaeilge – riachtanais shonracha phobal na Gaeltachta:** Níltear ag féachaint go sonrach ar riachtanais phobal na Gaeltachta – **'one size fits all'**. Níl achmhainn a dhóthain ann don phobal teanga – ag diriú ar an bfoghlaimeoir; ba chóir beith ábalta freastal ar an uile shaghas riachtanas don uile saghas duine. Thit réimsí teaghlaigh idir dhá stól ó thaobh obair Thuismitheoirí na Gaeltachta de (ag feidhmiú go náisiúnta ó 2018) –

cúrsaí óige, cúrsaí oideachais, cúrsaí ealaíne – tá deacrachtaí na hearnála sin á gcruthú agus á gcothú.

**Fianaise faoi Éifeacht Pholasaithe an Stáit:** Tá sé beartaithe ag an Údarás taighde a dhéanamh. Agus táimid (an Roinn) ag obair leis an CSO ar mhaithe le ceisteanna breise a fháil ar an bhfoirm daonáirimh – agus tá Sorcha Ní Chéilleachair ag obair leis an CSO chomh maith. Tá bealaí eile chun staitisticí a aimsiú. Agus i dtaobh Scéim Labhairt na Gaeilge bhí sé ceangailte le scéim na ndeontas tithíochta agus bhí ar an dalta sa scoil an SLG a ghnóthú chun go mbeadh tairbhe na scéime sin le gnothú. Ní doigh liom go ndéanfadh €250- mórán difríochta d'aon teaghlach. Ach (Donncha) **is scéim nua Labairt na Gaeilge atá á mholadh** faoi mar a mhol oifigigh na roinne féin 2004/5 agus a mhol an staidéar cuimsitheach.

**Admháil go bhfuil Géarchéim ann?** (Roinn) Deireann Catherine Connolly é go minic. Ní féidir a shéanadh ach go bhfuil gearchéim ina lán limistéar lag (mar a luaigh Donncha faoi theorainneacha Gaeltachta) agus ní thugann muintir na háite sin faoi deara go bhfuil géarcheim teanga ann – níl an teanga ar a radar acu. (Donncha) Is 'sna ceantracha láidre atá an ghéarchéim – tá an cath sin thart 'sna ceanntrachta laga.

6.5.21

**Iarscríbhinn**





15.4.21: **An Plé** le: **Aodhán Mac Cormaic**, Stiúrthóir na Gaeilge, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; **Micheál Ó hÉanaigh**, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta; **Sorcha Ní Chéilleachair**, Ceannasai, Tuismitheoiri na Gaeltachta**; Dónall Ó Cnáimhsí**, Oifigeach Pleanála Teanga LPT Gaoth Dobhair; **Donncha Ó hÉallaithe**, Gníomhaí Pobail, Conamara agus **Gormfhlaith Ní Thuairisg** ó Ráidio na Gaeltachta mar éascaitheoir.

## IARSCRÍBHINN IV

# *'Teacht Aniar na Gaeltactha: Cur Chuige Nua'*

**Tuairisc** faoi **Chomhrá ar line**

**22 Iúil 2021**




*Tosaíochtaí*

# *Teacht Aniar na Gaeltachta – Cur Chuige Nua*

## *Réamhrá*

***Aidhm***: Reachtáileadh comhra ar líne ar an Déardaoin an 22 Iúil le athmhachnamh a dhéanamh ar a raibh le cloisteáil sa sraith cainteanna 'Teacht Aniar na Gaeltachta' a tionóladh idir an 28ú Eanáir agus an 15ú Aibreán. I ndáiríre clabhsúr a bhí san seisiún seo ar an sraith cainteanna sin.

***Cur Chuige:*** Deis a bhí ann d'éinne ar spéis leo todhchaí na Gaeltachta plé oscailte a dhéanamh i ngrúpaí agus a dtuairimí a roinnt go príobháideach trí mheán na teicneolaíochta. 'Sé an cur chuige a bhí ann ná rannpháirtithe a roinnt in ngrúpaí ceathrar i gcomhar dhá bhabhta ceisteanna faoi:

- Na cesiteanna agus na comhráite is tabhachtaí i dtaobh todhchaí na Gaeltachta agus
- Cad tá ag teastáil taobh istigh den Ghaeltacht agus idir an Ghaeltacht agus an Státchóras cun fís uaillmhíanach agud chur chuige nua sa Gaeltacht a chru I gcrích.

Taréis gach babhta comhrá iarradh ar rannpháirtithe a dtuairimí a nochtadh faoi na ceisteanna sin trí mheán 'mentimeter', áis a éascaíonn smaointe a roinnt le cách ach ar bhonn priobháideach. Cé nach raibh ach timpeall fiche sé í láthair ar an oiche brea Samhraid, comhrá brea briomhar a bhí ann le smaointóireacht spreagúil.

***Tuairisc***: 'Sna haguisíní tá na freagraí a tugadh ar na ceisteanna gan aon eagarthóireacht ach amháin na tuairimí a roinnt de réir théamaí. Thíos déantar na mór-théamaí a lua agus scagadh ar príomh phointí an gcomhrá.

## *Na Mór-théamaí*

***An Ghné Dhaonna***: An téama mór a bhí le sonrú san comhrá uile ná an bhéim ar an ghné dhaonna a bhí á lorg ag na rannpháirtithe san cur chuige – an bhéim ar an óige, beocht, tacaíocht, rannpháirtíocht, cumasú pobail, daonlatha srl.

***Slógadh an Phobail***: Téamaí eile a bhí sonrach ná go n-aitneodh an Stát an géarchéim Gaeltachta, an gá le athrú bunúsach ar an gcóras agus slógadh an phobail.

---

## *Athchoimre*

### *Focail ar chóir a lua le Fís maidir le Todhchaí na Gaeltachta* (*Aguisín I*)

Ag diriú isteacht ar na focail ar chóir a lua í bfís maidir le todhchaí na Gaeltachta chuireadh bhéim ar na mothucháin – craic, grá, misneach, dearfacht – comh maith leis an óige, an pobal agus cur chuige rannpháirtíoch, comhoibritheach agus ón mbun aníos. Luadh straitéis, acmhainni agus cumhacht comh maith.

### *Tosaíochtaí maidir le Teacht Aniar agus Todhchaí na Gaeltachta* *(Aguisín II)*

Nuair a iarradh ar rannpháitithe rangú a dhéanamh ar liosta de thosaíochtaí bunaithe ar an sraith cainteanna, bhí an fócas arís ar an gné daonna - an óige (an rogha a bhí ag bun an liosta san leagan amach), ón mbun aníos/cumasú pobail, tacaíocht teaghlaigh ag tógail leanaí trí Ghaeilge agus cothú bród agus féiniulachta. Ina dhiadh sin bhí an pleanál comhtáite, seirbhísí trí Gaeilge, bord tofa don Údarás agus córas pleanála ar leith.

Ag freagairt ceiste faoi na rudaí nach raibh luaite san liosta thuas bhí fráma an phobail cun tosaigh: an t-oideachas – ioncur ón bpobal; an teanga – freastal ar chainteoirí dúchais, agus slógadh an phobal cun an córas a athrú go bunúsach. Ina theannta sin chuireadh bhéim ar an gá go mbeadh an Stát ionraic faoin nGaeltacht agus an géarchéim a aithint.

### *Cur Chuige Phobal na Gaeltachta chun Fís uaillmhianach a bhaint amach?*
*(Aguisín III)*

Bhí na mór-théamaí a luadh maidir leis an gcur chuige atá riachtanach do phobal na Gaeltachta chun fís uaillmhianach a bhaint amach ag luí isteach go hiomlan leis an gné daonna agus slógadh an phobail:

- **Tréithe** an mhisnigh, na dánaíochta agus na troda;
- **Árdú feasachata**: faoi tabhacht na teanga agus féinmhuinín iontu féin mar phoabl luachmhar;

- **Teaghlaigh** agus comharsanacht mar bhonn le cur chuige nua;
- **Gluaiseacht** gníomhaíochta leis an córas a athrú í dtaobh fadhbann comónta – daonlathas aitiúil, tithíocht srl. – agus feidhm a bhaint as na meáin soisilata;
- **Polasaithe teanga** sna hearnálacha príobháideacha agus poibli;
- **Údarás –** níos mó cumhachtaí agus athruithe móra ag teastáil;
- **Cabhair a lorg** ón nGalltacht do phobal atá tuirseach traochta ón troid.

## *Na hAthruithe atá riachtanach sa Chaidreamh leis an Stát* *(Aguisín IV)*

Bhí fuinneamh agus doimhneas ag baint leis na freagraí ar an gcheist faoi na hathruithe atá riachtanach san chaidreamh leis an Stát chun fís uaillmhinach don Ghaeltacht a chur í gcrích:

- **Ionraicheas**: tá sé thar am deireadh a cur leis an cur i gcéill an Stáit faoi staid na Gaeltachta agus freagracht a glacadh seachas an uallach a chur ar phobal na Gaeltachta;
- **Níos teanntásaí:** is gá do phobal na Gaeltachtaí bheith í bfad níos trodaí agus glórmhar agus cothromas a éileamh agus a cothú;
- **Daonlathas díreacht:** tá dílárú ollmhór cumhachta agus daonlathas áitiuil ag teastáil chun go mbeadh smacht ag muintir na Gaeltachta ar a saol féin;
- **Structúir nua** a thabhairt cun chin leis an chaidreamh idir Stát agus Gaeltacht a fheabhsú agus a neartú.
- **Rudaí eile:** láidriú ar riachtanais teanga sa státchóras; an earnál gnó ag plé leis an Stát i nGaeilge; breis ama ar RTE don teanga; agus logainmneacha cearta ar fud na tíre.

## Tráchteanna Deiridh

San comhrá oscailte ag deireadh an tseisiúin bhí roinnt ceisteanna breise le tairiscint:

- Cén chomhairle athnuachana a bheadh againn do RnG chun ag druidim le 2022 agus ceiliuradh 50 bhlian ó bhunaiodh é?
- Tá an riarachán áitiuil in Éireann an-lag – conas dílárnú cumhachta agus achmhainnaí a chur i bfeidhm?
- ‘Sna Stáit Aontaithe tugtar cosaint do na bundúchasaigh agus déantar speicis atá i mbaol a chosaint i ngach tír. Cad faoin ár mbundúchasaigh teanga féin?

---

## Cad iad na Focail ba chóir a lua í bFís maidir le Todhchaí na Gaeltachta?


- **Mothucháin**:Craic; Anam; Beo; Meas; Grá; Dearfach; Spreagadh; Tacaíocht (x2); Tuiscint; Meon; Misneach.
- **Cur Chuige**: Neamhspleách; Daonlathas (x2); Rannpháirtíocht; Aontú; Comhoibriú; Ón mbun aníos; Úinéireacht; Nasc; inchurtha-í-bhfeidhm; Iarracht uileghabhách; Tacaíocht.
- **Eagrúchán**: Straitéis; Cumhacht; Acmhainní; Eacnamaíocht;
- **Pobal-bhunaithe**: Sóisialachas; Pobal; Óg; Óige; Oideachas;

*Í bfianaise an meid atá cloiste 'sna cainteanna cad iad na focail ba chóir a lua í bfís maidir le todhchaí na Gaeltachta?*



**Aguisín II**

## Cad iad na Tosaíochtaí is tabhachtaí maidir leTeacht-aniar agus Todhchaí na Gaeltachta?




## Cad iad na ceisteanna/téamaí/comhráite nach bhfuil luaite thuas?

- **Oideachas**: Córas oideachais;
- Úinéireacht/ionchur ag na Pobail Ghaeltachta ar athruithe i saol an oideachais... todhchaì na teanga;
- Córas oideachais iar-mheánscoile;
- **An Teanga**: Freastal ar chainteoirí dúchais;
- Seirbhísí príobháideacha / gnóanna le Gaeilge;
- **Gluaiseacht**: Cén chaoi ar féidir leis na Gaeil a bheith páirteach in iarrachtaí níos leithne leis an gcóras ar fad a athrú? Caithfear deiredh a chur leis mar gheall ar an timpeallacht, éagothroime srl.–rud a fhágas deis le tacaíochtaí níos mó a fháil do na Gaeil;
- Daonlathachas agus cumhacht áitíúil;
- **Géarchéim a aithint**: Meon an stáit i leith na Gaeilge;
- An cur i gcéill ag an Stáit;
- Go n-aithníonn an Stát go bhfuil géarchéim ann;
- Admhail na géarchéime atá ann - muintir na Gaeltachta agus an rialtas;
- **Rud Eile**: Fimínteacht.

**Aguisín III**

## Cén cur chuige atá riachtanach do Phobal na Gaeltachta chun Fís uaillmhianach a bhaint amach?

- **Tréithe ag teastáil**: Misneach a choimeád;
- Misneach;
- Dánaíocht & glórach!
- Dánaiocht i bhfad níos láidre a léiriú;
- Cur ina luí ar maorlathas sinsearach an stáit nach nglacfar le faillí i dtaobh na Gaeltachta as seo amach;
- Seirbhísí go luath, éadóchas a choinneáil amach do lucht labhartha;
- **Árdú Feasachta**: Níor mhór go mbeadh muinteir na Gaeltachta ar an eolas ar cé chomh tairbheach agus cé chomh tábhachtach is atá an Ghaeilge - glactar leis go dtuigeann siad!
- Féintuiscint agus féinmhúinín iontu féin mar phobal luachmhar faoi leith - agus é sin a léiriú don stát le comhghlór údarásach;
- Cur chuige bunaithe ar teaghlaigh agus comharsanacht thar aon rud eile agus meon an 'teorainn teanga' in áiteanna áirithe;
- **Gluaiseacht throdach** a dhéanas gníomhaíocht dhíreach agus a thuigeas go mbaineanngo leor de na fadhbanna seo le níos mó ná an Gaeltacht amháin – mar shampla tá an daonlathas áitiúil an-lag agus géarchéim tithíochta ann go náisiúnta;
- **Polasaithe Teanga**: Caithfear an Ghaeilge a bheith i bhfad níos feiceálaí i gceantaír Gaeltachta agus caithfear í a chloistéáil;
- Tá géarghá le polasaithe teangan i ngach gnó, comhlucht srl.
- Coinníoll Gaeilge don Ghaeltacht. Polasaithe Gaeilge sna gnónna;
- Tacaíocht níos mó d'oibrithe an stáit a bhfuil Gaeilge acu. Gréasan nó ceardchumann do chainteoirí Gaeilge an stáit chun cuidiú leo an Ghaeilg a chuir chun cinn;
- **An Córas a athrú**: Tabhairt faoi na ceangail atá ag an stát agus dreamanna eile agus iad a bhriseadh agus córas níos fearr a chur ina áit;
- Cumhacht agus smacht an stait a bhriseadh agus a theorannú;
- **Údarás na Gaeltachta**: Níos mó cumhachtaí ag ÚnaG, toghcháin áitiúla, smacht ó cúrsaí tithíochta agus eile;
- Athrú mór a dhéanamh ar Údarás na Gaeltachta;
- **Tithiocht – coinníoll teanga**: Coinníoll Gaeilge riachtanach do dhuine ar bith atá ag beartú cuir fúthú sa Ghaeltacht. Tá cuid mhór tithe saoire sa Ghaeltact agus níl feidhm ag duine ar bith cumas Gaeilge bheith acu.
- **Na Meáin Nua**: Breis usaid a bhaint as na meáin cumarsaide nua;
- Nios mó úsaide a bhaint as gach meán sóisialta da bhfuil ann;
- **Cabhair ón nGalltacht**: An féidir tacaíocht a fháil ó phobal na teanga sa Ghalltacht?
- Conas is féidir cabhair a fháil ón nGalltacht?
- Tá siad tuirseach traochta ón troid - caithfidh an tír go hiomlán é sin a aithint;
- Níor mhór polasaithe rialtais a bheith céad faoin gcéad taobh thiar d'iarracht ar bith.

**Aguisín IV**

## Cad iad na hAthruithe atá riachtanach sa Chaidreamh leis an Stát chun Fís uaillmhianach don Ghaeltacht a chur i gcrích?

- **Ionraiceas seachas Cur i gCéill:** Cur i gcéill an Stát maidir le seirbhísí as Gaeilge a ainmniú;
- An Stát bheith dearfach i leith na teanga i áit an cur i gcéill faoi láthair;
- Ionraiceas agus macántacht a chothú i leith na géarchéime atá ann i measc an phobail agus an stáit;
- **Níos trodaí**: A chur ina luí ar an stáit nach puipéidí iad muintir na Gaeltachta;
- Caithmuid muid a bheith i bhfad níos trodaí agus níos glórmhara - ní ghéillfidh an stát blas dhúinn muna gcuireann muid iachall orthu;
- Gan géilleadh le brú an Bhéarla - bheadh stailc teangan go maith - agus meas, cothromas agus tuiscint na Gaelachta a chothú;
- **Dílarnú ollmhór Cumhachta**: An t-eolas a roinnt leo a bhí le cloistéail i roinnt de na leachtanna seo ó Theacht Aniar – ní roinntear an t-eolas seo ach amháín i gciorcail léinn; caithfear cumhacht a bhaint den stát - is bac ollmhór é nach bhfuil cumhacht agus achmhainní ag muintir na Gaeltachta ar a saol féin. Dílarú ollmhór cumhachta a theastaíonn;
- **Daonlathas Áitiuil**: Féach ar tíorthaí ina bhfuil ilteangachas buaine iontu. Féach ar córas na hEilvéise. Ceantracha neamhspleách óna chéile, teoranta láidir idir teangacha, an saghas 'direct democracy' atá acu, na cumhachtaí áitiúla atá acu;
- **Freagracht an Stáit**: Caithfidh an stáit níos mó freagracht a ghlacadh agus tús áite a thabhairt don Ghaeilg nuair a bhíonn siad ag plé leis an Ghaeltacht. Ní leor bheith ag cur an ualach uilig ar dhaoine aonaracha atheagrú iomlán ar leagan amach na Gaeltachta agus éisteacht a thabhairt don phobal iomlán;
- Níos mó Gaeilge a chloisteáil i dtithe an oireachtais ... ar na meáin ar fad... i bhfógraíocht srl.
- **Struchtúir nua** a thabhairt chun cinn leis an chaidreamh idir Stát agus an Gaeltacht a fheabhsú agus a neartú;
- **Comhaontú**: Polaiteoirí a bhfuil bá acu leis an nGaeilge a bheith ar aon fhocal faoin ród atá amach romhainn;
- **Riachtanas Gaeilge**: Leathnu a dheanamh ar ceatadan riachtanais na Gaeilge i leith postanna stait seirbhise;
- **Earnáil an Gnó:** Tábhachtach go mbeadh earnáil an ghnó ag plé leis an stáit i nGaeilg agus é intuigthe ag an stáit go bhfuil ceantracha Gaeltachta ann agus an Ghaeilg beo iontu;
- **RTE:** Breis ama a lorg o RTE le h-aghaidh cláracha agus usaid na Gaeilge - gan é a bheith fagtha do Tg4 amhain;
- **Logainmneacha cearta** ar fud na tíre agus go háirithe sa Ghaeltacht ... a bheith ar chomh-thomhais le Béarla.....Eircode!!!!

# IARSCRÍBHINN V

## Na Catagóirí Gaeltachta

## Cúlra:

Socraíodh teorannacha na Gaeltachta sa bhliain 1956 le Ordú Rialtais (S.I. No 245/1956: Gaeltacht Areas Order).

Ó shin cuireadh roinnt ceantair eile leis an nGaeltacht, i gCo na Mí nuair a tugadh aitheantas Gaeltachta do Ráth Cháirn agus Baile Ghib i 1967; i gCo Chiarraí nuair a cuireadh trí toghroinn thart ar An Clochán leis an nGaeltacht agus i gCo Phort Láirge méadaíodh Gaeltacht na nDéise i 1974. Cuireadh le Gaeltacht Mhúscraí agus Gaeltacht na Mí sa bhlian 1982. Níor baineadh aon cheantar amach as an nGaeltacht ó 1956.

Cuireadh an **Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht** ar bun 'le faisnéis teangeolaíoch a chur ar fáil don Stát mar chuid de phróiséas aithbhreithnithe ar stádas na Gaeltachta'. Tuigeadh ag an am go raibh critéir teangeolaíoch le moladh a fhéadfaí a usáid le teorannacha na Gaeltachta a athshocrú.

Rinne an **Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht** (2007) idirdhealú idir trí cineál pobal teanga sa Ghaeltacht: Catagóir A, ceantair ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga pobail, tríd is tríd; Catagóir B, na ceantair ina bhfuil an Béarla in uachtar i measc na n-aoisghúpaí óga ach go bhfuil 'céatadán suntasach' de na haoisghrúpaí níos sine ina gcainteoirí laethiúla Ghaeilge agus Catagóir C, na ceantair ina bhfuil usáid teoranta á bhaint as an nGaeilge i measc an phobail ach go bhfuil tumoideachas trí mheán na Gaeilge á chur i bhfeidhm iontu ag an mbunleibhéal agus ag leibhéal an iar-bhunoideachais.

Moladh sa '**Staidéar Teangeolaíoch (Alt 6.5)** go mba chóir na "critéir mheasúnaithe" atá sa tábla thíos, a úsáid chun an **152** togha roinn (TR) nó páirt togha roinn a bhfuil aitheantas oifigiúil Gaeltachta acu a rangú. Úsáideadh **3** chatagóir éagsúla leis an rangú a dhéanamh: **A, B** agus **C.**

**Tábla 1. Na Critéir Teanga atá Molta in Alt 6.5 den Staidéar Teangeolaíoch ar an nGaeltacht**

| Catagóir Ghaeltachta | % Cainteoirí Laethiúla Gaeilge do réir an Daonáirimh | % Teaghlaigh a bhfuil leanaí acu i dteideal an deontais faoi Scéim Labhairt na Gaeilge |
|---|---|---|
| **A** | 67%+ | 65% + |
| **B** | 44% - 66% | 30% - 64% |
| **C** | 30% - 43% | 10% - 29% |
| **Gan Stádas** | < 30% | < 10% |

Cé gur moladh sa tuarascáil go dtabharfaí 'stádas reáchtúil' don trí chatagóir sa bpróiséas pleanála teanga ní dhearna an rialtas ag an am aitheantas a thabhairt don idirdhealú bhí molta idir na cineálacha éagsúla pobal teanga atá laistigh de theorannacha oifigiúla na Gaeltachta.

Cuireadh deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge sa bhliain 2011. Fágann sin gurb é 2011 an bhliain dheireannach a fhéadfaí usáid a bhaint as an dá chritéir a moladh leis na Toghcheantair Ghaeltachta a rangú san catagóirí.

Do réir na gcritéar sa tábla a bhí molta sa Staidéar Cuimsitheach, bheadh daonra na Gaeltachta, roinnte isteach sna catagóir A,B agus C do réir an tábla seo thíos. (Tugtar na sonraí don bhliain 2006 i lúibíní sa tábla thíos.)

**Tábla 2: Daonra na Gaeltachta do réir na gCatagóirí Éagsúla 2011 (2006)**

| Catagóir | Daonra | % de Dhaonra na Gaeltachta Oifigiúla |
|---|---|---|
| **A** | 17,316 (17,199) | 17% (18%) |
| **B** | 12,782 (9,780) | 13% (10%) |
| **C** | 14,513 (16,871) | 14% (18%) |
| **Ceantair Eile** | 56,105 (51,653) | 56% (54%) |
| **An t-Iomlán** | 100,716 (95,503) | 100% |

Nóta: Ba cheart é a shoiléiriú gur mhol an Staidéar dhá bhliain a thabhairt do na ceantair laga na critéir a moladh a shroisint ach faoi dheireadh dhá bhliain go gcaillfidís an stádas Gaeltachta.

Léiríonn an tábla 3 thíos an briseadh síos sna catagóirí éagsúla i ngach ceann dena contaethe Gaeltachta, dá bhfeidhmeofaí na gcritéir a bhí molta sa Staidéar Teangeolaíoch ar figiúirí 2011.

## Tábla 3: An Daonra i 2011 de réir na gCatagóirí do gach Contae Ghaeltachta

| Contae | A | B | C | (A+B+C) | Eile | Daonra 2011 (2006) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Mhí | - | - | 698 | 698 | 1,073 | 1,771 |
| Ciarraí | 1536 | 1,506 | 2,180 | 5,222 | 3,758 | 8,980 |
| Corcaí | - | 1,286 | 2,358 | 3,644 | - | 3,644 |
| Dún na nGall | 6002 | 4,110 | 5,379 | 15,491 | 9,253 | 24,744 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gaillimh** | 9,778 | 4,199 | 2,138 | 16,115 | 32,792 | 48,907 |
| **Maigheo** | - | 358 | 1,409 | 1,767 | 9,119 | 10,886 |
| **Port Láirge** | - | 1323 | 351 | 1,674 | 110 | 1,784 |
| **Iomlán** | 17,316 | 12,782 | 14,513 | 44,611 | 56,105 | 100,716 |

## Deacrachtaí

Bhí na moltaí faoi na critéir éagsúla in Alt 6.5 dena tuarascáil a eisíodh ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht soiléir. Bhí an cuma air go raibh na pobail Ghaeltachta sásta glacadh leis go mba cheart idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla pobal teanga sa Ghaeltacht. Ach ní raibh an rialtas sásta an aitheantas reachtúla a thabhairt do na catagóirí, mar a moladh sa Staidéar.

An fhad is go mbeadh aithbhreithniú rialta á dhéanamh ar na catagóirí éagsúla, d'fhéadfadh sé feidhmiú mar spreagadh do phobail stádas níos airde a bhaint amach nó gan titim faoi bhun an stádas atá acu cheana féin nó gan titim amach as an nGaeltacht ar fad. Ar an gcaoi sin bíonn fóirne spóirt ag déanamh a ndícheall le fanacht sa roinn is airde. Mar chuid den próiseas pleanála teanga d'fhéadfadh na catagóirí A, B agus C spreagadh dona pobail Ghaeltachta a stádas a chosaint nó a fheabhsú thar am.

Tá an Ghaeltacht curtha as riocht ag an méid dhó nár cheart a bheith áirithe mar Ghaeltacht. Tá níos mó daoine i gCathair na Gaillimhe ina gcónaí in eastáit tithíochta atá taobh istigh de limistéir oifigiúl na Gaeltachta, ná mar atá i nGaeltachtaí na Mumhan ar fad le chéile. Nuair a bheas toghchán ann le ionadaithe ón nGaeltachta a thoghadh ar Bhord Údarás na Gaeltachta, beidh níos mó vótaí i gCathair na Gaillimhe ná mar a bheas i nGaeltacht Chonamara Theas ó Bhearna siar go Carna.

Nuair nach bhfuil aon idirdhealú reachtúil á dhéanamh idir ceantair éagsúla Gaeltachta, bíonn deacracht ag na húdaráis pleanála forálacha a dhréachtadh le cur sna Pleananna Forbartha Contae a bheadh sé mar aidhm acu cosaint a thabhairt do oidhreacht teanga na gceantar Gaeltachta faoina gcúram. Mar shampla níl eastáit tithíochta nua i mBaile an Chláir i gContae na Gaillimhe le aon dochar a dhéanamh don Ghaeilge i mBaile an Chláir ach d'fhéadfadh eastáit dochar mór a dhéanamh do staid na Gaeilge sa Spidéal.

Cruthaíonn sé deacrachtaí chomh maith le feidhm a thabhairt don ordaithe éagsúla rialtais. Mar shampla tá ordú ann faoi logainmneacha i nGaeilge amháin a usáid do áiteacha sa Ghaeltachta ar chomharthaí bóithre. I gcás Baile an Chláir ní ghlactar le sin agus bíonn go leor gearán faoi. I gcás An Spidéal glactar leis gan aon cheist.

Má tá sé i gceist ag an rialtas ordú a dhéanamh go gcaithfidh daoine le Gaeilge a bheith in oifigí stáit sa Ghaeltacht, Gardaí mar shampla nó oifigí an Chomhairle Chontae, ní bheidh sé indéanta an ordú a chur i

bhfeidhm i bhfeidhm i gceantair oifigiúla Gaeltachta nach bhfuil aon éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Dá mbeadh an catagóiriú reachtáil déanta ar an nGaeltacht, d'fhéadfaí idirdhealú a dhéanamh idir na rialacha do Catagóir A&B agus na rialacha do Catagóir C, mar shampla.

**Moltaí**

Le gur féidir toghcháin a reáchtáil le ionadaithe Gaeltachta a roghnú le ceapadh ar Bhord Údarás na Gaeltachta, caithfear Acht na Gaeltachta 2012 a leasú. Nuair atá an Acht á leasú moltar do dtabharfaí aitheantas reachtúil chomh maith do na catagóirí éagsúla Gaeltachta, trí mír a chur sa reachtaíocht (i) a thabharfadh cead don rialtas ordú a dhéanamh i dtaobh na gcritéar ar chóir a usáid le catagóirí Gaeltachta a shainiú agus (ii) a chuirfeadh dualgas ar an Aire Gaeltachta na toghcheantair nó cuid de thoghcheantair a rangú sna catagóirí éagsúla gach cúig bliain, bunaithe ar na critéir a bheadh leagtha síos san ordú rialtais.

Ar ndóigh tá contúirt ann go mbeadh Aire Gaeltachta ó thoghcheantar Gaeltachta sách drogallach ceantar ina thoghcheantar féin a íosghrádú. Chuige sin theastódh Coimisiún neamhspléach, faoi chathaoirleacht Breitheamh Ard-Chúirte, a bhunú tar éis gach daonáireamh le torthaí an daonáirimh a mheas i bhfianaise na gcritéar a bheadh leagtha síos ag an rialtas agus moltaí a chur os comhair Aire na Gaeltachta faoin athghrádú ar cheart a dhéanamh ar na limistéir Ghaeltachta éagsúla. Ba mhaith an rud é go mbeadh deis, mar chuid den phróiséas, deis a bheith ag pobail éagsúla athchomharc a sheoladh ag an gCoimisiún, i gcás aon athghrádú. Ag deireadh thiar thall is faoin Aire a bheadh sé an cinneadh a dhéanamh bunaithe óna moltaí ón gCoimisiún.

**Críoch**

# IARSCRÍBHINN VI

## Grá don Teanga - Comóradh Céad Bliain ar Bhunú an Stáit

### *Cuireadh chuig Comhrá & Ceiliúradh Náisiúnta*

### Aidhm

Is é aidhm an nóta seo ná freagra a thabhairt ar chuireadh an Aire smaointeoireacht a roinnt léi faoi fheachtas **'Grá don Teanga'**.

Is deis é seo chun an borradh faoin dearfacht i leith na teanga i measc an phobail (agus sa státchóras) a léiriú, dlús a chur leis an treocht seo, agus spás na sábháilteachta polaitiúla don teanga a leathnú amach ionas gur féidir tabhairt faoi ghéarchéim na Gaeltachta faoi mar is gá.

Ina theannta sin, tugann comóradh céad bliain bhunú an Stáit an bhliain seo chugainn deis iontach dúinn mar náisiún feachtas a sheoladh chun an teanga a shaoradh ó ualach agus ó thráma na staire agus grá a chothú di.  Moltar gur chóir an deis uathúil seo a thapú go fonnmhar. I bhfianaise éabhlóid na teanga ó bunaíodh an Stát, glactar leis gur feachtas ceiliúrtha machnamhach fírinneach a bheadh i gceist.

Sa nóta seo, tosaítear le cur síos ar chomhthéacs an tionscadail agus na prionsabail ba chóir a bheith luaite leis. Ina dhiaidh sin, tá dréacht-chur i láthair achoimreach ar chomhrá/cheiliúradh 'Grá don Teanga', agus déantar cur síos ar thionscadail phraiticiúla chun deiseanna labhairt na teanga a sholáthar:


| | | |
|---|---|---|
| 1. | **Cúlra & Straitéis**: an taoide ag casadh agus deis comórtha – | **Leathanach** 1 |
| 2. | **Prionsabail** nach mór a choinneáil san áireamh - | 3 |
| 3. | **Dearadh na gComhráite** | 4 |
| 4. | **Tionscadail phraiticiúla** dheiseanna labhartha na teanga a sholáthar agus | 5 |
| 5. | **Eagrú an Tionscadail.** | 6 |
| | **Aguisín I:** tuilleadh faoi mholtaí praiticiúla | 7 |
| | **II:** Éabhlóid pholasaithe an Stáit | 11 |


## 1. Cúlra & Stráitéis: An Taoide ag Casadh

**Tábhacht na teanga**: Is rud an-bhunúsach i sainmhíniú an náisiúin í an teanga.  Is í an teanga bunús na cumarsáide agus an fhuinneog thuisceana sainiúla atá ag pobal ar an domhan. Mar sin ní mór bheith dáiríre, straitéiseach agus machnamhach ag dul i mbun tionscadal ar bith arb é is aidhm dó dul i gcion ar mheon nó ar mhothucháin an phobail i leith na teanga.

**Stádas bunreachtúil sa Stát nua**: Tar éis chreimeadh na teanga san 18ú/19ú haois, tháinig an Athbheochan Ghaelach ag deireadh an 19ú/tús an 20ú haois.  Le teacht an tSaorstáit in 1922, bhí deis ann stádas na teanga a chruthú go hoifigiúil. In Airteagal 4 de Bhunreacht an tSaorstáit - arna ghlacadh ag Dáil Eireann ar an 25ú Deireadh Fómhair 1922, agus a cuireadh

i bhfeidhm ar an 6ú Nollaig 1922 nuair a d'eisigh an Rí, Seoirse V, forógra ar bhunú Shaorstát Éireann - dearbhaíodh gurbh í an Ghaeilge **teanga náisiúnta an tSaorstáit**.

**An taoide ag trá**: Ar ndóigh, ní hionann stádas bunreachtúil agus stádas pobail, agus le himeacht aimsire, bhí neamhréir ann idir an stádas bunreachtúil agus dearcadh an phobail agus polasaithe an stáit ina leith. Theip ar bheartais athbheochana teanga an Stáit dáiríre agus tharraing an Stát siar de réir mar a chuaigh díograis an phobail i leith na teanga i laghad. (In Aguisín II, leathanach 11, déantar cur síos gairid ar cheithre thréimhse atá le sonrú i bpolasaithe an Stáit i leith na teanga).

**An taoide ag casadh arís:** Tá casadh eile tarlaithe ó na hochtóidí ar aghaidh. Le teacht chun cinn na Gaelscolaíochta, le borradh na féinmhuiníne de réir mar a d'éirigh an tír níos saibhre, agus le teacht na n-inimirceach, thosaigh an mheánaicme agus óige na gcathracha ag cur níos mó suime sa teanga mar thréith féiniúlachta. Seans nach bhfuil mórán suntais tugtha go poiblí don athrú meoin i leith na teanga atá ar siúl go mall réidh i ngan fhios do chuid mhór daoine thar thréimhse daichead bliain. Ar ndóigh, cé go bhfuil an taoide ag casadh sa Ghalltacht, ní hamhlaidh do chás na teanga sa Ghaeltacht, áit nach bhfuil ach tuairim is fiche dó míle duine ag labhairt na teanga go laethúil taobh amuigh de chomhthéacs na scoile. Mar sin tá an taoide fós ag trá sa Ghaeltacht, cé go bhfuil sé ina rabharta sa Ghalltacht.

**Deis an Chomórtha**: I dteannta chasadh na taoide i leith na teanga sa Ghalltacht mar bhonn le feachtas nua ar son na teanga, is deis iontach é go mbeidh comóradh ar siúl an bhliain seo chugainn ar an gcéad bliain ó bunaíodh an Stát agus ar stádas náisiúnta a bhronnadh ar an teanga den chéad uair. I ndáiríre is deis í an comóradh le tabhairt faoi dhúshlán an athréimnithe teanga ar bhealach úrnua.

Is féidir tógáil ar an gcoincheap de 'ghrá don teanga' mar bhonn le:

- **Ardú stádais:** ag soiléiriú go bhfuil ardú stádais i leith na teanga ar siúl i ngan fhios do chuid mhór daoine sa Ghalltacht agus cé chomh láidir is atá sé;
- **Dlús** a chur leis an ardú stádais seo tríd an bhfeachtas teanga féin, agus fís nua don teanga a chomhchruthú idir an Stát agus an pobal trí athmhachnamh ar théamaí bunúsacha a bhaineann le féiniúlacht, féinmheas, éiceolaíocht agus tráma – agus deiseann usáide na teanga a mhéadú;
- **Spás polaitiúil** i leith na teanga a leathnú dá réir. Is é sin le rá go mbeadh limistéar na sábháilteachta idé-eolaíche a bhaineann leis an teanga ag leathnú amach ionas gur féidir leis an gcóras polaitiúil feidhmiú dá réir go mór mór chun:
- **Géarchéim na Gaeltachta** mar phobal teanga a admháil agus straitéis cobhsaithe a chur i bhfeidhm. Glactar leis gur deacair an Ghaeltacht a shlánú gan ardú stádais don teanga go náisiúnta. Chomh maith leis sin, feictear go bhfuil tionchar dearfach ag an gcasadh taoide i leith na teanga sa Ghalltacht ar dhearcadh óige na Gaeltachta. Mar sin is féidir an tionscadal 'grá don teanga' a shamhlú mar chéad chéim i dtreo an Ghaeltacht a threisiú.

(**NÓTA**: Tar éis próiseas éisteachta agus comhrá ar líne le pobal na Gaeltachta agus leis an státchóras le linn na paindéime, tá inneachar saibhir ar fáil a bheidh mar bhonn le straitéis imlíneach don Ghaeltacht a chuirfear faoi bhráid an Aire. Beidh gá le gealltanas faoi straitéis a thúisce a admhófar go polaitiúil go bhfuil géarchéim Ghaeltachta ann.)

**Deis chuimsitheach**: Ní mór tionscadal comórtha teanga a mheabhrú agus aird ar na rudaí eile a thit amach in 1922 agus ar mholtaí an Choiste Chomhairligh um Comóradh. Tá moltaí ann cheana féin go mbeadh comóradh in Eanáir 2022 ar aistriú Chaisleán BÁC ó riarachán na Breataine, agus comóradh i mí na Nollag ar bhunú an stáit dhaonlathaigh. Idir an dá dháta sin in 1922, thosaigh an cogadh cathartha, agus díreach i ndiaidh fhaomhadh an bhunreachta, rinne an Tuaisceart cinneadh a bheith ar leithligh ón Saorstát.

Is é sin le rá go bhfuil rudaí dúshlánacha ag baint le comóradh 1922, go mór mór tús an chogaidh chathartha. Mar sin tá cúis sa bhreis ann le stádas nua-bhunaithe na teanga a chomóradh óir is ábhar í is féidir a shamhlú mar oidhreacht chomónta agus mar shiombail aontachta don phobal i gcoitinne – thiar agus thoir, thuaidh agus theas, agus i measc daoine de shliocht na hÉireann ar fud na cruinne. Is geallsealbhóirí oidhreachta muid uile.

## 2. Prionsabail agus Cur Chuige

Chun go mbeadh rath ar an obair thábhachtach seo, síltear gur chóir go mbeadh sí bunaithe ar na prionsabail agus ar an gcur chuige seo a leanas:

- **Is Linn uile an teanga**: Is linn uile, thuaidh agus theas, an teanga. Is oidhreacht chomónta í agus is leis an bpobal í, ní hámháin an Stát. Is gá go nglacfadh an Ghalltacht an fhreagracht in éindí leis an nGaeltacht. Ina theannta sin, is cuid d'oidhreacht an Tuaiscirt í chomh maith agus d'oidhreacht na hAlban, áit a bhfuil maoiniú fógraithe ag an rialtas le déanaí chun labhairt na teanga a chothú. Agus níor chóir dearmad a dheanamh ar dhaoine de shliocht na tíre seo a chuireann spéis i dteanga a sinsear;
- **Cur chuige comhchruthaitheach**: Má dhéantar rudaí sa chaoi a ndearnadh i gcónaí iad, beidh na torthaí céanna orthu. Tá gá le bheith cruthaitheach agus comhfhreagracht a aistriú go dtí an pobal – ní mór bolscaireacht/siombalachas baoth a sheachaint;
- **An Stát mar Éascaitheoir**: Is é ról an stáit ná deiseanna comhrá agus gníomhaíochta a chur ar fáil chun go dtiocfaidh an pobal ar thuiscintí agus ar fhreagraí nua ar an gceist: 'Cad chuige an Ghaeilge' – b'fhéidir mar eochair féiniúlachta agus éiceolaíochta? Gan freagra bisiúil, cumhachtach ar an gceist sin – ar bhonn fealsúnachta nó mothúchán – ní dócha go mbeidh rath ar an obair;
- **An Teanga mar Chuireadh**: Ní mór an teanga a thairiscint mar chuireadh in áit ualach atá le hiompar. Ní mór go mbeadh cuireadh mórchroíoch chuig deiseanna cainte agus comhrá oscailte, sabháilte, cruthaitheach, spraíúil, flaithiúil ina bhfuil fáilte roimh chách i gceist;
- **Réadúlacht**: Chun bunsraith réalaíoch a chur faoin bhfeachtas, bheadh sé foirfe dá nglacfadh an Stát leis go bhfuil géarchéim teanga sa Ghaeltacht agus dá dtabharfaí geallúint tréaniarracht a dhéanamh an taoide a chasadh i gcomhar le pobal na tíre agus na Gaeltachta trí phlean straitéiseach, comhtháite a chur i bhfeidhm;
- **Cur chuige éiceachórasach**: Tá rud ar leith le tairiscint le fealsúnacht ghlas maidir le slánú na teanga agus na Gaeltachta. Ní hamháin go bhfuil tuiscint éiceolaíoch dhúchasach go smior sa teanga, ach tugann fealsúnacht éiceachórasach (pholaitiúil) dearcadh sainiúil dúinn ar an gcaoi a bhfuil gach rud nasctha – ní mór an teanga a shamhlú mar chuid d'éiceachóras daonna agus nadúrtha.

## 3. Dearadh na gComhráite

Ag tús 2022 agus i bhfianaise chomóradh bhunú an Stáit atá geallta i mí na Nollag, tugtar cuireadh don phobal a bheith páirteach i gComhrá agus i gCeiliúradh Náisiúnta a bheas ar siúl i rith an bliana le buaicphointe ag deireadh na bliana.

Bheadh dhá ghné sa téama foriomlán 'Grá don Teanga': (i) comhrá náisiúnta faoin teanga 'Cad Chuige an Ghaeilge' - féach thíos agus (ii) tionscadail ag ceiliúradh agus ag spreagadh úsáid na teanga agus ag baint leis na healaíona, an éiceolaíocht, an óige, aontachtas agus an Ghaeltacht - féach na bloic thógála ag cuid 4 thíos agus in Aguisín I.

### *Cuireadh chuig Comhrá agus Ceiliúradh Náisiúnta*

# *'Cad Chuige an Ghaeilge?'*

### Eochair na Féiniúlachta & na hÉiceolaíochta?

**Fo-théamaí**: Taobh istigh den téama ginearálta 'Cad Chuige an Ghaeilge?' tá fo-théamaí saibhre le tochailt i dtaobh gnéithe teibí de shaol an duine agus an náisiúin nach mbíonn deis comhrá a dhéanamh futhú sa ghnáthshaol:

- ***'Tá spioraid sa teanga ach í a lasadh':*** Feictear go bhfuil spiorad an cheoil tradisiúnta aimsithe le fada an lá ag pobal na hÉireann, ach níltear ag teacht ar spioraid na teanga ach go mall; conas fáil réidh le hiarsmaí síceolaíocha na staire agus an spioraid atá go smior sa teanga a shaoradh?
- ***An Fhéiniúlacht:*** Is í an teanga saintréith ár bhféiniúlachta, ach táimid fós á iompar mar ualach seachas cuireadh – cén fáth agus conas muid a scaoileadh ón ngaiste?
- ***Dearcadh sainiúil***: An teanga mar dhearcadh sainiúil ar an saol. I ré an nualiobrálachais, cad atá le tairiscint ag fráma dúchasach?
- ***Ómós áite***: Taisce na logainmneacha agus ómós áite. Tá a lán oibre ar siúl sa réimse seo ar féidir tógáil uirthi;
- ***Éiceolaíocht***: An teanga agus an bhithéagsulacht – féach 'An Ghaeilge agus an Éiceolaíocht' leis an Ollamh Michael Cronin agus 'Thirty two Words for Field' le Manchán Magan. Is léir go bhfuil tuiscint éiceolaíoch (bhun)dúchasach go smior sa teanga. Is téama é seo atá gar do chroí na n-óg.
- ***Saibhreas Teanga***: Taisce an bhéaloidis: tá cartlanna digiteacha ar fáil chun teacht ar an saibhreas teanga atá san oidhreacht – scaoil amach é.
- ***Dóchas***: 'Tá Dóchas sa Dúchas.' Nuair atá na córais a bhfuilimid ag brath orthu ag cliseadh, cad atá le tairiscint ag an tuiscint dhúchasach?
- ***Leigheas***: Leigheas thráma an Ghorta/Ghortaithe Mhóir, [Béal = bia + béaloideas]. Conas an teanga a shamhlú mar leigheas ar thráma an Ghorta Mhóir lena bhfuil sé nasctha?
- ***Teagasc na Teanga***: Conas múineadh na teanga a nascadh leis an timpeallacht as a n-ecraíonn an teanga ar bhealaí atá níos nádúrtha agus níos iomlánaíche?

- *Nua-Éireannagih*: Cad is féidir a fhoghlaim ó na Nua-Éireannagih - cuid mhór acu ó thíortha inar rud nádúrtha é an dátheangachas/an t-ilteangachas – a thugann meon/dearcadh difriúil leo i leith na teanga agus atá brea sásta í a labhairt go bródúil?
- *Grá don Teanga*: Conas grá don teanga a chothú srl.

**Dearadh na gComhráite**: Chun go mbeadh rath ar an gcomhrá, ní mór go mbeadh dearadh gach uile ghné den phróiseas ar ardchaighdeán:

- **An cuireadh**: Bheadh an cuireadh chuig an gcomhrá mórchroích, oscailte, sábháilte, cruthaitheach, spraíúil, flaithiúil le fáilte roimh chách; bheadh an próiseas mar scáthán ar thréithe na teanga féin;
- **Éascú/Próiseas Cruthaitheach:** Bheadh gá le héascú cruthaitheach den scoth chun a chinntiú go mbeadh an comhrá sábháilte agus dearfach agus chun spás a thabhairt don éagsúlacht tuiscintí agus mothúcháin faoin teanga atá sa phobal;
- **An teicneolaíocht**: Baintear úsáid as féidearthachtaí na teicneolaíochta faisnéise ar nós Zúm chun comhráite a sheoladh le grúpaí difriúla – daltaí, tuismitheoirí, gnáthshaoránaigh, grúpaí pobail srl. De dheasca na paindéime tá taithí ar chomhráite den saghas sin againn cheana féin go mór mór in earnáil an oideachais. Ar líne, is féidir rudaí a dhéanamh ar bheagán costais agus ar scála mór;
- **Próiseas Uile-Éireann:** D'fhéadfaí comhráite a eagrú ar an dá thaobh den teorainn ar an mbonn go mbaineann an oidhreacht teanga linn uile – an dá dhream sa chogadh cathartha agus, sa Tuaisceart, náisiúnaithe agus aontachtaithe araon. Ós rud é go bhfuil rialtas na hAlban ag maoiniú feachtais ar son Gàidhlig na hAlban, seans go dtabharfadh sé sin misneach d'aontachtaithe a aithint go mbaineann an teanga leo chomh maith;
- **Comhdháil Náisiúnta**: Beidh torthaí na gcomhráite – an 'Fómhar' - á mbailiú le cur san áireamh ag comhdháil náisiúnta faoin teanga i mí na Nollag;
- **Tús seachas Deireadh**: Chun go mbeidh rath air, caithfear féachaint ar an tionscnamh mar thús próisis, ní mar chríoch ann féin.

---

## 4. Bloic Thógála – comhrá agus ceiliúradh

Is féidir roghnú ó roghchlár na n-eilimintí seo a leanas, arna mhionsaothrú in **Aguisín I**, mar chuid den cheiliúradh náisiúnta agus den chuireadh isteach i spioraid na teanga:

- **Ról lárnach na hóige:** tionscadal ar leith bunaithe ar Being young and Irish a d'eagraigh an tUachtarán in 2012;
- **An Ghaeilge sa chóras oideachais**: tá deis ann an t-ábhar casta seo a bheith mar théarma tagartha sa Chomhdháil Saoránach um Oideachas atá beartaithe sa chlár rialtais – b'fhéidir faoi dheireadh 2022;
- **Nasc le Traidisiún na nAontachtaithe:** tacú le obair na heagraíochta, Colmcille, comhpháirtíocht idir Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig, a chuireann chun cinn úsáid Ghaeilge na hÉireann agus Gàidhlig na hAlban in Éirinn agus in Albain agus idir an dá thír;

- **Deiseanna Cleachta na Teanga**: Is dúshlán bunúsach i gcur chun cinn na teanga í an easpa deiseanna chun í a chleachtadh. Mar sin seoltar tionscadail mar: 'Frása na seachtaine'; 'An Teanga agus an Timpeallacht' agus 'Ceiliúradh Ealaíon' (m.s. 10% den chaiteachas ar scéimeanna ealaíon don bhliain seo chugainn a chur ar leataobh do Scéimeanna Samhlaíocha trí Ghaeilge, agus go ndéanfaí cuid den airgead sin a chur ar leataobh do na húdaráis áitiúla chun ócáidí ealaíon a eagrú sna ceantair éagúla) agus
- **Tionscadail Ghaeltachta**: I measc na rudaí is féidir a shamhlú don Ghaeltacht tá 'Tionól na gColáistí Gaeilge', seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar agus tacú le háiseanna sóisialta.

Beidh gá le **clár na n-imeachtaí** a fhoilsiú go dátheangach ag tús 2022.

---

## 5. Eagrú na gComhráite agus an Cheiliúrtha

Chun an deis uathúil seo a thapú, ní mór go mbeadh sé eagraithe ar bhonn gairmiúil, cruthaitheach, spraíúil, fáiltiúil agus cuimsitheach. Ní mór go bhféachfaí air mar rud difriúil atá mar bhonn aontachta agus ceiliúrtha i measc an phobail ar fad agus mar chuireadh chun athmhachnamh a dhéanamh ar luachanna bunúsacha. Baintear feidhm as an teicneolaíocht chomh maith leis na modhanna traidisiúnta. (Ag brath ar an gcaoi a bhforbraíonn COVID, beimid ag brath níos mó nó níos lú ar an teicneolaíocht).

Beidh gá le comhpháirtithe sna meáin - RTE / TG4, Tuairisc.ie, 'The Irish Times srl. Seans go mbeidh ról le himirt ag an Uachtarán ós rud é go raibh sé ina dhíograiseoir paiseanta ar son na teanga agus na Gaeltachta thar na blianta.

Mar sin beidh gá le hiomlánú a dhéanamh ar an dearadh seo le cabhair ó choiste chomhairleach a chuimseoidh earnáil na teanga (Foras na Gaeilge; Teacht Aniar), an Ghaeltacht (Údarás na Gaeltachta), cruthaitheacht agus éascú (Éire Ildánach; Coláiste Ealaíne na Boirne), eagraíochtaí pobail (Cumann Lúthchleas Gael), oideachas (INTO/Comhairle na Múinteoirí srl.) straitéis comórtha (Coiste Comhairleach um Comóradh), ranna stáit srl. Ós rud é nach bhfuil mórán ama fágtha roimh thús 2022, beidh gá le coiste stiúrtha solúbtha a chur le chéile chun an tionscadal a chur i gcrích.

29.10.21

## Aguisín I

Déantar mionléiriú san aguisín seo ar na smaointe dá dtagraítear i roinn 4. Is éard atá ann ná roghchlár ar féidir leas a bhaint as agus a leathnú go roghnach de réir mar a dhéantar smaointe a mheas de réir critéir féidearthachta agus tionchair.

### Ag Spreagadh Comhrá leis an Óige

Glactar leis go bhfuil glúin nua tagtha chun cinn atá níos báúla don teanga ós rud é go bhfuil an bhochtaineacht a shamhlaítear leis an teanga fágtha ina ndiaidh againn, agus níos lú bagáiste stairiúil á iompar againn. Ós rud é gurb í an óige todhchaí na teanga, ní mór tionscadal ar leith a chóiriú dóibh – tionscadal ar nós mhúnla Being Young and Irish a sheol an tUachtarán in 2012 - agus é dírithe ar dhaoine óga le Gaeilge, daltaí Gaeltachta, daltaí idirbhliana sna Gaelcholáistí, agus daltaí tríú leibhéal go háirithe.

Bheadh deis ag na daoine óga seo fís don teanga a leagan amach, na príomhriachtanais atá acu i leith na teanga a aithint, agus na céimeanna a theastaíonn, dar leo, chun staid na teanga a láidriú a mholadh. Forbraítear an modh oibre seo níos faide le hionchur ón óige.

---

### An Ghaeilge sa Chóras Oideachais – ag fógairt Beartas Nua.

Is léir go bhfuil fadbhanna bunúsacha le modh teagaisc na teanga agus caighdeán teanga na múinteoirí Gaeilge. Ainneoin an mhéid a infheistíonn an Stát i múineadh na teanga sa chóras oideachais, níl toradh fiúntach air ó thaobh cumas cainte na scoláirí ag deireadh na tréimhse oideachais.

Dar le daoine a bhfuil taithí acu ar an ábhar, múintear an Ghaeilge ar bhealach an-teibí. Ní dhéantear an nasc leis an gcultúr ná leis an bhfealsúnacht áite. Tá cur-chuige níos cruthaithí ag teastáil ó na múinteoirí chun grá agus spéis sa teanga a chothú.

Ina theannta sin, tá easpa cainteoirí dúchais - is iad iar-scolairí na nGaelscoileanna atá mar mhúinteoirí anois go minic. Ní feidir a mhaíomh go bhfuil caighdeán na ngaelscoileanna sách láidir chun an teanga a chaomhnú.

Mar chuid den tionscadal teanga, d'fheadfaí a fhógairt:

- **CNCM**: Go bhfuiltear ag iarraidh ar an gComhairle Náisiunta Curaclaim agus Measúnachta tuarascáil phráinneach a chóiriú ar an ábhar agus/nó
- **Comhdháil Saoránach um Oideachas**: Go mbeidh ceist mhúineadh na teanga mar chuid de théarmaí tagartha do Chomhdháil Saoránach um Oideachas a bhfuiltear ag súil léi in 2022 – ba ghá seo a aontú leis an Roinn Oideachais agus Roinn an Taoisigh a bhfuil freagracht orthu as an gcomhdháil saoránach a eagrú agus a stiúradh.

- **BEACONS**: D'fhéadfaí úsáid a bhaint as próiseas BEACONS - a eagraíonn comhráite idir mic léinn, tuismitheoirí agus múinteoirí faoi choimirce na Comhairle Múinteoireacha - chun ceist na teanga a chur san áireamh ina gcomhráite; táthar ag súil go scaipfear an próiseas chuig scoileanna Gaeltachta ó thús 2022.

---

## Nasc le Traidisiún na nAontachtaithe

Tá an tuiscint ann gur teanga Éireannach Chaitliceach amháin í an Ghaeilge ach, i ndairíre, baineann sí le féiniúlacht i bhfad níos leithne ná sin. In Albain, tá dhá oiread na gcainteoirí dúchais acu is atá againne, agus is Preisbitéirigh iad a mbunáite.
I gcomhthéacs na n-athruithe bunreachtúla atá ag bagairt tar éis an Bhreatimeachta in Albain agus sa Tuaisceart, chabhródh sé leis an tuiscint gur cuid d'oidhreacht na tíre uile í an teanga, ach nascanna níos láidre a chruthú le traidisiún Gáidhlig na hAlban. D'fhéadfaí na nascanna seo a chothú ar roinnt bhealaí difriúla:

- Maoiniú a thabhairt chun tacú le hobair na heagraíochta, Colmcille, comhpháirtíocht idir Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig, a chuireann chun cinn úsáid Ghaeilge na hÉireann agus Ghaeilge na hAlban in Éirinn agus in Albain agus idir an dá thír;
- Foilseachán a choimisiúnú ina múinfí Gaeilge na hÉireann d'Albanaigh agus Gàidhlig na hAlban d'Éireannaigh;
- Coláiste samhraidh seachtaine a mhaoiniú trína gcuirfí páistí ón nGaeloideachas sa dá thír chuig an tír eile chun saineolas a chur ar an gcultúr agus ar an dúlra ann, agus fanacht i dtithe lucht Gaeilge/Gàidhlig.

---

## Deiseanna Cleachta na Teanga

Fadhb bhunúsach a bhaineann le cur chun cinn na teanga ná an easnamh deiseanna í a chleachtadh go nádurtha sa gnáthshaol. Sa mhéid thíos, tá cur síos ar conas an folús seo a líonadh.

## Frása na Seachtaine

Is é atá i gceist leis seo ná deis a thabhairt dóibh siúd ar bheagán Gaeilge an méid sin a usáid go héasca agus go rialta:

- **Frása na seachtaine**: Uair sa tseachtain (an t-am céanna gach seachtain) déantar 'drop' ar Instagram/Facebook/Twitter/Tik Tok agus ar RTÉ de dhuine cáiliúil ag úsáid frása i gnáthshuíomh laethúil;
- **Comhoibriú**: Cuirtear sceitimíní ar dhaoine trí chomhoibriú le scoileanna/meánscoileanna/institiúidí tríú leibhéal, le heagraíochtaí amhail Conradh na Gaeilge, CLG, polaiteoirí agus státseirbhísigh chun na frásaí seo a úsáid;

- **Go simplí**: Tosófar le frásaí simplí ar nós 'Slán', ach tar éis tamaill, taispeánfar saibhreas na teanga, msh 'áláinn' vs 'gleoite'.

**Buntáistí**: Taispeánann gach daonáireamh go bhfuil daoine le Gaeilge sa tír nach mbíonn á labhairt. Cothóidh an feachtas seo spás dóibh go héasca. Beidh duine ar bith, fiú daoine nár fhoghlaim Gaeilge riamh, in ann Gaeilge a úsáid go rialta agus í a chloisteáil agus a thuiscint. Beidh Gaeilge le cloisteáil agus á usáid go rialta i ngnáthshaol an phobail.

Tosófar comhrá faoi Ghaeilge labhartha in ionad Gaeilge mar ábhar scoile (an t-aon eispéireas atá ag go leor daoine). As seo fásfaidh comhrá faoi ábhair thábhachtacha - an Ghaeltacht, an Ghaeilge ar scoil, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí, an dátheangachas agus go leor eile.

---

## An Teanga agus an Timpeallacht

Tá cultúr na teanga bainteach go mór le hómós áite. Is féidir cur leis sin seo tríd an nasc sin a shoiléiriú ar go leor bealaí:

- **Logainmneacha**: Forbairt ar choinceap 'frása na seachtaine' atá anseo, ach logainm in áit frása; duine cáiliúil ag míniú logainm, ainm a cheantair féin, ar an 'drop'. Ina theannta sin, bheadh deontas do gach sráidbhaile, baile agus ceantar chun comhartha a dhéanamh agus ainm na háite air i nGaeilge agus an bhrí atá leis i mBéarla a bheith thíos faoi. D'fhéadfaí a shamhlú chomh maith go gcuirfí airgead ar fáil do chomhlachas drámaíochta proifisiúnta chun léiriú nua den dráma 'Translations' le Brian Friel a thabhairt ar camchuairt náisiúnta, agus mar chuid den chamchuairt sin, go músclófaí spéis sna logainmneacha.
- **Féile na Gealaí** a fhorbairt mar 'Electric Picnic' na Gaeilge, agus ceangail a dhéanamh idir cosaint na héiceolaíochta agus úsáid na Gaeilge.
- **Comórtais ealaíne dírithe ar an timpeallacht**: cé na healaíona - m.sh. ceol, filíocht, dráma, ficsean, gloine, rap, físeán, adhmad srl -. a d'fhéadfaí a shonrú, nó é a fhágáil oscailte; iad dírithe ar dhaltaí scoile, seandaoine, grúpaí eile? Chlúdódh comórtas den chineál seo gnéithe éagsúla de chúram an Aire - an Ghaeilge, rudaí glasa, ealaín. D'fhéadfaí an comórtas/na comórtais a eagrú trí, m.sh. An Chomhairle Ealaíon, An Roinn Oideachais, grúpaí seanóirí srl;
- **Stair na Timpeallachta sa Ghaeilge**: Suíomh idirlín nó fiú foilseachán a choimisiúnú a léireodh stair na timpeallachta sa Ghaeilge. Chuirfí le chéile stór (mór) focal i gcomhar le lucht foclóireachta; is iomaí scoláire a mhíneodh coincheapa agus téacsanna de gach cineál ón litríocht, na hamhráin san áireamh. Bheadh tochailt i gceist ach is tiomsú seachas taighde úr a theastódh. D'fhéadfadh rian an Chomhaontais Ghlais a bheith air.

## Ceiliúradh Ealaíon

Is é atá i gceist leis seo ná an teanga a nascadh leis na healaíona mar chuid de chomóradh bhunú an Stáit:

- **Clár na Bliana**: Go gcuirfí foilseachán dátheangach tarraingteach le chéile ag tús na bliana agus an clár imeachtaí ann, chomh maith le hailt sholéite i mBéarla agus i nGaeilge faoi ghnéithe áirithe d'oidhreacht na Gaeilge, le go mbeadh daoine bródúil as an nGaeilge mar chuid lárnach dá bhféiniúlacht. B'fhéidir gur forlíonadh (supplement) a scaipfí leis na nuachtáin náisiúnta a bheadh i gceist.
- **Ceiliúradh Ceoil**: Airgead a chur ar fáil le hócáid mhór cheiliúrtha cheolmhar a eagrú le linn an tsamhraidh in 2022, agus í dírithe ar dhaoine óga agus ar mhic léinn sna coláistí tríú leibhéal;
- **Scéimeanna Ealaíon Gaeilge**: Go n-iarrfaí ar an gComhairle Ealaíona 10% den chaiteachas ar scéimeanna ealaíon don bhliain a chur ar leataobh do Scéimeanna Samhlaíocha trí Ghaeilge, agus go ndéanfaí cuid den airgead sin a chur ar leataobh do na húdaráis áitiúla le hócáidí ealaíon a eagrú sna ceantair éagsúla.

## Moltaí Ilghnéitheacha

- **Tionól na gColáistí Gaeilge**: go n-iarrfaí ar Choláistí Gaeilge seanbhunaithe ócáidí a eagrú i gcaitheamh na bliana le daoine a mhealladh ar ais chun cuairt a thabhairt ar an gColáiste Gaeilge ar a raibh siad ag freastal 50 bliain ó shin. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh na daoine athnuachan a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge agus chuirfeadh sé le turasóireacht chultúir sna ceantair Ghaeltachta chomh maith;
- **Seirbhísí trí Ghaeilge**: Béim ar mhéadú mór ar mhaoiniú go ginearálta do sheirbhísí/ eagraíochtaí Gaeilge;
- **Áiseanna sóisialta**: Tacaíocht cheart d'áiseanna caithimh aimsire/sóisialta do phobal na Gaeilge lasmuigh den scoil.

**Aguisín II**

## Éabhlóid ar Pholasaithe an Stáit i leith na Teanga

Agus muid ag tabhairt faoi thionscadal ar son na teanga, ní mór bheith réalaíoch faoin gcúlra a bhaineann le polasaithe an Stáit i leith na teanga ó bunaíodh é – is é sin, nár éirigh leo a n-aidhmeanna a bhaint amach. B'fhéidir gurbh amhlaidh a ghlac an Stát le dualgas dodhéanta seachas an dúshlán a roinnt leis an bpobal ar bhealach níos mó?

Sa leabhar 'Beartas Úr na nGael', déanann an tOllamh Conchúr Ó Giollagáin agus Brian Ó Curnáin anailís ar cheithre thréimshe atá le sonrú, dar leo, i bpolasaithe an Stáit i leith na teanga:

- **An athbheochan díchoilínithe, 1922 – 1970**: an tréimshe ina ndearna an Stát iarracht an teanga a athbheochan go hinstitiúideach, go háirithe trí chóras oideachais an stáit nuabhunaithe - 'sé sin, an náisiún iarchoilíneach ag tabhairt tacaíocht don teanga a imeallaíodh i dtréimshe an choilíneachais;
- **An dátheangachas, 1970 – 1990**: sa tréimhse sin, chothaigh an stát an Ghaeilge mar theanga roghnach sa bhreis ar an mBéarla, an mórtheanga arbh é an norm sóisialta é. Dar leis na húdair thuas nach raibh an dátheangachas fréamhaithe i dtuiscintí réadúla maidir le castachtaí socheolaíocha an mhionlaigh teanga. Cuireadh deireadh leis an nGaeilge mar ábhar éigeantach san Ardteist in 1973, agus mar ábhar riachtanach le dul isteach sa státseirbhís ag an am céanna. Ag an am sin, thosaigh gluaiseacht na Gaelscolaíochta chomh maith le TnaG agus RnaG mar thoradh ar ghníomhaireacht ón mbun aníos (agus tacaíocht ó Mháire Geoghegan Quinn agus Mícheál D. Ó hUiginn);
- **An Éigeandáil á fhiosrú 1990 – 2014** agus
- **An Dátheangachas gan Bhonn 2009 ar aghaidh.**

Feictear go bhfuil cúlú leanúnach á dhéanamh ag an Stát ón tacaíocht a bhí sí a thabhairt d'athréimniú na teanga ó na seachtóidí ar aghaidh. Ina theannta sin, feictear go bhfuil géarchéim teanga sa Ghaeltacht nach bhfuil aitheanta ag an Stát, agus é ag iarraidh an fhreagracht as an ngéarchéim a aistriú go pobal na Gaeltachta. Sin, ar a laghad, mar a shamhlaítear staid na teanga agus na Gaeltachta do chuid mhaith dóibh siúd a bhíonn ag breathú go fuarchúiseach ar an scéal.

Glactar leis nach é bainistiú dhul i léig na Gaeltachta (ná aistriú freagrachta) atá mar aidhm ag an státchóras dáiríre, ach mura bhfuil dóthain spás polaitiúil (sábháilteacht idé-eolaíoch) ann chun dul i ngleic leis an ngéarchéim Ghaeltachta mar is gá, is maith an seans gur cur síos cruinn é seo ar an méid atá ag titim amach dáiríre.

# IARSCRÍBHINN VII



**a.** Thug Scéim Labhairt na Gaeilge spreagadh do bhreis tuismitheoirí sa Ghaeltacht Gaeilge a labhairt lena ngasúir sa bhaile le go mbeadh siad in ann an deontas a fháil, agus ar an gcaoi sin, chuir sé le líon na dteaghlach a bhí ag úsáid na Gaeilge mar theanga teaghlaigh;

**b.** Thug sé spreagadh chomh maith do na scoileanna, béim a chur ar an nGaeilge sna ceantair éagsúla Ghaeltachta, ina raibh mórán tuismitheoirí ag iarraidh go mbeadh a gcuid páistí ag fáil an deontais faoi Scéim Labhairt na Gaeilge;

**c.** Thug sé aitheantas don pháiste féin as líofacht a chuid Gaeilge agus thug sé aitheantas dearfach do na tuismitheoirí a raibh a gclann á tógáil le Gaeilge acu;

**d.** Thug sé eolas agus sonraí, bunaithe ar thástáil cainte, a bhí úsáideach le tomhais rialta a fháil ar na ceantair Ghaeltachta éagsúla i dtaobh cé chomh maith is a bhí ag éirí leo an Ghaeilge a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile.

Rinne Roinn na Gaeltachta athbhreithniú ar an scéim sa bhliain 2004 agus moladh leasuithe, le go mbeadh sé dírithe go príomha ar theaghlaigh nua ó shaolú an chéad pháiste dóibh, in áit na dteaghlach le páistí ó 6 bliana d'aois ar aghaidh. De réir a chéile, ligfí don seanscéim imeacht as feidhm, de réir mar a bhí na páistí ag éirí rómhór le bheith cáilithe di a thuilleadh. Nuair nach raibh tacaíocht an Roinn Airgeadais ar fáil, ní dheachaigh an Roinn ar aghaidh leis an scéim nua.

Nuair a fógraíodh in 2010 go raibh deireadh á chur le Scéim Labhairt na Gaeilge, rinneadh talamh slán de ag an am go mbeadh scéim níos fearr á cur ar bun ina áit, agus í dírithe ar theaghlaigh le páistí san aoisghrúpa ó aois faoi bhun

**a.** Scéim Labhairt na Gaeilge encouraged more parents to use Irish with their children, in order to qualify for the grant, than would have been the case without such a scheme;

**b.** It encouraged schools as well, to emphasise the use of Irish in the school environment with the support of the parents who wanted their children to qualify for the Scéim Labhairt na Gaeilge grant;

**c.** The scheme gave recognition to the children themselves for their fluency in the language and in particular it was a positive badge of recognition for those households who were speaking Irish with their children;

**d.** The scheme also provided useful data and information based on assessment of language ability, to enable a regular measure to be taken of the extent to which Irish was being used in various Gaeltacht communities and passed on to the next generation.

A review by Roinn na Gaeltachta of Scéim Labhairt na Gaeilge in 2004 resulted in a new scheme, designed in the main to target households from the time that the first child was born, instead of children from 6 years or older, phasing the old scheme out. However, the Dept. Of Finance did not sanction the new scheme and it was never implemented.

When it was announced that Scéim Labhairt na Gaeilge was to be discontinued it was assumed it would be replaced with a better scheme, which would be open to households with children under 7 years of age, as was recommended by the Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht 2007 (Recommendations, Paragraph 6.8). However, no scheme was

bliana go dtí seacht mbliana, mar a bhí molta sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge (Príomhthátail agus Moltaí, Alt 6.8) a foilsíodh in 2007. Níor cuireadh aon scéim nua ina áit arbh fhiú trácht air. Glacadh leis ag an am gur le hairgead a shábháil le linn na géarchéime airgeadais nár cuireadh scéim nua níos éifeachtaí ar bun.

Ó shin i leith, tá titim thubaisteach tagtha ar úsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta is láidre, is iad sin, 24 thoghcheantar Chatagóir A, de réir Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch 2007. De réir torthaí ón Daonáireamh a rinne in 2016 thit céatadán na gCainteoirí Laethúla Taobh Amuigh den Chóras Oideachais ó 62.4% go 58.8% idir 2011 agus 2016, tar éis deireadh a bheith curtha le Scéim Labhairt na Gaeilge.

Bhí an titim an-tubaisteach i gcuid de na ceantair is láidre sa Ghaeltacht: i gCorca Dhuibhne taobh thiar den Daingean bhí titim ó 62.0% go 54.3%; in Iarthuaisceart Dhún na nGall, an ceantar ó Ghaoth Dobhair go Gort a' Choirce, thit an céatadán ó 61.1% go 55.5%; agus i gCois Fharraige ón Spidéal go Ros a' Mhíl, thit sé ó 61.3% go 56.0%. Má choinníonn an titim ag dul sa treo céanna i bhfad eile, is gearr nach mbeidh aon cheantar Gaeltachta fágtha ina bhféadfá a rá go fírinneach gurb í an Ghaeilge teanga laethúil formhór an phobail! Ní bheidh fágtha ach Breac-Ghaeltachtaí, ina mbeadh an Ghaeilge ina teanga mhionlaigh i measc an phobail.

Cé nach féidir a rá go cinnte gur mar gheall ar dheireadh a bheith curtha le Scéim Labhairt na Gaeilge a bhí an titim chomh suntasach in úsáid laethúil na Gaeilge sa tréimhse idir 2011 agus 2016, sna Gaeltachtaí ba láidre (Catagóir A), is fiú a chur san áireamh gur ardú beag a tuairiscíodh sna toghcheantair chéanna - ó 61.9% go 62.4% - le linn na tréimhse idir

instituted. It is believed that Scéim Labhairt na Gaeilge was scrapped to save money during the financial crisis, and that this was the main reason for not replacing it with a more effective scheme.

Since the scrapping of Scéim Labhairt na Gaeilge there has been a significant drop in the use of Irish in the strongest Gaeltacht areas, that is the 24 Gaeltacht Electoral Divisions that were deemed to be Category A by the Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht (2007). According to Census results the percentage of Daily Speakers of Irish outside Education in all the Category A Gaeltacht areas fell from 62.4% to 58.8% between 2011 and 2016, the period immediately after the scrapping of Scéim Labhairt na Gaeilge.

The fall in some of the strongest Irish speaking areas was particularly concerning: in Corca Dhuibhne, west of An Daingean, the percentage fell from 62.0% to 54.3%; in North West Donegal, the area encompassing Gaoth Dobhair to Gort a' Choirce, the percentage fell from 61.1% go 55.5%; in Cois Fharraige from An Spidéal to Ros a Mhíl the percentage dropped from 61.3% to 56.0%. It is feared that if numbers of committed daily Irish speakers continue to fall at the same rate in coming years, this will lead to irreversible language shift in the only remaining Category A Gaeltacht areas. The Gaeltacht will then consist of areas where Irish is a minority language within the community.

While it is not possible to say with certainty that the weakening of Irish as the community language in Category A Gaeltacht areas between 2011 and 2016 was due to the scrapping of Scéim Labhairt na Gaeilge in 2011. It seems to have been a contributing factor. It is worth noting that in the five-year period before the scrapping of Scéim Labhairt

2006 agus 2011, sular cuireadh deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge.

na Gaeilge, the percentage of people in Category A Gaeltacht areas increased marginally from 61.9% to 62.4% in the period between 2006 and 2011, in contrast to the next five-year period showing a significant drop from 62.4% in 2011 to 58.8% in 2016, after the scheme was scrapped.

## Moltaí

1. Go gcuirfí tús le Scéim nua Labhairt na Gaeilge sa bhliain 2022, agus í dírithe ar thuismitheoirí le páistí faoi bhun bliain d'aois, agus go leathnófaí amach é de réir a chéile, bliain i ndiaidh bliana do pháistí idir 0 agus 7 mbliana d'aois: an aidhm a bheadh ann ná níos mó tuismitheoirí sa Ghaeltacht a mhealladh le Gaeilge ón gcliabhán a thabhairt dá gcuid páistí.
2. Go mbeadh suim mhaith airgid, €1,000 in aghaidh na bliana, atá á mholadh againn, le go mbeadh sé sách tarraingteach - le fáil ag teaghlaigh a bheadh cláraithe faoin scéim chun cabhrú leo íoc as costais chúraim leanaí trí Ghaeilge, nó le cur ar chumas duine de na tuismitheoirí, le Gaeilge líofa, aire a thabhairt don pháiste sa bhaile.
3. Go mbeadh ar theaghlaigh clárú leis an eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta, agus go mbeadh cuairteanna baile eagraithe ag Tuismitheoirí na Gaeltachta le gach teaghlach sa scéim, le tacaíocht agus comhairle a chur ar an tuismitheoir/na tuismitheoirí.
4. Gur trí chuairteanna ar na teaghlaigh sa bhaile a dhéanfaí measúnú ar cé chomh maith is a bheadh ag éirí le teaghlach an

## Recommendations

1. That a new Scéim Labhairt na Gaeilge be initiated in 2022, targeting parents of children under 1 year initially and rolling it out, year on year, until it includes households where the youngest child is under 7 years of age: the objective being to encourage more Irish speaking parents in the Gaeltacht to speak Irish with their children from birth.
2. That an annual grant of €1,000 be made available to households, registered under the scheme, to help them with the costs of providing childcare through Irish or to help allow a parent with fluent Irish to care for the child / children at home.
3. That the household would be required to register with Tuismitheoirí na Gaeltachta, and accept home visits, organised by Tuismitheoirí na Gaeltachta for registered households, designed to provide supports and advice for the parents.
4. That evaluation as to how the household was succeeding in passing on the language to the child / children would be conducted through the home visits.
5. That resources be provided for Tuismitheoirí na Gaeltachta to administer the scheme in association with Language Planning Officers.

## Costas Measta

Nuair a cuireadh deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge, íocadh amach €666,510 mar dheontas. Bhí tuairim is €600,000 eile de chostais riaracháin ag baint leis an scéim chomh maith.

Tá thart ar 10,000 páiste sna ceantair oifigiúla Gaeltachta faoi bhun 7 mbliana d'aois. Nuair a chuirtear san áireamh nach raibh ach 33% de na teaghlaigh le páistí scoile acu a rinne iarratas faoi Scéim Labhairt na Gaeilge sa bhliain deiridh den scéim, agus nach raibh ach thart ar 22% de na páistí san aoisghrúpa réamhscoile sa Ghaeltacht ina cainteoirí Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais, bheadh sé réasúnta a bheith ag ceapadh go mbeadh thart ar 30% de na teaghlaigh ag iarraidh clárú faoin scéim.

Ar an gcaoi sin, chosnódh an deontas thart ar €3 mhilliún in aghaidh na bliana nuair a bheadh an scéim faoi lánseol, chomh maith le thart ar €600,000 leis an scéim a riaradh go bliantúil. (Bheadh an costas sa chéad bhliain den scéim ag brath ar chinneadh faoin scéim a bheith ar fáil do theaghlaigh le páiste faoi bhun 1 bhliain d'aois amháin nó do theaghlaigh le páistí a bhfuil gach duine acu faoi 6 bliana d'aois.)

## Estimated Cost

A total of €665,510 was paid out to households under Scéim Labhairt na Gaeilge in 2010/11, the last year of the scheme. It is estimated that the administration costs of the scheme were approximately €600,000.

There are approximately 10,000 children in official Gaeltacht areas under 7 years of age. Taking into account that approximately 33% of households with school going children in the official Gaeltacht applied to be part of Scéim Labhairt na Gaeilge and that 22% of Gaeltacht children in pre-school age group (3-4 years) were recorded as being daily speakers of Irish outside of education, it is reasonable to expect that approximately 30% of Gaeltacht households would register to be part of the scheme.

When fully operational the scheme would be expected to cost approximately €3,000,000 each year, with administration costing a further €600,000 per year. (The cost in the first year would depend on whether the scheme was opened up to households with children under 1 year only or to households with preschool children of any age.)

## Buntáistí

- Bheadh an €1,000 in aghaidh na bliana sách tarraingteach le go gcuirfeadh sé tuismitheoirí ag smaoineamh, ar cheart nó nár

## Advantages

- €1,000 annually should be sufficiently attractive to incentivise new parents in the Gaeltacht to think about speaking Irish to their child/children,

cheart an Ghaeilge a thabhairt mar theanga dhúchais don pháiste.

- Bheadh ar thuismitheoirí cinneadh coinsiasach a dhéanamh Gaeilge a labhairt leis an bpáiste ón tús agus clárú le Tuismitheoirí na Gaeltachta sula sroichfeadh an páiste a c(h)éad lá breithe.
- Bheadh aitheantas tugtha do thuismitheoirí a shocródh an Ghaeilge a thabhairt don pháiste mar chéad teanga ón gcliabhán.
- Bheadh comhairle agus pacáistí tacaíochta ar fáil ón tús do na tuismitheoirí.
- Bheadh cuairteanna baile á dtabhairt ag Tuismitheoirí na Gaeltachta le measúnú a dhéanamh ar an scéim agus le tacaíocht agus comhairle a thabhairt.
- Bheadh an scéim á cur i bhfeidhm mar chuid lárnach den phleanáil teanga sa Ghaeltacht, agus í ag tacú leis an bpróiseas sin le spriocanna a bhaint amach.
- Bheadh an t-eolas ón scéim úsáideach le measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn, nó a mhalairt, a bhí á dhéanamh sna Limistéir Phleanála Teanga.
- D'fhéadfadh scéim mar seo, ach í a chur i bhfeidhm go héifeachtach, stop a chur leis an gcreimeadh teanga sna ceantair Ghaeltachta. Creideann muid go bhféadfadh sé an taoille a chasadh agus borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge sa ghearrthéarma mar theanga teaghlaigh. San fhadtéarma, tacóidh sé leis an bpróiseas pleanála teanga ar bhealach dearfach suntasach.

so that it would become their first language.

- It would encourage Gaeltacht Irish speaking parents to make a conscious decision about whether or not to raise their child/children with Irish.
- It would give recognition to those parents who decide to pass on Irish to their child/children as a first language.
- Parents registered under the scheme would have support packages and advice available from the start.
- Home visits from Tuismitheoirí na Gaeltachta could be used to evaluate the scheme and provide advice and support.
- The scheme could be an integrated part of the language planning process in the Gaeltacht areas, contributing to achieving successful outcomes and to meeting targets set in local language plans.
- The information from operating the scheme could be used in evaluating the success or otherwise of the language planning process in the various Language Planning Areas.
- If the suggested scheme was successfully developed and effectively administered it could be a significant game changer. We believe it could turn the tide and arrest the decline in the use of Irish in Gaeltacht areas: in the short term it would increase the use of Irish as the language of the home and in the longer term it would support significantly the efforts of the language planning process in a positive way.

## Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh

I bhfianaise na fadhbanna sealbhaithe i leith na Gaeilge i measc aos óg na Gaeltachta a bhí aitheanta san *Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach*,[1] is léir go dteastaíonn idirghabháil láidir córasach chun glúin úr cainteoir dúcháis Gaeilge a chothú sa Ghaeltacht.

Is gá tuismitheoirí a spreagadh chun a bpáistí a thógáil le Gaeilge agus tá sé tábhachtach an cinneadh sin a éascú trí seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a chur ar fáil dóibh i nGaeilge.

De réir taighde a bhí foilsithe ag Tuismitheoirí na Gaeltachta le déanaí, tá fadhb suntasach ann maidir le soláthair seirbhísí tacaíochta teaghlaigh sna ceantair Gaeltachta.[2] De réir an taighde seo, níl seirbhísí tacaíochta teaghlaigh i nGaeilge ar fáil ach do 30% de theaghlaigh Gaeltachta. Tá seirbhís Béarla/dátheangach ar fáil do 22%, agus níl seirbhísí tacaíochta teaghlaigh in aon teanga ar fáil do 48% de theaghlaigh sa Ghaeltacht. Tá deis ann an bearna seo a líonadh le seirbhísí i nGaeilge agus rochtain ar seirbhísí tacaíochta teaghlaigh sa Ghaeltacht a fheabhsú go mór.

> *"Bunófar gréasán d'ionaid tacaíochta teaghlaigh ar fud na Gaeltachta. Bheadh sainordú ag na hionaid sin tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag iarraidh a bpáistí a thógáil le Gaeilge."*
>
> Dréachtpholasaí Gaeilge an Chomhaontais Glais, Lch 15

### Moladh

Moltar go mbunófaí scéim maoinithe nua: Clár Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh Gaeltachta, agus é mar aidhm aige maoiniú a chur ar fáil do bhunú Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh i ngach ceantar Gaeltachta. Bheadh sé mar ról ag na hionaid seo seirbhísí tacaíochta teaghlaigh a sholáthair i nGaeilge don bpobal. I measc na seirbhísí a chuirfear ar fáil sna hionaid seo, áirítear:

- cúrsaí réamhphósta
- cúrsaí réamhbhreithe
- cúrsaí tuismitheoireachta

---

[1] Pétervάry, T. Et Al. (2014) Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach. [Ar Líne] https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/iniuchadh-ar-an-gcumas-datheangach.pdf

[2] Tuismitheoirí na Gaeltachta (2021) Suirbhé ar Sheirbhísí Teaghlaigh sa Ghaeltacht: Torthaí. Lch 13. [Ar Líne] https://tuismitheoiri.ie/wp-content/uploads/2021/04/Suirbhe-ar-Sheirbhisi-Teaghlaigh-sa-Ghaeltacht-Tuismitheoiri-na-Gaeltachta-Aibrean-2021.pdf

- grúpa tacaíochta cothú cíche
- grúpa tuismitheoir agus linbh
- scéim cuairteanna baile
- seirbhísí agus imeachtaí óige
- seirbhísí tacaíochta teanga
- seirbhísí teiripe labhartha agus síceolaíochta (i gcomhar leis na seirbhísí sláinte).
- seirbhísí cúram leanaí
- seirbhísí réamhscoile (i gcomhar le CNNG)
- seirbhísí iarscoile

Tagann an beart seo leis na moltaí a bhí déanta sa SCT.[3]

> *"Beidh gá le seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta teaghlaigh a chur ar fáil mar chúnamh do thuismitheoirí ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge amach anseo, má táthar le teacht i dtír ar an gcumas Gaeilge atá ag an nglúin reatha daoine óga Gaeltachta agus ar an bhfonn atá ar a bhformhór a gclann a thógáil le Gaeilge."* (SCT, Lch 447)

### Múnla

Moltar go mbeadh na hionaid tacaíochta teaghlaigh seo bunaithe de réir an múnla atá ag TUSLA d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh a fheidhmíonn faoin gClár Ionaid Acmhainní Teaghlaigh agus Seirbhísí Pobail. Faoin gclár seo tá 121 Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (FRC)[4] ag feidhmiú ar fud na tíre le buiséad de €18.5m (2019)[5]. Cuirtear maoiniú ar fáil do chomhlachtaí pobail bhunaithe beirt nó triúir a fhostú ar bhonn lánaimseartha chun clár oibre aontaithe a chur i bhfeidhm. Níl ach ceann amháin acu seo lonnaithe i gceantar Gaeltachta, i dTuaisceart Dhún na nGall.[6] Meastar go mbeadh gá le 10-12 ionaid ar chostas iomlán thart ar €2m in aghaidh na bliana leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm.

Ní bheadh sé i gceist ag an gClár Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh Gaeltachta dúbláil a dhéanamh ar na seirbhísí atá curtha ar fáil cheana ag eagraíochtaí ar nós Tuismitheoirí na Gaeltachta agus Tús Maith. Bheadh sé i gceist cur leis na seirbhísí seo, na bearnaí a líonadh sna ceantair ina bhfuil easpa seirbhísí ar fáil ar an dtalamh, agus bunús níos láidre a chur faoin earnáil sa Ghaeltacht trí chéile.

---

[3] Ó Giollagáin, C. Et Al. (2007) Staidéir Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Lch 538 [Ar Líne] https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2017/06/Staide%CC%81ar-Cuimsitheach-Teangeolai%CC%81och.pdf

[4] TUSLA, Family Resource Centres. https://www.tusla.ie/services/family-community-support/family-resource-centres/

[5] TUSLA, Annual Report 2019. Lch 120. https://www.tusla.ie/uploads/content/Tusla-Annual-Report-2019-eng-web.pdf

[6] Mevagh FRC. https://www.familyresource.ie/details.php?ID=46

# IARSCRÍBHINN IX



## Bunaithe ar an Daonlathas

De bharr éileamh le linn na 1970aí ó ghrúpaí pobail sa Ghaeltacht, d'Údarás daonlathach Gaeltachta tofa ag an bpobal, bunaíodh Údarás na Gaeltachta.

Mar thoradh ar an bhfeachtas ar son Údarás daonlathach reáchtáladh an chéad thoghchán i mí na Nollag 1979 le ionadaithe óna phobail Gaeltachta a roghnú le suí ar bhord Údarás na Gaeltachta. Ghlac Údarás na Gaeltachta freagracht as gach a bhí ar bun roimhe sin ag Gaeltarra Éireann. Bhí difríocht mhór amháin idir an dá eagraíocht: bhí seachtar as triúr déag ar Bhord an Údaráis tofa go daonlathach ag pobail na Gaeltachta agus an seisear eile, an Cathaoirleach ina measc, ainmnithe ag Aire na Gaeltachta.

Sa bhliain 2005 méadaíodh líon na mball ar Bhord an Údaráis go fiche trí, ochtar déag tofa go daonlathach agus cúigear ainmnithe ag an Aire.

Le Acht na Gaeltachta 2012, chuir an comhrialtas Fine Gael/Lucht Oibre deireadh le toghcháin an Údaráis. In áit na dtoghchán tugadh an chumhacht do na h-údaráis áitiúla le ceantair Ghaeltachta faoina gcúram, an ionadaíocht ón nGaeltacht a ainmniú ar Bhord an Údaráis.

De ghnáth ainmnítear ball den Chomhairle Chontae ón nGaeltacht, nó duine ón nGaeltacht sa chás nach bhfuil comhairleoir feiliúnach ón nGaeltacht ar fáil, ar Bhord an Údaráis. Níl sé riachtanach faoin Acht é a dhéanamh, áfach. Sa bhliain 2019 roghnaigh Comhairle Contae na Gaillimhe agus

## Founded on Democracy

During the 1970s, resulting from the campaign of many Gaeltacht community bodies demanding a democratically elected Gaeltacht Authority, Údarás na Gaeltachta was established.

The first election was held in December 1979 to choose representatives from the Gaeltacht communities to sit on the board of the newly created Údarás na Gaeltachta, a statutory body which took over the functions previously held by Gaeltarra Éireann. There was one significant difference between the two organisations: seven of the thirteen members of the Údarás Board were democratically elected by voters in the Gaeltacht, and the six other members – including the Chairperson - were nominated by the Minister.

In 2005 the board was increased to twenty-three, of whom eighteen were elected and five were appointed by the Minister.

The Fine Gael/Labour coalition government, when enacting the Gaeltacht Act 2012, abolished the direct elections and transferred the power to Gaeltacht local authorities to nominate Gaeltacht representatives to the board of Údarás na Gaeltachta.

It has been customary for most Gaeltacht local authorities to nominate one of their members from the Gaeltacht, or a person from the Gaeltacht where a suitable councillor from the Gaeltacht is not available, but they are not obliged to do so under the Act. In 2019 both Galway County Council

Comhairle Contae Mhaigh Eo comhairleoirí contae nár bhain leis an nGaeltacht mar ionadaithe na gceantar Gaeltachta atá faoina gcúram.

Is é an gné daonlathach an údar a cuireadh Údarás na Gaeltachta ar bun faoi Acht na Gaeltachta 1979. Bhí tábhacht faoi leith ag baint le cead a thabhairt do vótálaithe sna Gaeltachtaí a n-ionadaithe féin a roghnú ar Bhord an Údaráis, ó thaobh cumasú an phobail. Chomh maith leis sin díríodh aird sna meáin agus sa dioscúrsa poiblí ar obair an Údaráis agus ar cheist na Gaeltachta le linn feachtais toghchánaíochta, go speisialta nuair a bhíodh toghcháin an Údaráis á reáchtáil astu féin, gan aon toghchán eile ar an lá céanna.

Mar thoradh le deireadh a chur le toghchán díreach do Bhord Údarás na Gaeltachta, tá díchumasú déanta ar pobail na Gaeltachta agus is féidir a rá:

a) go mbraitheann daoine ón nGaeltacht nach bhfuil an ionchur céanna acu a thuilleadh in obair an Údaráis agus nach bhfuil an oiread seilbh ag an bpobail ar an eagraíocht is tábhachtaí atá ag plé le todhchaí na Gaeltachta ó lá go lá, mar a bhíodh;
b) nach mbíonn fios ag daoine sa Ghaeltacht cé hiad a gcuid 'ionadaithe' ar Bhord an Údaráis agus dá bharr tá bearna cumarsáide idir an Údarás agus na pobail Gaeltachta, rud nach bhfuil sláintiúil don Údarás ná do na eagraíochtaí pobail, atá ag iarraidh déileáil leis an éigeandáil teanga atá sa Ghaeltacht;
c) nach mbíonn an oiread aird a thuilleadh sna meáin chumarsáide ar

and Mayo County Council appointed county councillors from outside the Gaeltacht as representatives of the Gaeltacht areas under their remit.

The democratic dimension was the purpose of setting up Údarás na Gaeltachta in 1979. Allowing voters in the Gaeltacht to select their own representatives to the board of the Údarás gave a real sense of empowerment to Gaeltacht communities. It also focused media attention and political discourse on the Údarás and the Gaeltacht for the period of the election campaign, particularly when the Údarás na Gaeltachta elections were organised on a stand-alone basis.

As a result of doing away with the direct elections to the board of Údarás na Gaeltachta, it is clear that Gaeltacht communities have been disempowered. It is also fair to say:

a) that people from the Gaeltacht feel they have less input than before in the affairs of the Údarás, and don't feel the same degree of community ownership over the most important organisation working on a day-to-day basis for the future of the Gaeltacht;
b) that Gaeltacht communities are not aware of who has been appointed to the board of Údarás na Gaeltachta as their local representatives, resulting in a communication gap opening up between the Údarás and the communities it is designed to serve, which is not conducive to promoting a co-ordinated strategy, in dealing with the language crisis;
c) the functioning of the Údarás and

graithí an Údaráis agus nach mbíonn fadhbanna na Gaeltachta á bplé go poiblí an oiread is a bhíodh go háitiúil ná go náisiúnta.

Gaeltacht issues receive less media attention and are not part of public discourse to the same extent as they were.

Ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach daonlathais an Údaráis a bhunú arís, ach i bhfianaise éigeandáil teanga na Gaeltachta, teastaíonn leathnú ar ról agus cumhachtaí an Údaráis. Táimid den tuairim go dteastaíonn leasú ar Acht na Gaeltachta 2012 chun na fadhbanna seo a chur ina cheart. Tá polasaí an pháirtí soiléir ar an ábhar seo.

Not only is it important to re-establish democracy in the selection of the Údarás board, but in light of the language crisis in the Gaeltacht, it is necessary to expand the remit and powers of the Údarás. We are of the opinion that an amendment to the Gaeltacht Act 2012 is needed to resolve these problems. Green Party policy is clear in this regard.

*Is mian leis an gComhaontas Glas go gcuirfear i gcrích gan mhoill an leasú reachtaíochta is gá chun go leathnófar cúraimí Údarás na Gaeltachta ón tionsclú amháin go cúraimí sóisialta, cultúrtha agus teanga. Tá an t-éileamh seo ag teacht le héileamh phobal na Gaeltachta le fada an lá agus caithfidh an leasú sin a bheith bunaithe ar chomhairliúchán le pobal na Gaeltachta/Gaeilge agus a mianta siúd. Ní chreideann an Comhaontas Glas gur baineadh seo amach le hAcht na Gaeltachta, 2012, agus aontaíonn an páirtí le míshástacht phobal na Gaeilge agus pleanálaithe teanga leis an reachtaíocht áirithe seo.*

*The Green Party calls for the speedy introduction of a legislative amendment so that the functions of Údarás na Gaeltachta are broadened from industrialisation to social, cultural and linguistic matters. This demand is in keeping with the wishes of the Gaeltacht community for many years and that amendment/reform must be based on consultation with the Gaeltacht/Irish language community and their wishes. The Green Party does not believe that this was achieved with the 2012 Gaeltacht Act and the party agrees with the unhappiness of the Irish-speaking community and language planners with this particular piece of legislation.*

## Moltaí

1) Go gcuirfí tús le comhairliúchán poiblí, chomh luath agus is féidir, le athbhreithniú a dhéanamh ar Acht na Gaeltachta 2012 (Cuid 3), an chuid sin den Acht a chlúdaíonn an modh le daoine a roghnú do Bhord an Údaráis.
2) Go ndéanfaí scrúdú géar ar na feidhmeanna agus na cumhachtaí atá ag an Údarás, féachaint an bhféadfaí cur leo go reachtúil, le go mbeadh an tÚdarás in ann dul i ngleic i mbealach níos éifeachtaí leis na dúshláin éagsúla soc-theangeolaíocha sa Ghaeltacht. Bheadh sé mar aidhm leis an géar scrúdú na cumhachtaí reachtúla cuí a theastaíonn ón Údarás a aithint ionas go mbeifear in ann déileáil le soláthar tithíochta do chainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht, chomh maith le seirbhísí do theaghlaigh, ar nós Scéim Nua Labhairt na Gaeilge, le tuismitheoirí a spreagadh i leith úsáid na Gaeilge.
3) Go ndéanfaí an reachtaíocht chuí a thabhairt os comhair an Oireachtais le linn 2022 le Acht na Gaeltachta 2012 a leasú le go mbeifear in ann: (i) ról agus cumhacht reachtúil an Údaráis a leathnú, agus (ii) ionadaithe ón nGaeltacht a thoghadh go daonlathach don chéad Bord eile ar Údarás na Gaeltachta le linn na bliana 2023, i dtoghchán as féin. Is fearr toghchán as féin a reáchtáil, mar go ndíreodh sé aird na meán ar Éigeandáil na Gaeltachta le linn an fheachtais agus laghdódh sé an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na ceantair oifigiúla Gaeltachta nach bhfuil mórán cainteoirí Gaeilge iontu, cosúil leis na eastáit tithíochta ar imeall Chathair na Gaillimhe.

## Recommendations

1) That a public consultation be initiated, as soon as possible, to review the Gaeltacht Act 2012 (Part 3), the provisions of the Act dealing with the selection of representatives for the board of the Údarás.
2) That a scoping exercise be undertaken to examine how the powers and functions of the Údarás may be expanded to enable it to respond more effectively to the sociolinguistic challenges in the Gaeltacht. This review should be carried out with a view to identifying the statutory powers needed to enable it to deal with housing provision for Irish speakers in the Gaeltacht in particular, as well as providing schemes and services to encourage families to use Irish, such as a new Scéim Labhairt na Gaeilge.
3) That legislation to amend the Gaeltacht Act 2012 be brought before the Oireachtas during 2022, to provide for: (i) expanding the statutory powers and functions of the Údarás; (ii) laying out the method of democratically electing Gaeltacht representatives to the next board of Údarás na Gaeltachta, preferably in a stand-alone election in 2023. A stand-alone election would be preferable, as this would allow for a greater focus on the linguistic crisis in the Gaeltacht during the election campaign and would also reduce the impact of non-Irish speaking areas, such as housing estates in the suburbs of Galway City.

# IARSCRÍBHINN X



## Cur Chuige Cearta Bhunaithe

Is polasaí leis an gComhaontas Glas go bhfuil sé de cheart ag muintir na Gaeltachta seirbhísí stáit a fháil trí mheán na Gaeilge.

*Leasódh an Comhaontas Glas Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) chun soláthair seirbhísí trí Ghaeilge sa Ghaeltacht a chumhdach sa reachtaíocht mar cheart bunúsach.*

Tá sé ráite sa chlár rialtais go bhfuil sé i gceist Bille na dTeangacha Oifigiúla a láidriú. Aithnítear go forleathan gurb é ceann de na laigí is mó atá ar bhille na dteangacha oifigiúla ná nach bhfuil foráil dhíreach ann a chinntíonn go mbeidh seirbhisí stáit curtha ar fáil i nGaeilge sa Ghaeltacht gan cheist, gan choinníoll. Teastaíonn cur chuige cearta bhunaithe. Tá muintir na Gaeltachta ag fanacht le fada an lá lena gceart a fháil.

## A Rights Based Approach

It is the policy of the Green Party that the Gaeltacht community has a right to access public services in their own language.

*The Green Party would amend the Official Languages Act (2003) to ensure that the provision of services through Irish in the Gaeltacht is enshrined in legislation as a basic right*

The Programme for Government promises that the Official Languages Bill will be strengthened. It is widely recognised that the greatest weakness in the current bill is the lack of a specific provision ensuring that public services will be available through Irish to the Gaeltacht, without question or condition. A rights-based approach is needed. The Gaeltacht community has waited long enough for their rights to be recognised.

## Dualgas agus Díolúine

Iarrtar ar an Aire foráil dhíreach a chur sa bhille a leagann dualgas reachtúil ginearálta ar chomhlachtaí poiblí maidir le seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil i gceantracha Gaeltachta.

## Duty and Derogation

We ask the Minister to include a specific provision in the bill which places a statutory duty on public bodies to provide public services in Irish to Gaeltacht areas.

Moltar cead a thabhairt don Aire sa bhille díolúine ón ndualgas ginearálta sin a bhronnadh ar chomhlachtaí poiblí, ar bhonn eisceachtúla, ionas go mbeidh meicníocht ar fáil sa bhille chun fadhbanna praiticiúla a thiocfaidh chun tosaigh ó am go chéile a mhaolú. Bheadh ar an gcomhlacht poiblí atá ag lorg díolúine cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil fadhb praiticiúil suntasach acu a bhaineann leis an ndualgas atá leagtha orthu ag an mbille. Bronnfar an díolúine ar feadh tréimhse ama sainithe ar mhaithe leis an bhfadhb sin amháin a mhaolú, agus bheadh ar an gcomhlacht poiblí na céimeanna a ghlacfar chun an fhadhb sin a chur ina cheart a aontú leis an Aire, ionas go mbeidh siad in ann cloí leis an ndualgas reachtúil atá orthu.

Sa tslí seo is féidir saoirse a thabhairt don seirbhís phoiblí aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna praiticiúla de réir mar is gá, gan chearta mhuintir na Gaeltachta a fhágáil ar lár ón mbille.

Iarrtar ar an Aire foráil atá ag teacht leis an moladh thíos a thabhairt chun tosaigh ag céim na tuarascála.

a) go bhfuil dualgas ar gach comhlacht poiblí na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí mheán an Bhéarla a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaoine atá lonnaithe i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta.
b) go bhfuil dualgas ar gach comhlacht poiblí cinnte a dhéanamh de go mbeidh cumas sa Ghaeilge labhartha ag leibhéal B2 i bhFráma Tagartha

We recommend that the Minister be given the power in the bill to grant a derogation from this duty to public bodies on a case-by-case basis. This will create a mechanism within the bill to address practical difficulties which may arise from time to time. A public body seeking a derogation would be required to provide evidence of the difficulty they face arising from the duty placed upon them by the bill. A derogation may only be granted for a specified period of time, and for the sole purpose of addressing this difficulty. The public body would be required to agree with the Minister the measures they will implement to ensure that the problem is resolved so that they become compliant with the duty placed upon them.

In this way freedom can be given to the public service to address practical difficulties as necessary, while also recognising the rights of the Gaeltacht community in the bill.

We ask the Minister to bring forward an amendment in line with the below recommendation at the report stage.

a) that there is a duty on all public bodies to provide through the medium of Irish all services made available by it through the medium of English, to persons based in a Gaeltacht Language Planning Area.
b) that there is a duty on all public bodies to ensure that all persons employed by, or on behalf of, that public body, in any office it has in a

Comónta Eorpach do na Teangacha (an leibhéal forordaithe Gaeilge') ar a laghad ag gach duine atá fostaithe ag an gcomhlacht sin, nó thar a chinn, in aon oifig dá chuid i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta. Ní bhaineann an t-alt seo de chearta aon fhostaí den tseirbhís phoiblí atá fostaithe in oifig lena mbaineann an t-alt seo an lá a dtagann an t-alt i ngnímh agus suas go dtí bliain tar éis an lae sin.

c) gan dochar do ghinearáltacht mhíreanna (a) agus (b), féadfaidh an tAire, de réir moladh ón gCoiste Comhairleach, díolúine a thabhairt do chomhlacht poiblí ainmnithe ar feadh tréimhse ama sainithe (nach mó ná cúig bhliana) chun fadhbanna praiticiúla suntasacha maidir le cur i ngnímh na ndualgas sonraithe i míreanna (a) agus (b) a mhaolú. Sa chás seo, beidh ar an gcomhlacht poiblí na céimeanna a ghlacfar chun an fhadhb atá mar bhunús na díolúine a chur ina cheart a aontú leis an Aire.

Gaeltacht Language Planning Area, will have an oral ability in the Irish Language of at least the level B2 in the Common European Framework of Reference for Languages (the prescribed level of Irish). This article does not affect the rights of any public sector employee stationed in any office to which this article applies on the day upon which the article comes into effect, and up to one year from that date.

c) without prejudice to the generality of paragraphs (a) and (b), the Minister may, on the recommendation of the Advisory Committee, grant a derogation to a named public body for a specified period (not greater than five years) to address substantial difficulties in relation to the implementation of the duties detailed in paragraphs (a) and (b). In this case, the public body shall be required to agree with the Minister the measures it will implement to resolve the problem which forms the basis for the derogation.

# IARSCRÍBHINN XI

## Bord Oideachais Gaeltachta

**Is léir thar aon rud eile gur den riachtanas é go mbeidh freagracht iomlán maidir le córas oideachais Gaeltachta ar aon institiúid amháin**.

Go mbeidh cumhacht ag an institiúid sin polasaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm taobh istigh de pholasaithe ginearálta náisiúnta mar a bheidh á gceapadh ag an Roinn Oideachais

Go mbeadh cumhacht ag an institiúid sin pleanáil a dhéanamh, polasaithe oideachais don Ghaeltacht a cheapadh agus a fheidhmiú, beartais ar leith a chur chun cinn, comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí leasmhara eile

**Moltaí**

Go mbunófaí Bord Oideachais Gaeltachta, bord feidhmeach ar a leagfaí cúram iomlán an Oideachais Ghaeltachta ón réamhscolaíocht go dttí an triú leibhéal agus go dtabharfaí don Bhoird sin na cumhachtaí reachtúla agus na hacmhainní cuí a chuirfeadh ar a chumas na cúraimí sin a chur i gcrích.

Go gcuirfí cúram an Oideachais Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge ar Aire Stáit de chuid na Roinne Oideachais.

**Príomhchúraimí a bheadh ar Bhord don Oideachas Gaeltachta:**

1. Polasaithe a cheapadh agus a fheidhmiú bunaithe ar thaighde agus ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta
2. Seirbhísí cuí a sholáthar mar thacaíocht don mhéid sin
3. Córas oideachais cuí a sholáthair do mhuintir na Gaeltachta
4. Oibriú i bpáirt le geallsealbhóirí eile ar nós na mBord Oideachais, na Patrúin, an tSFSláinte, na hOllscoileanna, na ceardchumainn srl
5. Guth na Gaeltachta a chur chun cinn ag an leibhéal náisiúnta
6. Taighde a choimisiúnú a chinnteoidh go bhfuil an cur chuige bunaithe ar thaighde agus ar na dea-chleachtais is fearr agus is nuálaí

**Feidhmeanna agus Cúraimí an Bhoird**

Cumhacht pleanála,

ceapadh agus feidhmiú polasaithe,

comhordú agus cúraimí tacaíochta

soláthar seirbhísí a bhainfeadh le hoideachais réamhscoile, bunoideachas, iarbhunoideachas, oideachas pobail, fadsaoil agus triú leibhéal.

D'fhanfadh cumhacht ceapadh múinteoirí leis na Boird Bhainistíochta scoileanna mar atá

D'fhanfadh na patrúin scoile mar atá, ach go gcaithfeadh na Boird Bainistíochta aird a thabhairt ar pholasaithe an Bhoird.

**Ceapadh agus Feidhmiú Polasaí**

Gá le próiséas comhairliúcháin a leanacht idir na geallsealbhóirí ar fad: tuistí, múinteoirí, Patrúin agus saineolaithe i réimse an dátheangachais go háirithe.

**Ceapadh Foireann tacaíochta**

Foireann ceaptha go díreach ag an mBord: síceolaithe, teiripeoirí teanga, speisialtóirí i múineadh teangacha, comhairleoirí teanga, múinteoirí acmhainne srl

**Seirbhísí tacaíochta Curaclaim:**

Taighde a choimisiúnú a chuirfeadh ar chumas an Bhoird labhairt go húdarásach ar an Oideachas Gaeltachta.

Pleanáil a dhéanamh i leith forbairt foirne

Soláthar seirbhisí TF agus Leabharlainne

Comhoibriú dlúth leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaiochta mar a bhaineann sé le :

(i) Oiliúint muinteoiri
(ii) Forbairt ábhar teagasc
(iii) Taighde a dhéanamh

**Polasaithe a theastódh**

**Struchtúr**

- Soláthar foirgneamh agus cóiríochta
- Soláthar múinteoirí
- Soláthar maidir le painéil múinteoirí
- Soláthar maidir le háiseanna teagaisc

**Próiséas**

- Teagasc an chéad agus dara Teanga
-

- Teagasc ábhair eile tré Ghaeilge
- Forbairt áiseanna teagaisc
- Forbairt ghairmiúil múinteoirí
- Forbairt deiseanna sealbhaithe teanga do thuistí
- Polasaithe le hardchaighdeáin a chinntiú

**Rochtain**

- Comhoibriú idir scoileanna/ Cónascadh scoileanna
- Seirbhísí tacaíochta Oideachais agus Sláinte
- Seirbhísí spóirt agus  caitheamh aimsire
- Seirbhísí gairmthreorach
- Seirbhísí Leabharlainne agus TF